# Tuarascáil Bhliantúil 2023



ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
IRISH AVIATION AUTHORITY



# Clár Ábhar

**Príomhtheachtaireachtaí 2023** 2

**Príomhfhigiúirí 2023** 3

**Luachanna IAA** 4

**Ráiteas an Chathaoirligh ar Thuarascáil Bhliantúil 2023 IAA** 5

**Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** 8

- An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 8
- Radharc chun Tosaigh ar an Tionscal 9
- Nuálaíocht agus Teicneolaíochtaí ag Teacht Chun Cinn 9
- An Timpeallacht 10
- Nóta Buíochais 10

**Athbhreithniú Oibríochtaí** 11

- Ról IAA 12
- Clár Sábháilteachta Stáit agus Plean Sábháilteachta Eitlíochta 14
- Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht Sábháilteachta 15
- Clárú Aerárthaí 16
- Ceadúnú Pearsanra 17
- Córais Aerárthaí Gan Foireann (UAS) 18
- Slándáil Eitlíochta 19
- Athruithe Rialála 19
- Cearta Aerphaisinéirí agus Daoine Beagluaineachta 20
- Rialáil Eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath 22
- Muirearú agus Feidhmíocht Seirbhísí Aerloingseoireachta faoi Rialacháin Aerspáis Eorpaigh Aonair 25
- Rialáil Eacnamaíoch arb ionann í agus Dea-chleachtas Idirnáisiúnta 26
- Ceadúnú Aeriompróra 26
- Ceaduithe Láimhseála ar an Talamh 26
- Ceadúnú Trádála Taistil 26
- Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 28
- Ár mBaill Foirne agus Eagraíocht 29
- IAA Idirnáisiúnta 30
- Freagrachtaí i leith na Timpeallachta 31

**Athbhreithniú Airgeadais** 32

**Tuairisc na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais** 37

# Príomhtheactaireachtaí 2023

**Athstruchtúrú an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair** curtha i gcrích

**Níor tharla aon timpiste aerárthaigh** mharfaigh in 2023

**Tá tionchar leanúnach ag an gCogadh san Úcráin** ar an earnáil eitlíochta, agus tá an riosca a bhaineann le coinbhleachtaí ag méadú

D'éirigh leis an tionscal eitlíochta **dul chun cinn suntasach a dhéanamh** i ndiaidh COVID

**Dúshláin acmhainne** ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

**Ceanglais rialála** nua tugtha isteach

**Fás leanúnach ar UAS** agus cur le forbairt na hAer-shoghluaisteachta Nuálaí

# Príomhfhigiúirí 2023

**Láimhdeachas €91m**

**Brabús i ndiaidh cánach**
€0.7m

**Glansócmhainní**
€61.6m

**Clár na nAerárthach**
1,360

**Aerloingeas AOC na hÉireann/Aerloingeas léasa eachtraigh**
663

**Aerloingeas Ginearálta**
626

**Teastais Inniúlachta Oibreoirí & píolótaí UAS**
18,000+

**Ceadúnais Pearsanra Eitilte**
19,500+

**Gearáin maidir le Cearta Aerphaisinéirí**
3,127

**Gearáin ó Dhaoine Beagluaineachta**
21

# Luachanna IAA

## An chaoi a ndéanann muid é

**Tá cúrsaí sábháilteachta tábhachtach**
Is muide na saineolaithe tionscail agus na húdaráis inár réimse.

**Soiléir agus freagrúil**
Is féidir teagmháil a dhéanamh linn go héasca. Tá ár ngealltanais seirbhíse poiblí á gcomhlíonadh agus á sárú againn, agus tá tréaniarracht á déanamh againn eolas soiléir a chur ar fáil agus cabhrú le daoine gach gné de rialáil a thuiscint.

**Tacaímid le barr feabhais a bhaint amach**
Ag leibhéal an duine aonair agus na foirne ar fad, cinntímid go bhfuil ár gcleachtais agus feidhmíocht ag an gcaighdeán is airde agus is féidir san earnáil eitlíochta domhanda, agus go bhfuil siad á gcur chun feidhme i gcónaí.

**Comhoibríoch**
Tacaímid le hobair foirne laistigh den Údarás, agus oibrímid le páirtithe leasmhara agus le cliaint chun réitigh a aimsiú.

**Is iad ár mbaill foirne ár n-acmhainn is luachmhaire**
Tá daoine i gcroílár gach a ndéanann muid. Is iad ár ngairmiúlacht agus tiomantas an difríocht is mó atá eadrainn féin agus eagraíochtaí eile.

**Tacaímid le cleachtais atá inbhuanaithe agus freagrach**
Is é an aidhm atá againn tacú le forbairt na hearnála eitlíochta ar bhealach atá inbhuanaithe agus freagrach, agus an riachtanas maidir le cosaint ár dtimpeallachta comhroinnte a chomhlíonadh.

# Ráiteas ón gCathaoirleach



**Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2023 Údarás Eitlíochta na hÉireann a chur in bhur láthair; bliain inar cuireadh chun feidhme an t-atheagrú is suntasaí ar rialáil na heitlíochta sibhialta in Éirinn le blianta fada anuas.**

## Atheagrú na hEitlíochta Sibhialta

Síníodh Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 ina dhlí i mí na Nollag 2022. Foráladh san Acht d'athstruchtúrú chreat rialála eitlíochta sibhialta na hÉireann d'fhonn a chinntiú go raibh dea-chleachtas idirnáisiúnta á chomhlíonadh. Foráladh san Acht d'fheidhmeanna rialála sábháilteachta agus slándála Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) a chumasc le feidhmeanna eacnamaíocha agus cosanta tomhaltóirí an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, laistigh de IAA, chun rialtóir eitlíochta sibhialta aonair a chruthú. Chomh maith leis sin, foráladh san Acht d'aistriú feidhmeanna aerloingseoireachta IAA chuig cuideachta tráchtála, leathstáit ar leithligh, Seirbhís Aerloingseoirseachta na hÉireann DAC, ag trádáil mar AirNav na hÉireann.

Tharla an cumasc agus an scaradh seo go foirmiúil ar an 1 Bealtaine 2023.

Rinne foireann IAA agus an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta obair mhór chun bunú na cuideachta nua, Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann DAC, ag trádáil mar AirNav na hÉireann, mar aon le díscaoileadh, scaradh agus cumasc éifeachtach an Choimisiúin, a phleanáil agus a ullmhú, ar bhealach a chinntigh gur leanadh ar aghaidh le seirbhís éifeachtach a chur ar fáil don phobal. Is fianaise é an cuspóir sin a bheith comhlíonta ar an obair mhór a rinne na baill foirne ar fad agus is mian liom tréaslú leo as an obair a rinne siad.

Is mian liom an deis seo a thapú chun fáilte a chur arís roimh fhoireann an Choimisiúin atá anois ag feidhmiú ina mbaile nua laistigh de IAA agus guím gach rath orthu amach anseo. Ar an gcuma chéanna, is mian liom gach rath a ghuí ar m'iarchomhghleacaithe in IAA atá anois ag obair in AirNav na hÉireann.

Mar chuid den scaradh aistríodh breis is 500 ball foirne ó IAA agus luach de thart ar €310 milliún de réadmhaoin agus de shócmhainní eile go dtí AirNav na hÉireann.


## Rialáil na heitlíochta sibhialta

Anois tá IAA ag feidhmiú mar rialtóir shábháilteacht agus shlándáil na heitlíochta sibhialta agus mar aon rialtóir eacnamaíoch san earnáil eitlíochta. Rinneadh an obair a bhain leis an atheagrú fad is a lean IAA

ar aghaidh ag díriú ar a phríomhthosaíocht - rialáil sábháilteachta na heitlíochta sibhialta in Éirinn. Lena chois sin, i rith na bliana, bhí feidhmeanna reachtúla a bhain le seirbhísí aerloingseoireachta le comhlíonadh ag IAA i rith na bliana. Is í sábháilteacht an phríomhthosaíocht chomh fada is a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar, agus d'éirigh leis an gcuideachta díriú go héifeachtach ar chúrsaí sábháilteachta. Tá an fheidhm a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar aistrithe go dtí AirNav na hÉireann anois.

Mar atá léirithe sa chairt thíos, atá bunaithe ar fhigiúirí atá le fáil ón bPríomhoifig Staidrimh[1], is í an treocht a bhaineann le trácht paisinéirí sna príomh-aerfoirt sa Stát, eadhon Corcaigh, Baile Átha Cliath, Ciarraí, Cnoc Mhuire agus Sionainn, go bhfuil an trácht anois mar a bhí roimh Covid.

Paisinéirí ag príomhaerfoirt




## Achoimre ar an toradh oibriúcháin

Thuairiscigh IAA caillteanas oibriúcháin de €1.94 milliún agus brabús i ndiaidh cánach de €0.67 milliún do bhliain airgeadais 2023.

Mar gheall ar atheagrú fhoireann na cuideachta, tá athrú suntasach tagtha ar shócmhainní, ioncam, costais agus brabús IAA le bliain anuas i gcomparáid le 2022.

Laghdaigh glansócmhainní thart ar 83% ó €363 milliún go dtí €62 milliún.

Tharla scaradh na cuideachta ar an 1 Bealtaine 2023, agus dá réir sin, cuimsítear sna ráitis airgeadais an t-ioncam agus na costais do struchtúr iarchuideachta iomlán IAA go dtí deireadh mhí Aibreáin. Ina dhiaidh sin, ní chuimsítear san ioncam agus sna costais iarghnó soláthar seirbhíse aerloingseoireachta IAA ach cuimsítear iontu iarghnó an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, a cumascadh le IAA ar an dáta céanna.

Lena chois sin, níl IAA ag feidhmiú mar ghrúpa cuideachtaí níos mó. Tá a scairsheilbh in dhá chuideachta – IAA North Atlantic Inc. agus Entry Point North AB, aistrithe go dtí AirNav na hÉireann.

Ciallaíonn an leibhéal athraithe seo go mbeidh deacrachtaí ag an léitheoir figiúirí airgeadais na cuideachta a chur i gcomparáid ar bhonn iontamhla don bhliain 2023 agus 2022, de bhrí go bhfuil an

[1] https://data.cso.ie/#, féach TAM 08 Paisinéirí ar dhéileáil príomhaerfoirt leo.

gnó bunúsach fágtha sách difriúil. San áireamh sna ráitis airgeadais tá leid maidir leis an leibhéal gnó ar leanadh leis i gcomparáid leis an leibhéal gnó nár leanadh leis.

De réir Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, d'ullmhaigh an chuideachta tuarascáil bhliantúil agus cuntais deiridh don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta, eagraíocht atá díscaoilte anois. Cuireadh iad seo faoi bhráid an Aire Iompair, de réir mar a cheanglaítear, i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe boird as a gcuid tacaíochta agus díograise i rith na bliana. Gné d'Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, ba ea gur cheadaigh sé stiúrthóirí áirithe a aistriú chuig an gcuideachta aerloingseoireachta nua. D'éirigh an tUasal Cian Blackwell, Eimear O'Rourke, Uasal, agus an tUasal Peter Kearney, as a róil mar stiúrthóirí ar bhord IAA agus ceapadh iad mar bhaill de bhord stiúrthóirí nua Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann DAC. Chomh maith leis sin, ainmníodh an tUasal Peter Kearney mar POF na cuideachta nua. Is mian liom buíochas a ghabháil leo as an obair atá déanta acu ar mhaithe le IAA agus guím gach rath orthu ina róil nua. Chomh maith leis sin, ceapadh stiúrthóirí nua ar bhord IAA in 2023: Ceapadh an tUas. Dermot Griffin agus an tUas. Patrick Knight i mí Aibreáin, agus an Dr Ann McGarry agus an Uas Nóirín O'Sullivan i mí Bealtaine. Chuir an tUasal Declan Fitzpatrick, stiúrthóir IAA, tús lena phost nua mar POF IAA ar an 1 Bealtaine. Ar deireadh, d'éirigh an tUasal Ernie Donnelly as a chúraimí mar bhall de bhord IAA i mí Dheireadh Fómhair, i ndiaidh dó an líon uasta tréimhsí a chur i gcrích in imeacht deich mbliana. Is mian liom buíochas a ghabháil le Ernie as an tréimhse fhada a chaith sé ag feidhmiú mar bhall den bhord.

Athrú eile ba ea atheagrú Choistí Boird IAA ba chúis le Coiste Timpeallachta nua a chruthú chun maoirseacht a dhéanamh ar IAA fad is a bhí a oibleagáidí faoin gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide á gcur chun feidhme aige. Ina theannta sin, chun a ghealltanas maidir le dícharbónú na hearnála poiblí a dheimhniú, tá IAA anois ina bhall de Chlár Comhpháirtíochta Dícharbónaithe Fuinnimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Iompair agus Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an tUasal Eamonn Ryan, T.D., as tacú linn i rith na bliana, agus leis an Uasal Jack Chambers T.D., Aire Stáit sa Roinn Iompair. Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Ken Spratt, Ard-Rúnaí, Ethna Brogan, Uasal, Rúnaí Cúnta, agus lena gcomhghleacaithe sa Roinn Iompair as tacú le agus as cabhrú le IAA i rith na bliana.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach nua, an tUasal Declan Fitzpatrick, agus le foireann uile IAA as an obair mhór atá déanta acu.



**Rose Hynes**
**Cathaoirleach**
27 Aibreán 2024

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



**D'athraigh rialáil na heitlíochta sibhialta go suntasach in Éirinn sa bhliain 2023. Ar an 1 Bealtaine 2023, cumascadh feidhmeanna rialála reatha an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta agus IAA chun Údarás Eitlíochta na hÉireann, údarás nua-struchtúrtha, a bhunú.**

Mar thoradh ar an athstruchtúrú cumascadh feidhmeanna rialála eacnamaíocha agus ceart paisinéirí an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta (CAR) le feidhmeanna rialála sábháilteachta agus slándála reatha Údarás Eitlíochta na hÉireann, chun rialtóir eitlíochta sibhialta amháin a sholáthar atá freagrach as sábháilteacht, slándáil agus rialáil eacnamaíoch na heitlíochta sibhialta trí chéile.

Is cumasóir riachtanach é eitlíocht chomh fada is a bhaineann le fás agus rathúnas eacnamaíoch na hÉireann, agus nascann sí Éire leis an gcuid eile den domhan. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an eitlíocht deis iontach do nuálaíoch theicneolaíoch in Éirinn ó tharla go bhfuil fás ag teacht ar nuálaíocht aer-shoghluaisteachta agus go bhfuil dlús á chur le heitlíocht inbhuanaithe.

Is é ról IAA, an mhuinín atá ag an bpobal as an eitlíocht shibhialta agus an luach a shíleann siad a bhaineann léi a chothabháil trí na rialacháin AE agus náisiúnta infheidhme a chur chun feidhme, maoirseacht chuí a dhéanamh ar ár dtionscal eitlíochta trí dheimhniú, ceadúnú agus maoirseacht leanúnach ar a n-oibríochtaí, mar aon le leibhéal láidir cosanta tomhaltóirí agus rialála eacnamaíche a sholáthar. Tá sé seo ailínithe le misean na Roinne córas iompair atá inrochtana, éifeachtúil, sábháilte agus inbhuanaithe a chur ar fáil a thacaíonn le pobail, teaghlaigh agus gnóthaí, agus atá ailínithe tuilleadh lena thoradh spriocdhírithe - nascacht na hÉireann leis an domhan mór a mhéadú.

Chomh maith leis sin, baineann Éire tairbhe as an tionscal eitlíochta domhanda, ní hamháin na heintitis atá á rialú in Éirinn againn. Tá sé tábhachtach go mbeimis ag tacú leis na caighdeáin agus dea-chleachtais sábháilteachta agus slándála is airde ar fud an domhain d'fhonn a chinntiú go leanann an earnáil eitlíochta ar aghaidh le gluaiseacht earraí agus daoine a éascú.

### An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022

Mar chuid den Bheartas Eitlíochta Náisiúnta, thug an Rialtas faoi chlár athchóirithe rialála a raibh bunú údarás rialála eitlíochta sibhialta aonair san áireamh ann. Chuir IAA, CAR agus AirNAV na hÉireann (ANI) an clár athchóirithe seo i gcrích in 2023 mar atá sonraithe in Acht Loingseoireachta agus

Aeriompair, 2022 ("ANTA"), ar bhealach éifeachtach dá bpáirtithe leasmhara, agus bunaíodh struchtúir neamhspleácha agus institiúideacha láidre nua.

San áireamh san athchóiriú struchtúrtha bhí comhpháirteanna a bhain le cúrsaí dlí, airgeadais, oibríochtúla agus caidreamh tionsclaíoch a raibh ar IAA, CAR agus AirNav na hÉireann, an struchtúr nuabhunaithe, díriú orthu. Thug IAA gealltanas go gcinnteodh sé go mbeadh an scaradh á dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach agus nach mbeadh tionchar aige ar chroífheidhmeanna IAA. Mar chuid den tionscadal seo, b'éigean don IAA nua-struchtúrtha na rannáin nua seo a leanas a bhunú don fhoireann nua agus do na córais nua - Corparáideach, Airgeadas, AD agus TFC. Tionscadal dúshlánach a bhí ann, agus is fianaise an rath a bhí ar an tionscadal seo ar dhíograis agus ar ghairmiúlacht ár mball foirne.

## Radharc chun Tosaigh ar an Tionscal

Tugadh téarnamh suntasach faoi deara san earnáil eitlíochta in 2023 i ndiaidh an dochair a rinne paindéim Covid-19 don earnáil. Tá fianaise ar fhás fós le feiceáil in 2024 chomh fada is a bhaineann le clárú aerárthaí, ceadúnú pearsanra, córais aerárthaí gan foireann (dróin), iarratais thosaigh ar iarrthóirí nua sa mhargadh agus gníomhaíocht ghinearálta tionscail. Dá ainneoin sin, táthar ag súil go mbeidh an trácht ar fud na hEorpa i Samhradh 2024 cosúil le Samhradh 2023 ach táthar ag súil go mbeidh an trácht fós níos ísle ná leibhéil 2019. Cuirfidh srianta leanúnacha ar sheachadadh aerárthaí nua agus breis riachtanas cothabhála le haghaidh múnlaí innill áirithe teorainn le cumas aerlínte acmhainn a mhéadú i rith mhíonna an tSamhraidh. Tá tionchar leanúnach ag coinbhleachtaí geopholaitiúla leanúnacha ar chodanna áirithe de mhargadh na hEorpa.

Sa chomhthéacs domhanda, tá déantóirí aerárthaí ag súil go méadóidh an flít paisinéirí domhanda agus an loingeas aerárthaí lastlong níos mó ná dhá oiread ó 22,880 in 2020 go dtí 46,560 faoi 2042. Ar fud thionscal eitlíochta ginearálta na hÉireann, cúis áthais dúinn an fás a bhí le tabhairt faoi deara sa réimse tacaíochta cosúil le heagraíochtaí táirgthe agus dearaidh, ollchóiriú oiliúna, aerárthaí agus



comhpháirteanna, mar aon le méadú ar líon na bprintíseachtaí d'innealtóirí cothabhála aerárthaí agus cúrsaí oiliúna do phíolótaí ar fud na tíre.

## Nuálaíocht agus Teicneolaíochtaí ag Teacht Chun Cinn

Tá an eitlíocht shibhialta ag forbairt an t-am ar fad. Tairgeann nuálaíochtaí cosúil le hintleacht shaorga agus oibríochtaí uathrialaitheacha, ardábhair agus foinsí cumhachta nua deiseanna chun taighde agus forbairt a dhéanamh in Éirinn.

Cumasóidh forbairtí a dhéanfar ar theicneolaíocht córas aerárthaí gan foireann (drón) iomaíochas leanúnach do thionscal na hÉireann trí chéile. Leanfaidh IAA ar aghaidh leis an earnáil seo atá ag fás a éascú agus a bheith ag tacú léi, agus cinnteoidh sé ag an am céanna go mbeidh sé ag díriú go cuí ar a oibleagáidí i ndáil le saincheisteanna sábháilteachta, slándála, príobháideachais agus timpeallachta, a bhfuil eolas maidir leo le fáil i rialachán AE.

Is féidir le cuideachtaí a bhaineann tairbhe as digitiú rochtain a fháil ar mhargaí nua, nuálaíocht a mhéadú agus iomaíochas a fheabhsú, ach éilíonn claochlú digiteach cláir athruithe uile-chuideachta, lena n-áirítear athruithe ar chultúr, ceannaireacht, scileanna agus próisis. Chomh fada is a bhaineann le IAA, is deis é digitiú d'fhorbairt leanúnach i dtreo maoirseacht rioscabhunaithe a rachaidh chun tairbhe ár bpáirtithe leasmhara ar fad agus tairbhe a bhaint as nuachóiriú suntasach go leor gnéithe dár seirbhísí, forbairt a bheidh mar bhonn le deiseanna chun tairbhe a bhaint as éifeachtúlachtaí agus seirbhísí feabhsaithe sna blianta amach romhainn.

## An Timpeallacht

I gcomhthéacs domhanda, is é an príomhdhúshlán a bheidh le sárú ag an earnáil eitlíochta conas a gníomhaíocht a dhícharbónú chomh tapa agus is féidir. Ainneoin gurb í an earnáil eitlíochta ceann de na hearnála is deacra le dícharbónú (mar gheall ar ghanntanas breoslaí malartacha a bheith ar fáil ar scála), thug an tionscal gealltanas maidir le cuspóir fadtéarmach a bheith ag feidhmiú carbón glan-nialasach faoi 2050, agus is í seo an cuspóir mianaidhme atá ag ballstáit eile den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta freisin, an comhlacht NA atá freagracht as eitlíocht dhomhanda, comhlacht a bhfuil Éire agus 192 stát eile páirteach ann.

San Eoraip, tá obair mhaith á déanamh sa treo seo cheana féin agus tá sainorduithe AE nua foilsithe maidir le húsáid a bhaint as Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF). Ní mór do sholáthraithe breosla a chinntiú gur SAF é 2% den bhreosla ar fad a chuirtear ar fáil in aerfoirt san AE in 2025, agus go méadóidh an figiúr seo go dtí 6% in 2030, 20% in 2035 agus 70% in 2050. Ó 2030 ar aghaidh, ní mór gur breoslaí sintéiseacha iad 1.2% de na breoslaí freisin, agus beidh an figiúr seo ag méadú go dtí 35% faoi 2050. Ar fud an domhain, is ionann an t-éileamh atá ar thoirteanna móra SAF agus deis straitéiseach táirgeadh fuinnimh a éagsúlú, agus cur ar chumas tíortha ag a bhfuil poitéinseal maith chomh fada is a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite a bheith féinleorga i ndáil le táirgeadh breosla agus slándáil fuinnimh a chinntiú. Seans gur deis a bheidh anseo d'Éirinn bogadh ó bheith ag brath ar charbón iontaise iompórtáilte agus a bheith ag feidhmiú mar tháirgeoir breoslaí sintéiseacha glasa.


Cinnteoimid go mbeidh ról againn sna hiarrachtaí chun a chinntiú go gcomhlíonann Éire a spriocanna timpeallachta 2050 agus go mbeidh ról ag eitlíocht sna hiarrachtaí freisin. Tacóidh IAA le feabhsuithe agus cumasóidh sé a leithéid i gcomhthéacs forbairt breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, dearaí aerárthaí agus inneall níos éifeachtúla, agus oibríochtaí aerárthaí níos éifeachtúla ag aeradróim agus in aerspás Éireannach.

## Nóta Buíochais

Bhí neart le déanamh ag baill an Bhoird agus ag foireann bainistíochta IAA in 2023 ó tharla go raibh siad ag díriú ar chúraimí scartha agus cumaisc mar a cheanglaítear de réir an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair. Is mian liom buíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach, Rose Hynes, agus le baill Bhord IAA as sainchomhairle a thabhairt dúinn agus as tacú linn i rith na bliana.

Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil le m'iar-chomhghleacaithe, atá anois ag obair in AirNav na hÉireann, as an díograis a léirigh siad fad is a bhí an tionscadal athstruchtúraithe ar siúl agus is mian liom gach rath a ghuí orthu in AirNav na hÉireann, a leanfaidh ar aghaidh le seirbhísí bainistíochta aerthráchta den chéad scoth a chur ar fáil in Éirinn. Lena chois sin, is mian liom buíochas a ghabháil le baill foireann na Roinne Iompair as an tiomantas agus díograis a léirigh siad fad is a bhí an tionscadal ar siúl; ní bheadh an tionscadal curtha i gcrích gan iad.

Níos tábhachtaí ná rud ar bith eile, is mian liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus tiomantas leanúnach fhoireann IAA chun rialtóir eitlíochta éifeachtach a chur ar fáil d'Éirinn. I ré seo na n-athruithe móra agus na héiginnteachta suntasaí, lean siad ar aghaidh ag díriú ar rialáil a dhéanamh ag na caighdeáin ghairmiúla is airde ar mhaithe le timpeallacht eitlíochta shábháilte, shlán agus dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar. Is iad ár mbaill foirne agus a gcuid saineolais siúd an tsócmhainn is luachmhaire atá againn. Leanfaimid ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil ár ngairmiúlacht agus tiomantas ag croílár ár gcuid oibre ar fad agus leanfaimid ar aghaidh ag cur ar chumas ár saineolaithe feidhmiú mar na daoine is fearr ina réimsí féin agus ag tacú leo, agus soláthróimid an eagraíocht atá riachtanach chun seirbhís ag an gcaighdeán is airde agus is féidir a sholáthar.



**Declan Fitzpatrick**
**Príomhfheidhmeannach**
27 Aibreán 2024

# Athbhreithniú Oibríochtaí



# Athbhreithniú Oibríochtaí

## Ról IAA

Is cuideachta leathstáit tráchtála (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) é Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus an t-aon rialtóir eitlíochta sibhialta amháin in Éirinn. Tá IAA freagrach as rialáil agus maoirseacht shábháilteacht agus shlándáil na heitlíochta sibhialta in Éirinn, agus as rialáil eacnamaíoch agus cosaint tomhaltóirí.

Tá freagracht tarmligthe ar IAA as Iarscríbhinní ICAO (An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta) agus Rialachán AE de réir na sceideal atá leagtha amach in Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022. Is é IAA an t-údarás náisiúnta inniúil i gcomhthéacs na rialála sábháilteachta eitlíochta arna mhíniú i Rialachán (AE) 2018/1139 agus tá sé freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna oibríochtúla stáit áirithe lasmuigh de shainchúram Iarscríbhinní ICAO (e.g. aerárthaí seanré agus de dhéantús baile neamhdheimhnithe, eitlíocht an gharda cósta lena n-áirítear cuardach agus tarrtháil). Is é IAA an t-údarás atá freagrach as an gClár Sábháilteachta Stáit a chur chun feidhme in Éirinn.

Tá eolas maidir le freagrachtaí IAA le fáil sa chreat de reachtaíocht/rialachán domhanda, Eorpach agus náisiúnta infheidhme.

San áireamh i measc na bhfeidhmeanna rialála tá, gan a bheith teoranta do:

- Aerárthaí a chlárú agus a n-aeracmhainneacht leantach a dheimhniú
- Pearsanra agus eagraíochtaí deimhniúcháin a bhfuil baint acu le cothabháil aerárthaí a cheadúnú
- Píolótaí, rialtóirí aerthráchta agus aeradróim a cheadúnú
- Caighdeáin oibriúcháin aeriompróirí a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Oibreoirí drón a chlárú
- Rialáil Praghsanna Aerfort Bhaile Átha Cliath agus AirNav na hÉireann
- Comhordú/leithdháileadh amanna a sceidealú ag aerfoirt in Éirinn
- An gnó taistil in Éirinn a cheadúnú
- Aerlínte a cheadúnú agus soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh a cheadú
- Reachtaíocht AE a bhaineann le Cearta Aerphaisinéirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus cabhrú le Paisinéirí a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe
- Maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil na heitlíochta sibhialta

Cuireann IAA a chuid oibre i gcrích de réir na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde atá socraithe ag:

- An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO)
- An tAontas Eorpach (AE) agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)
- An Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (ECAC)

Treoraíonn siad seo an IAA chun a chinntiú go bhfuil eitlíocht shibhialta na hÉireann ag feidhmiú de réir na gcaighdeán sábháilteachta is géire. Tá ról lárnach ag cúrsaí sábháilteachta inár ngnó agus tá gach rud a dhéanaimid ag brath ar shábháilteacht.

Tá achoimre ardleibhéil le fáil sa chairt thall ar na ceadúnais agus teastais ar fad a d'eisigh IAA, laistigh de na réimsí sábháilteachta agus slándála.

# Tionscal Eitlíochta Rialaithe Sábháilte agus Slán in Éirinn

**19,891** Ceadúnas Pearsanra Eitilte

**2,847** Innealtóir Cothabhála

**318** Oifigeach Rialaithe Aerthráchta
**22** Oifigeach Raidió
**5** Oifigeach Seirbhíse Faisnéise Eitiltí

**951** Scrúdaitheoir FCL

**1** Ionad Aerleighis

**7,271** Clárú Oibritheora UAS
Deimhniú Cianphíolóta
**17,429** A1/A3
**1,793** A2
**545** STS

**1,900** Pearsanra Deimhnithe AvSec

**1,360** Aerárthach Cláraithe
**488** Aerárthach ar AOC Éireannach
**626** GA (lena n-áirítear Iarscríbhinn I)

**10** Sciathán Dobhogtha - Deimhniú Aeroibreora

**2** Héileacaptar - Deimhniú Aeroibreora

**1** Ceadú Cuardaigh agus Tarrthála Náisiúnta

**11** Oibreoir Dearbhaithe Pháirt-NCC

**11** Oibreoir Dearbhaithe Pháirt-SPO

**3** Eagraíocht Oiliúna Foirne Cábáin

**16** Eagraíocht Oiliúna Ceadaithe
**18** Eagraíocht Oiliúna Dearbhaithe
**3** Eagraíocht Náisiúnta Oiliúna Eitilte

**17** Feiste Oiliúna Ionsamhalta Eitilte

**37** Eagraíocht Chothabhála Chuid 145
**26** Aeracmhainneacht Leanúnach Eagraíocht Bainistíochta
**4** Comheagraíocht Aeracmhainneachta
**8** Eagraíocht Táirgthe
**14** Eagraíocht Dearaidh
**5** Oiliúint Chothabhála Chuid 147 Eagraíocht

**7** Deimhniúchán Aeradróim EASA
**14** Ceadúnas Aeradróim Náisiúnta
**5** Aeradróim Neamhcheadúnaithe (treoir eitilte)

**8** Deimhniúchán Soláthraithe ATM/ ANS
**8** Soláthraí Oiliúna Rialaithe Aerthráchta (TO)

**59** Údarú Oibríochtúil
**3** Ceadú trasteorann
**4** Deimhniúchán UAS Éadrom
**4** Eintiteas Aitheanta

**Slándáil Eitlíochta:**
Gach oibreoir aerárthaí
**6** Oibreoir aeradróim
**21** Eagraíocht Oiliúna AvSec
**99** Coinsíneoir Aitheanta
**125** Gníomhaire Rialáilte
**10** Soláthraí Rialáilte
**2** Eagraíocht Stáit
**21** Soláthraí aitheanta
**4** Aeriompróir ag iompar lasta isteach san AE

## Clár Sábháilteachta Stáit agus Plean Sábháilteachta Eitlíochta

Nuashonraíodh an Clár Sábháilteachta Stáit (SSP) d'Éirinn in 2023 chun déileáil leis an eagraíocht nua, IAA, agus chun ICAO Iarscríbhinn 19 agus Lámhleabhar Bainistíochta Sábháilteachta ICAO a nuashonrú ó eisíodh é den uair dheireanach in 2015.

Oibríonn IAA le Comhlacht Comhairleach Bainistíochta (MAB) EASA chun tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann leis an eitlíocht shibhialta laistigh den AE a fhorbairt. Bhuail baill MAB le chéile ceithre bhabhta i rith 2023 agus i measc na bpríomhfhorbairtí AE a pléadh bhí príomhfhorbairtí rialála AE, eitlíocht inbhuanaithe, idirspleáchas idir sábháilteacht agus slándáil eitlíochta, coincheapa oibríochtúla nua agus tionscadail taighde leanúnacha.

Foilsíonn IAA Plean an Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta (SPAS) chun aird a tharraingt ar na príomhthosaíochtaí sábháilteachta agus slándála eitlíochta d'Éirinn agus ar na cuspóirí sábháilteachta gaolmhara agus gníomhartha maolaitheacha atá á ndéanamh ag leibhéal an Stáit chun déileáil le rioscaí sábháilteachta agus slándála.

Tá beagnach 90 gníomh aonair le fáil in SPAS a dhéileálann leis na príomhthosaíochtaí seo a leanas:

- Bainistíocht sábháilteachta, bainistíocht chomhlíontachta agus próisis bhainistíochta athruithe feabhsuithe san IAA nua
- Cur chun feidhme maoirseacht rioscabhunaithe
- Feabhsuithe sa chultúr sábháilteachta
- Inniúlachtaí nua forbartha chun déileáil le ceanglais rialála athraitheacha
- Próisis chomhoibrithe le páirtithe leasmhara feabhsaithe
- Cur chun feidhme rialachán agus maoirseachta de réir na gceanglas reachtúil agus na dtréimhsí ama geallta
- Gníomhartha chun déileáil le rioscaí oibríochtúla i réimsí difriúla (e.g. oibríochtaí aerárthaí, seirbhísí aerloingseoireachta, oibríochtaí aeradróim, aeracmhainneacht)




## Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht Sábháilteachta

Tá tuarascáil staitistiúil maidir le Feidhmíocht Sábháilteachta Bhliantúil Chóras Eitlíochta Sibhialta na hÉireann foilsithe anseo: www.iaa.ie/safety.


Níor tharla aon aerthimpiste mharfach in Éirinn in 2023 agus bhí líon na dtimpistí agus teagmhas tromchúiseach níos ísle i gcomparáid le 2022. Tá achoimre le fáil sa chairt thíos ar na staitisticí sábháilteachta barrleibhéil i gcomhair 2023.

### Treochtaí 10 mbliana a bhaineann le Timpistí agus Teagmhais Thromchúiseacha


Aeriompar Tráchtála - Sciathán Dobhogtha




Aeriompar Tráchtála ag Aerfoirt Éireannacha




Eitlíocht Ghinearálta




- Níor tharla aon timpiste mharfach i rith 2023
- Líon iomlán na dtimpistí agus teagmhas tromchúiseach níos ísle i gcomparáid le 2022

## Clárú Aerárthaí

Ag deireadh mhí na Nollag 2023 bhí 1,360 aerárthach cláraithe, sin méadú de 56 aerárthach i gcomparáid leis na 12 mhí roimhe sin.

| | Nol 2022 | Nol 2023 | Athrú Bliantúil |
|---|---|---|---|
| Aerárthach mór > 5,699 kg. | 695 | 717 | 22 |
| Aerárthach beag < 5,700 kg. | 564 | 592 | 28.4 |
| Tuarascáil Bhliantúil | 1,259 | 1,309 | 50 |
| Rótarárthach | 45 | 51 | 6 |
| **Clár Iomlán** | **1,304** | **1,360** | **56** |


Taifeadadh 296 idirbheart iarbhír ar an gclár aerárthaí - baineadh 120 aerárthach den chlár agus cuireadh 170 aerárthach leis, agus cuireadh 6 rótarárthach bhreise leis freisin.


| Clár ag: | Aerárthaí Breise | Aerárthaí Díchláraithe | Aerárthaí Cláraithe | Rótarárthaí Breise | Rótarárthaí | Clár lena n-áirítear Rótarárthaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Noll-22 | | | 1,259 | | 45 | 1,304 |
| Ean-23 | 17 | -10 | | 3 | | |
| Fea-23 | 13 | -9 | | -1 | | |
| Már-23 | 21 | -19 | | 0 | | |
| Aib-23 | 12 | -7 | | 2 | | |
| Bea-23 | 21 | -13 | | 0 | | |
| Mei-23 | 21 | -17 | | 0 | | |
| Iúil-23 | 10 | -9 | | 1 | | |
| Lún-23 | 12 | -7 | | 1 | | |
| M.F.-23 | 6 | -9 | | 0 | | |
| D.F.-23 | 9 | -5 | | 0 | | |
| Sam-23 | 15 | -10 | | 1 | | |
| Noll-23 | 13 | -5 | 1,309 | -1 | 51 | 1,360 |
| | 170 | -120 | | 6 | | |

## Ceadúnú Pearsanra

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Rannáin Ceadúnaithe Pearsanra - foireann eitilte agus innealtóirí cothabhála aerárthaí a cheadúnú; cúraimí riaracháin a bhaineann le pearsanra Seirbhísí Aerthráchta a chur i gcrích; córas na measúnuithe leighis a bhainistiú do dheimhniú leighis foirne eitilte agus pearsanra seirbhísí aerthráchta; scrúduithe a bhaineann le heolas teoiriciúil a fhorbairt agus a bhainistiú, agus eagraíochtaí oiliúna áirithe a cheadú.

Tá fás leanúnach ag teacht ar líon na n-iarratas ceadúnaithe pearsanra nua i gcónaí. San áireamh anseo tá píolótaí aerárthaí agus innealtóirí cothabhála, rud atá ag teacht leis an bpatrún de mhéadú seasta ar iarratais cheadúnaithe nua le deich mbliana anuas, ainneoin gur tugadh laghdú beag faoi deara ar an líon iomlán ceadúnas innealtóra reatha trí chéile i rith 2023, go príomha de bhrí go raibh innealtóirí cothabhála ag fágáil an tionscail agus nach raibh a gceadúnais á n-athnuachan acu.







## Córais Aerárthaí Gan Foireann (UAS)


Tá breis is 7,500 oibreoir UAS cláraithe le IAA, ar a dtugtar oibreoir dróin go coitianta, agus tá breis is 18,000 deimhniú inniúlachta píolóta UAS eisithe againn. Tá an pobal gníomhach d'oibreoirí UAS cláraithe ag fanacht seasta, is idir 7,000-8,000 oibreoir ar fad atá cláraithe.

Tá IAA ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn Iompair ar Bheartas UAS d'Éirinn. Le déanaí thug foireann na Roinne faoi chomhairliúchán poiblí maidir le beartas UAS, agus déanfaidh IAA gníomh cuí bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin.


Fianaise ar Oiliúint Ar Líne a bheith Curtha i gCrích ag Cianphíolótaí




Deimhniú Cianphíolóta ar Eolas Teoiriciúil le haghaidh STS




Deimhniú Inniúlachta Cianphíolóta



## Slándáil Eitlíochta

Cinntíonn IAA, an tÚdarás Iomchuí in Éirinn chun críche Rialachán CE 300/2008 (Rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta), ar bhonn leanúnach go bhfuil na ceanglais rialála á gcur chun feidhme ag oibreoirí aerfoirt, aeriompróirí agus eintitis a bhfuil baint acu le slándáil aerfort, aerárthaí agus slabhraí soláthair.

Leanadh ar aghaidh ag obair go tapa ar rialachán slándála eitlíochta in 2023. Tá breis is 300 eintiteas rialaithe le cur san áireamh, lena n-áirítear eintitis atá bunaithe in Éirinn agus in áiteanna eile, agus eisíodh ceaduithe agus baineadh tairbhe as cur chuige rioscabhunaithe maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht.

Thionscain IAA cur chuige rialála i ndáil le slándáil lasta a raibh tionchar aige ar fheidhmíocht chomhlíontachta aeriompróirí eachtracha a bhí ag iompar lasta isteach san AE, nuálaíocht rathúil a bheidh in úsáid ag údaráis náisiúnta eile do shlabhraí soláthair cosúla.

Ina theannta sin, d’oibrigh IAA i gcomhpháirt le hÚdarás Iomchuí eile chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sa dá dhlínse, agus trí úsáid a bhaint as sampla a bhí ag teacht leis na staitisticí a bhí ar fáil, shainaithin sé dea-chleachtais a fheabhsóidh cur chun feidhme. Tá na dea-chleachtais á n-úsáid freisin i rannpháirtíocht ag leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta chun ionchur fianaisebhunaithe maidir le déanamh rialacha agus forbairt beartais a sholáthar.

Tá ról ríthábhachtach ag ár mbaill foirne san obair atá á déanamh againn agus páirteach i bhfoireann IAA tá pearsanra deimhnithe chun maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil eitlíochta a bhíonn ag obair sa timpeallacht idirnáisiúnta freisin. Is tacadóir agus comhpháirtí in obair IAA é an Roinn Iompair, go háirithe ag leibhéal idirnáisiúnta, fianaise ar chur chuige den chéad scoth do Stáit eile agus do na húdaráis a mbímid ag obair leo. Anuas air sin, roinneann IAA a shaineolas chun tacú le fothú acmhainneachta idirnáisiúnta faoi thionscadal CASE II ECAC agus de réir ghealltanais na hÉireann faoi Phlean Slándála Eitlíochta Domhanda ICAO.

## Athruithe Rialála

Tá ról gníomhach ag IAA i bpróiseas Déanta Rialacha EASA ag leibhéal Eorpach agus tá ionadaíocht aige ar Choiste EASA Choimisiún an AE in DG-MOVE, a bhuaileann le chéile chun dréachtaí a fhorbairt agus chun vótaí a chaitheamh maidir le leasuithe ar, agus tabhairt isteach Rialacháin Sábháilteachta Eitlíochta AE nua.

I rith 2023, ghlac IAA páirt i roinnt cruinnithe le Coiste EASA DG-MOVE, a rinne maoirseacht ar thabhairt isteach roinnt príomhathruithe rialála, lena n-áirítear reachtaíocht nua a bhaineann le faisnéis agus cibearshlándáil ar fud an tionscail eitlíochta, ceanglais leighis nua do cheadúnais píolótaí agus rialacha nua maidir le hoibriú agus cothabháil córas aerárthaí gan foireann (UAS) agus aerárthaí le foireann atá in ann éirí de thalamh agus tuirlingt go hingearach (eVTOL). Lena chois sin, chabhraigh IAA le forbairt rialacha nua chun déileáil le tabhairt isteach sábháilte theileachumarsáid 5G laistigh den chóras eitlíochta. Thacaigh IAA le forbairt Rialachán AE freisin agus bhí príomhról aige i dTascfhórsa Déanta Rialacha EASA a bhí dírithe ar fhorbairt Rialachán Láimhseála ar an Talamh AE ag aeradróm, Rialachán a bhfuiltear ag súil a thabharfar isteach in 2024.

Taobh leis an obair leanúnach atá á déanamh i ndáil le forbairt Rialacháin AE, thug IAA isteach roinnt píosaí de reachtaíocht náisiúnta freisin chun sábháilteacht eitlíochta a rialú, lena n-áirítear Ionstraimí Reachtúla maidir le UAS agus córais frithdhróin, oibriú sábháilte taispeántas aeir, agus córas athbhreithnithe chun úsáid spásroicéad agus oibríochtaí san aerspás uachtarach a údarú. Mar chuid d’fhorbairt na reachtaíochta náisiúnta seo, chuaigh IAA i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara i rith 2023, lena n-áirítear an pobal eitlíochta go ginearálta, údaráis forfheidhmithe dlí, páirtithe leasmhara eitlíochta lena mbaineann agus an pobal i gcoitinne.

Anuas air sin, thacaigh IAA leis an obair atá á déanamh ag ardáin chomhordaithe AE/CE ATM/ANS eile i ndáil le hAerspás Eorpach Aonair, Údarás Maoirseachta Náisiúnta, U-space, Oibríochtaí Mórairde, Teicneolaíocht agus Comhordú Géarchéime ATM.

Maidir le slándáil eitlíochta, tacaíonn ionadaithe IAA le meithleacha agus le fóraim faoi choimirce ECAC agus CE le forbairt chreat rialála slándála eitlíochta CE agus le treoir cur chun feidhme ghaolmhar mar aon le faisnéis faoi mheasúnuithe riosca slándála a chomhroinnte.

Tá IAA ag leanúint ar aghaidh ag tacú le painéil agus meithleacha ICAO chun tionchar a imirt ar fhorbairt Chaighdeáin agus Cleachtais Mholta ICAO oiriúnacha mar aon le beartais agus nósanna imeachta gaolmhara ICAO. In 2023, chuir Éire saineolas ar fáil do Phainéal Bainistíochta Sábháilteachta ICAO (An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta), don Phainéal um Oiliúint agus Ceadúnú Pearsanra, don Phainéal Nósanna Imeachta Eitilte agus do roinnt meithleacha lena n-áirítear Grúpa Ceadúnaithe ICAO – Mná agus Mionlaigh, Grúpa Pleanála Córas an Atlantaigh Thuaidh ICAO, Grúpa Pleanála Córas Eitlíochta Eorpaí ICAO, Tascfhórsa Comhdhlúthaithe PBN ICAO agus Meitheal Réigiúnach Eorpach ICAO ar Oibríochtaí Aeradróim.

## Cearta Aerphaisinéirí agus Daoine a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe


Is é Údarás Eitlíochta na hÉireann an Comhlacht Forfheidhmithe Náisiúnta do dhá Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí:

1. EC261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás nach gceadaítear do phaisinéirí bordáil agus go gcealaítear nó go gcuirtear moill fhada ar eitiltí,
2. EC1107/2006 a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nuair a bhíonn siad ag taisteal tríd an aer.

### Cearta Aerphaisinéirí - Rialachán CE 261/2004

Is é IAA an Comhlacht Forfheidhmithe Náisiúnta do Rialachán CE 261/2004 ina sonraítear cearta Aerphaisinéirí má chealaítear nó má chuirtear moill ar a n-eitilt, mura gceadaítear do phaisinéirí bordáil nó má íosghrádaítear a suíochán. Féadfaidh paisinéirí

Líon na nGearán Stairiúil



gearán a chur faoi bhráid IAA a dhéanfaidh iniúchadh ar shamplaí de chealuithe eitilte, moilleanna de dhá uair an chloig ar a laghad, agus paisinéirí nach gceadaítear dóibh bordáil nó a n-íosghrádaítear a suíochán le haghaidh gach eitilt a bhí le himeacht ó aerfoirt Éireannacha agus eitiltí a bhí ag tuirlingt in aerfoirt Éireannacha ó thíortha neamh-AE (má tá siad á n-oibriú ag iompróirí atá ceadúnaithe san AE).

Bhí líon na ngearán a fuarthas in 2023 mórán mar an gcéanna le líon na ngearán a fuarthas in 2022. Tríd is tríd, tugadh méadú suntasach faoi deara ar líon na ngearán EC261/2004 a fuarthas ó 2017.

In 2023, chuir IAA comhairle ar 3385 duine aonair maidir lena gcearta ar an teileafón nó trí ríomhphost. Mhéadaigh líon na ndaoine aonair a chuir ceisteanna isteach tríd an bpost nó trí ríomhphost ó 982 in 2022 go dtí 2,139 in 2023, agus déileáladh le 1,246 glao teileafóin.

In 2023, cuireadh 3,127 gearán faoi bhráid IAA chun críche iniúchta. Nuair a chuirtear gearáin a bhain le 2022 san áireamh, déileáladh le 4,969 gearán in 2023.

| Rialachán EC261/2004 - Gearáin a láimhseáladh in 2023 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Cineál Gearáin | Líon na nGearán a Láimhseáladh | Líon na nIniúchtaí Críochnaithe | Líon na nGearán ar Seasadh Leo i bhfabhar an ghearánaigh | % de na Gearáin ar Fad ar Seasadh Leo | Líon na nGearán nár seasadh leo i bhfabhar an ghearánaigh |
| Cealú | 2275 | 1251 | 583 | 51% | 668 |
| Moill Fhada | 2444 | 1535 | 534 | 46% | 1001 |
| Paisinéirí Nár Ceadaíodh Dóibh Bordáil | 221 | 145 | 32 | 3% | 113 |
| Íosghrádú | 26 | 17 | 3 | 0.3% | 14 |
| Uasghrádú | 3 | 1 | 0 | 0.0% | 1 |
| **Iomlán** | **4969** | **2949** | **1152** | | **1797** |


Fuarthas €204,000 ar fad in aisíocaíochtaí i ndiaidh dúinn idirghabháil a dhéanamh agus bronnadh cúiteamh luach €794,000 ar phaisinéirí i ndáil le 1,155 gearán ar seasadh leo.

Níor seasadh le 1,797 gearán i bhfabhar an ghearánaigh. Ba í an phríomhchúis a bhí leis seo go raibh an t-aeriompróir in ann a chruthú gur tharla cur isteach mar gheall ar imthosca neamhghnácha agus dá réir sin, go mbeadh sé díolmhaithe ó chúiteamh a íoc.

In 2023, ba iad Aer Lingus (35% de na gearáin ar fad), Ryanair (30% de na gearáin ar fad) agus Emerald Airlines (7% de na gearáin ar fad), ábhar fhormhór na ngearán a fuarthas agus bhain an 28% eile de ghearáin le 56 aerlíne eile.

### Daoine a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe

In 2023, fuair IAA 21 gearán PRM, bhain 13 ghearán le haerlínte agus bhain 7 ngearán le haerfoirt, agus bhain 1 ghearán le haerlíne agus le haerfort. Is é sin an líon is airde gearán PRM a fuarthas in aon bhliain amháin.




I measc na ngearán a rinneadh in 2023 bhí gearáin a bhain le damáiste déanta do chathaoir rothaí paisinéara; moilleanna ar chúnamh a bheith á chur ar fáil do phaisinéir in aerfort; an tslí ar chaith pearsanra slándála in aerfort le paisinéir agus treoracha tugtha do phaisinéir maidir le scagadh trealaimh soghluaisteachta agus gan cúnamh a bheith á fháil ag paisinéir réamhfhógartha ó sholáthraí seirbhíse comhlacht bainistíochta aerfoirt.

Chomh maith leis sin, freagraíonn IAA ceisteanna ón bpobal trí theileafón agus ríomhphost, ceisteanna a bhaineann le cearta agus oibleagáidí páirtithe leasmhara faoi Rialachán (CE) 1107/2006.

Déanann IAA cigireachtaí comhlíontachta aerfoirt bliantúla faoi Rialachán (CE) 1107/2006 chun monatóireacht a dhéanamh ar chúnamh curtha ar fáil ag aerfoirt do Dhaoine a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe agus do Dhaoine faoi Mhíchumas. Rinneadh cigireacht ar gach aerfort atá ag freastal ar ghluaiseachtaí paisinéirí tráchtála in 2023. Tá creat cigireachta IAA inchomparáide le Doic. 30 Cuid I ECAC agus Clár Measúnaithe Cáilíochta ECAC.


## Rialáil Eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath

Tá rannán Rialáil Eacnamaíoch IAA freagrach as rialáil eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath agus soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta Éireannacha, amanna a chomhordú agus cinntí acmhainne, teorainneacha táillí a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus táillí a cheadú a bhaineann le rochtain ar shuiteálacha agus paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

### Muirir Aerfort Bhaile Átha Cliath

In 2023, in Éirinn bhí na leibhéil tráchta eitlíochta cosúil leis na leibhéil a taifeadadh in 2019, fianaise ar dheireadh a bheith tagtha le héifeacht dhíreach COVID-19 ar thrácht eitlíochta náisiúnta. Bunaithe ar shonraí a chuir Eurocontrol ar fáil, bhí gluaiseachtaí Rialacha um Eitilt de réir Uirlisí (IFR) na hÉireann in 2023 cothrom le 99.75% de na gluaiseachtaí a taifeadadh in 2019. I gcomparáid le 2022, d’fhás leibhéil tráchta eitlíochta 13.3%.

Shroich an trácht in Aerfort Bhaile Átha Cliath an leibhéal is airde a taifeadadh riamh in 2023, tráth ar úsáid 33.6 milliún paisinéir ar fad an t-aerfort, sin




méadú de 2% i gcomparáid le 2019, an bhliain roimhe sin inar taifeadadh an leibhéal is airde tráchta.

Mar gheall ar thionchar COVID-19 ar Chinneadh 2019 maidir le muirir aerfoirt rinneadh athbhreithniú air trí huaire i rith agus i ndiaidh na paindéime. Foilsíodh an cinneadh a bhain leis an tríú hathbhreithniú ar Chinneadh 2019 i mí na Nollag 2022, agus chlúdaigh an cinneadh seo an tréimhse ceithre bliana idir 2023 agus 2026, an dá bhliain sin san áireamh.

Mar chuid den chinneadh seo socraíodh an mheánchaidhp phraghais iarbhír ag €7.59 in aghaidh an phaisinéara don tréimhse idir 2023 agus 2026. Bhain sé seo le praghsanna mhí Feabhra 2022, agus rinneadh é, agus déanfar é, a choigeartú chun críche boilscithe gach bliain. Maidir le 2023, socraíodh an chaidhp phraghais ainmniúil ag €8.68.

Chinn Aerfort Bhaile Átha Cliath achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte in aghaidh an chinnidh ag tús 2023. Cuireann IAA in aghaidh an fhaoisimh a lorgaíodh. Tá Aer Lingus agus Ryanair páirteach mar fhógrapháirtithe. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an achomharc.

### Comhairliúchán maidir le Muirir Aerfort Bhaile Átha Cliath

De réir Rialachán 2011 a bhaineann le muirir Aerfort Bhaile Átha Cliath, cuireadh tús, i mí Mheán Fómhair 2023, leis an gcomhairliúchán bliantúil maidir le leibhéil an mhuirir bhliantúil agus na scéimeanna dreasachta atá le bunú i mí Márta 2024. Ghlac foireann Aerfort Bhaile Átha Cliath le tuairimí agus le moltaí ó roinnt úsáideoirí aerfoirt, agus i mí na Samhna 2023 d'fhreagair foireann an Aerfoirt cuid díobh seo agus cuireadh roinnt coigeartuithe i bhfeidhm ar an struchtúr táillí a bhí beartaithe ar dtús. Chuir foireann an aerfoirt athruithe suntasacha i bhfeidhm i ndáil leis na muirir aistrithe agus gluaiseachta rúidbhealaigh, agus bunaíodh muirir nua NOx mar aon leis an scéim ar a dtugtar Lascaine Aerárthaí Astaíochtaí Ísle (LEAD).

### Caighdeán na Seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 2023

Dheimhnigh IAA gur gearradh pionós de €10.1 milliún ar Aerfort Bhaile Átha Cliath de bhrí nár chomhlíon sé spriocanna a bhain le hamanna scuaine slándála, glaineacht agus infhaighteacht faisnéise san aerfort anuraidh. Sháraigh na hamanna scuaine slándála 30 nóiméad ar 19 lá ar leithligh, agus ar ócáid amháin, bhí an t-am scuaine a taifeadadh níos faide ná 45 nóiméad. Ó thréimhse an tsamhraidh, áfach, d'éirigh le hAerfort Bhaile Átha Cliath na spriocanna ar fad a bhain leis an scuaine slándála a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, fuair an t-aerfort bónas cáilíochta seirbhíse de €3.4 milliún a bhain le sástacht fhoriomlán, éascaíocht gluaiseachta, gluaiseacht mórthimpeall an aerfoirt gan stró, infhaighteacht tralaithe bagáiste agus sástacht paisinéirí leis caighdeán an Wi-Fi a cuireadh ar

fáil. Tríd is tríd, cuireadh pionós glan de €6.7m i bhfeidhm i ndáil le feidhmíocht in 2023.

### Próiseas Chéim an Gheata do thionscadail Infheistíochta Caipitil

I gCinneadh 2019, bhunaíomar próiseas nua, ar a dtugtar Céim an Gheata, do thionscadail mhórscála capex. Ceadaíonn próiseas Chéim an Gheata níos mó solúbthachta i ndáil le scóip agus costas thionscadail mhóra capex i rith na tréimhse rialála. Déanann foireann Aerfort Bhaile Átha Cliath, úsáideoirí aerfoirt, IAA, agus suirbhéir neamhspleách cistí (IFS) measúnú ar chostas forbartha tionscadal a mbeidh tionchar acu ar liúntas costais deiridh an tionscadail. Ar dtús, bhí 17 dtionscadal san áireamh i bpróiseas Chéim an Gheata mar chuid de phróiseas Cinnidh 2019. Méadaíodh líon na dtionscadal go dtí 27 faoin tráth a ndearnadh an tríú hAthbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 i ndáil le 2023-2026.

In 2023, cuireadh measúnuithe Chéim an Gheata 1 ar "Na Bealaí Innealta Criticiúla ó Thuaidh", "Leathnú Bhealach Innealta an Naprúin Theas agus Athshlánú Cosáin Ghaolmhair", "Athshlánú Bealaí Innealta Naprún 5H agus an Naprúin Thuaidh" agus "Athshlánú Bhealach Bordála 1/Chosán Inmheánach F" i gcrích. Maidir le Céim an Gheata 2, rinneadh measúnaithe ar na tionscadail seo a leanas i rith na bliana freisin - "Críochfort 1 - Bagáiste Boilg", "HBS Caighdeánach 3 – Críochfort 1" agus "Clár Athshlánaithe Bealaí Innealta Aerpháirce".

Ní raibh na páirtithe leasmhara ar fad sásta le leathnú na mbealaí innealta ó thuaidh agus leathnú bhealach innealta an naprúin theas, go háirithe Ryanair, agus chuir sé i gcoinne chostais bheartaithe na dtionscadal seo ó fógraíodh Céim an Gheata 0, ach leanadh ar aghaidh le Céim an Gheata 2 den dá thionscadal. Thug IFS le fios gur chosain tionscadal bhagáiste boilg Chríochfort a hAon, a bhí ag Céim an Gheata 2 faoin tráth sin, €1.5 milliún níos mó ná mar a bhí pleanáilte.

Mhéadaigh costas measta thionscadal Naprún 5H i rith Chéim an Gheata 1, agus ní dhearnadh aon agóid ina choinne. Chomh fada is a bhain le tionscadal Athshlánaithe Bhealach Bordála 1/Chosán Inmheánach F, ag Céim an Gheata 1, tugadh méadú 5% faoi deara ach bhí an tionscadal fós ag feidhmiú de réir pharaiméadair éifeachtúla sheachadadh an tionscadail. Ag Céim an Gheata 2, bhí méaduithe suntasacha costais luaite le HBS Caighdeánach 3 – Críochfort 1 agus Clár Athshlánaithe an Bhealaigh Innealta Aerpháirce i gcomparáid leis na meastacháin a bhí luaite le Céim an Gheata 1.

### Acmhainn Ama Aerfort Bhaile Átha Cliath do Gheimhreadh 2023/2024 agus do Shamhradh 2024

I mí na Bealtaine 2023, d'fhoilsíomar leithdháiltí ama Gheimhreadh 2023/2024 de réir fhéilire an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) do chomhordú ama. Méadaíodh an teorainn laethúil ó 970 gluaiseacht sa lá go dtí 942.

**Nollaig 2023**
Páipéar Buncheisteanna foilsithe ag IAA. Is dócha go gceadóimid 6 seachtaine chun an comhairliúchán seo a fhreagairt.

→

**Meitheamh 2024**
Tograí deiridh ANSP, costais MET agus NSAnna a gcuirtear san áireamh iontu aiseolas páirtithe leasmhara agus spriocanna athbhreithnithe uile-Aontais, agus ag cloí leis na Dréacht-tograí a rinne i mí Aibreáin.

→

**Iúil 2024**
Dréachtchinneadh IAA foilsithe i mí Iúil; doiciméid chomhairliúcháin maidir le spriocanna éifeachtúlachta costais/ Dréachtphlean le comhroinnt ag IAA 3 seachtaine, ar a laghad, roimh an comhairliúchán.

→

**Lúnasa 2024**
Ag súil le freagairtí ó pháirtithe leasmhara maidir leis an Dréachtchinneadh i mí Lúnasa, thart ar 6 seachtaine i ndiaidh fhoilsiú an Dréachtchinnidh.

→

**1 Deireadh Fómhair 2024**
Aighneacht na hÉireann de Dhréachtphlean RP4 don Choimisiún Eorpach.

*Foinse: IAA*

Maidir le Samhradh 2024, méadaíodh líon na ngluaiseachtaí eitilte laethúla uasta iomlána ceadaithe, 37 gluaiseacht, go dtí 1,034 (níor fógraíodh aon mhéadú a bhain le hacmhainn oíche).

Ghlacamar le agus bhreithníomar raon leathan aighneachtaí a bhain leis an dá chinneadh, a fuarthas ó chónaitheoirí, ó aerlínte agus ó oibreoir an aerfoirt.

## Muirearú agus Feidhmíocht Seirbhísí Aerloingseoireachta faoi Rialacháin Aerspáis Eorpaigh Aonair

### RP4 Comhairliúchán Uainiúcháin

D'eisíomar comhairliúchán poiblí a bhain leis an tréimhse ama chun Plean Feidhmíochta Seirbhísí Aerloingseoireachta na hÉireann don Cheathrú Tréimhse Tagartha, 2025-2029 (RP4), a fhorbairt.

Inár cinneadh cuireadh san áireamh na moltaí a rinne AirNav na hÉireann, agus tá an tréimhse ama sonraithe thíos.

### Foilsiú an Pháipéir Ceisteanna

Is éard atá le fáil inár bpáipéar ceisteanna an mhodheolaíocht atá beartaithe againn a úsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir le Plean Feidhmíochta RP4, agus breithnítear ann na ceisteanna atá le plé le páirtithe leasmhara, agus soláthraítear leid ann maidir le tuairimí IAA faoi mhodheolaíocht RP4 i láthair na huaire. Foilsíodh ár gComhairliúchán Modheolaíoch agus Páipéar Ceisteanna RP4 i mí Eanáir 2024. Thugamar faoi deara go bhfuil na costais aonaid a taifeadadh do AirNav na hÉireann agus IAA faoi na leibhéil atá cinnte go dtí seo in RP3. É sin ráite, tá na costais aonaid do Rannán Seirbhísí Eitlíochta Met Éireann beagán os cionn na gcostas a cinneadh don tréimhse chéanna. Lena chois sin, cuireadh formhór na spriocanna feidhmíochta i gcrích, ach thugamar meath ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán do 2023 faoi deara freisin. Anuas air sin, chlúdaíomar comhroinnt riosca tráchta, scéimeanna dreasachta agus spriocanna áitiúla a bhaineann le nóiméid mhoille ATFM de réir na heitilte agus cuspóirí timpeallachta áitiúla.

### Comhairliúchán Bliantúil maidir le Muirir Aerloingseoireachta

Déantar muirir Aerloingseoireachta a thoibhiú i gcoinne oibreoirí aerárthaí chun saoráidí agus seirbhísí aerloingseoireachta a mhaoiniú, agus chun tacú le forbairt bainistíochta aerthráchta. I mí Meithimh 2023 reáchtálamar comhairliúchán maidir le costais aerloingseoireachta iarbhír na hÉireann i gcomhair 2022 agus críochfort[2] beartaithe agus rátaí aonaid en route[3] i gcomhair 2024. I láthair ag an gcomhairliúchán seo bhí príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear AirNav na hÉireann, MET ASD, úsáideoirí aerspáis, a gcuid ionadaithe, agus ionadaithe ó phainéal foirne.

### Monatóireacht agus Tuairisciú capex

In 2022, i ndiaidh an phlean feidhmíochta a chur ar fáil, thosaíomar ag foilsiú nuashonruithe maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta ag AirNav i ndáil lena chlár capex a sheachadadh. Foilsímid nuashonruithe maidir leis na tréimhsí ama atá luaite le seachadadh thionscadail capex ANSP faoi dhó sa bhliain, agus leanfaimid ar aghaidh le tuarascálacha costais maidir le mórthionscadail capex AirNav agus mórghrúpálacha capex a fhoilsiú go bliantúil.

Tugtar le fios sa tuarascáil monatóireachta capex is déanaí ó AirNav na hÉireann, a bhaineann le Deireadh Fómhair 2023, go bhfuil moill curtha ar thart ar aon trian de na tionscadail a bhfuiltear ag obair orthu faoi láthair ó foilsíodh an tuarascáil roimhe sin i mí Márta na bliana sin. Is í an chúis is coitianta a luaitear leis na moilleanna seo ceisteanna a bhaineann le hinfhaighteacht acmhainní agus an iarracht a theastaíonn chun an tionscadal a chur i gcrích.

---

[2] Ciallaíonn seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt seirbhísí rialaithe aeradróim nó seirbhísí faisnéise eitilte aeradróim, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha aerthráchta agus seirbhísí foláirimh.

[3] Sainmhínítear an chéim eitilte faoi bhealach mar an chuid den eitilt idir pointe foirceanta nós imeachta imeachta agus pointe tionscnaimh nós imeachta teachta.

## Rialáil Eacnamaíoch arb ionann í agus Dea-chleachtas Idirnáisiúnta

Glacann IAA páirt ghníomhach i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear na nAerfort Eorpach.

Ghlac an fóram le dhá pháipéar de chuid Fhóram Thessaloniki a raibh baint ag IAA lena bhforbairt in 2023 agus d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach iad ina dhiaidh sin. Sa chéad pháipéar mapáiltear, déantar cur síos ar, agus tugtar comhairle maidir le cumhachtaí údarás maoirseachta neamhspleách (ISAnna) atá riachtanach chun feidhmeanna maoirseachta eacnamaíocha a fheidhmiú mar aon le cuspóirí faoi Threoir na Muirear Aerfoirt (ACD). Sa dara páipéar scrúdaithe modhnúcháin timpeallachta muirear aerfoirt agus infheistíochtaí inbhuanaitheachta. Is nuashonrú ar pháipéar 2021, "Muirir Aerfoirt agus Ceisteanna agus Breithniúcháin Timpeallachta", é an páipéar seo agus scrúdaítear ann samplaí nua de reachtaíocht nó do mhodhnúcháin timpeallachta.


### Ceadúnú Aeriompróra

Ag deireadh 2023, bhí 12 aeriompróir atá lonnaithe in Éirinn ceadúnaithe ag IAA chun páirt a ghlacadh in oibríochtaí aeriompair tráchtála. Níor eisíodh aon cheadúnas oibriúcháin nua i rith na bliana.

I rith na bliana, bhí gach sealbhóir ceadúnais faoi réir monatóireachta rialta d'fhonn a chinntiú go raibh an reachtaíocht cheadúnaithe ábhartha a bhain le hacmhainneacht airgeadais, cumhdach árachais, úinéireacht agus rialú á gcomhlíonadh. Leanamar ar aghaidh le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar staid airgeadais aeriompróirí, go háirithe iad siúd a raibh a staid airgeadais níos laige, trí shonraí airgeadais a chur ar fáil go minic agus trí rannpháirtíocht rialta.

I rith 2023 fuaireamar seacht n-aighneacht ó aeriompróirí Éireannacha faoi Airteagal 8 (5) den Rialachán Ceadúnaithe a cheanglaíonn go dtugtar fógra roimhe ré do IAA maidir le haon athrú suntasach ar scála a ghníomhaíochtaí, roimh aon chumasc/ éadáil bheartaithe nó sa chás go n-athraítear úinéireacht agus rialú. Bhain ceithre aighneacht le hathrú suntasach ar scála gníomhaíochtaí, agus bhain trí aighneacht le hathrú úinéireachta a cheangal úinéireacht athnuaite agus iniúchadh

### Ceaduithe Láimhseála ar an Talamh 2023




rialaithe a bheith á dhéanamh ag IAA. Comhoibrímid le comhghleacaithe ó údaráis cheadúnais inniúla ábhartha eile i ndáil le nithe a bhaineann le Rialachán (CE) 1008/2008, athruithe beartaithe ar úinéireacht agus rialú a bhaineann le sealbhóirí ceadúnais oibriúcháin a bhfuil roinnt ceadúnas oibriúcháin ar leithligh acu ar fud an AE mar shampla.

### Ceaduithe Láimhseála ar an Talamh

Ag deireadh 2023, bhí 9 bhféinláimhseálaí ceadaithe (i.e. roghnaíonn aerlíne seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil di féin) agus 37 soláthraí ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh nó láimhseálaithe tríú páirtí (i.e. cuideachta atá i mbun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil, is cuma más aerlíne atá ann nó cuideachta láimhseála ar an talamh tiomnaithe) i mbun oibre. As measc na bhféinláimhseálaithe ceadaithe, tá 3 fhéinláimhseálaí ceadaithe freisin chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil do thríú páirtithe. Tá liosta iomlán de na sealbhóirí ceadaithe le fáil ar shuíomh gréasáin IAA.

I rith 2023, fuair IAA ceithre iarratas nua ar cheadú mar fhéinláimhseálaí/soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh. I gcaitheamh na bliana, bhí gach sealbhóir ceadaithe faoi réir monatóireachta rialta d'fhonn a chinntiú go raibh na Rialacháin ábhartha á gcomhlíonadh acu a bhain le hacmhainneacht airgeadais agus cumhdach árachais go háirithe.

### Ceadúnú Trádála Taistil

Tá ról cosanta tomhaltóirí ag IAA i ndáil le custaiméirí gníomhairí taistil, tionscnóirí turas agus

eagraithe pacáistí sa chás go n-éiríonn gnó as a chúraimí gnó (i bhfocail eile, ní féidir le soláthraí a (h) oibleagáidí a chomhlíonadh níos mó). Déanaimid é seo trí thairbhe a bhaint as córas ceadúnaithe agus nasctha, Ciste Cosanta na dTaistealaithe a riar, éilimh a phróiseáil sa chás go gcliseann ar ghnó agus seiceálacha dearbhaithe éagsúla a dhéanamh ar eintitis atá lonnaithe lasmuigh den stát ach atá ag trádáil laistigh den stát.

Tá liosta iomlán de ghníomhairí taistil ceadúnaithe/ nasctha agus tionscnóirí turas, lena n-áirítear iad siúd a sholáthair Cumhdach i gcás Dócmhainneachta, foilsithe ar shuíomh gréasáin IAA chun cabhrú le tomhaltóirí gnóthaí a sholáthraíonn a leithéid sin de chosaint a aithint.

Déanann gach eintiteas ceadúnaithe measúnú ar a acmhainneacht airgeadais mar chuid den phróiseas ceadúnaithe agus chomh maith leis sin, tá siad faoi réir monatóireacht mhíosúil nó ráithiúil leanúnach (lena n-áirítear monatóireacht ar leibhéil nasctha).

In 2023, rinneamar iniúchadh ar 14 ghearán a bhain le trádáil a d'fhéadfadh a bheith neamhcheadúnaithe.

Ceanglaítear ar ghníomhairí taistil, tionscnóirí turas, miondíoltóirí agus eagraithe socruithe a dhéanamh chun cosaint a sholáthar don phobal taistil sa chás go gcliseann ar ghnó.

Ní mór d'eintitis cheadúnaithe banna a sholáthar. Ríomhtar an banna mar chéatadán de láimhdeachas incheadúnaithe réamh-mheasta an ghnólachta. I láthair na huaire, tá na bannaí socraithe ag 4% le haghaidh gníomhairí taistil agus ag 10% le haghaidh tionscnóirí turas. Le haghaidh gach socrú pacáiste taistil/taistil nasctha eile, sa chás go gcuirtear tús leis an taisteal in aon Bhallstát eile den AE, soláthraíonn siad slándáil bhreise do IAA le haghaidh na ndíolachán seo i bhfoirm árachais slánaíochta iomlán.

Sa chás go gcliseann ar ghnó, mura gclúdaíonn an banna costas na n-éileamh ar fad, clúdaíonn Ciste Cosanta na dTaistealaithe an gannchion. Ní bhaineann sé seo ach le heintitis cheadúnaithe agus lena gcuid díolachán atá ag teacht leis an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear atá le fáil in Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 (arna leasú).

| Eintitis Cheadúnaithe | 2023 (€m) | | 2022 (€m) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | Láimhdeachas Incheadúnaithe Réamh-mheasta | Banna | Láimhdeachas Incheadúnaithe Réamh-mheasta |
| Gníomhaire Taistil (banna 4%) | 35 | 879 | 29 | 736 |
| Tionscnóir Turas (banna 10%) | 25 | 254 | 22 | 222 |
| **Iomláin** | **60** | **1153** | **51** | **958** |

Chlis ar chuideachta amháin in 2023, rud ba chúis le héilimh i gcoinne scéim an Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta (Ciste Cosanta na dTaistealaithe) agus banna. Tá na sonraí le fáil thíos:

Manasik Tours Limited Ag Trádáil Mar Orient Travel, Orient Travel Corporate & Eastern Escapes ar an 10 Eanáir 2023. Ghlacamar le agus phróiseálamar 35 éileamh, agus thugamar cúiteamh do 33 duine a rinne éileamh, agus íocadh €126,150 ar fad i bhfoirm cúitimh.

### Scéim Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta

Tugtar ceart faoi Acht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, do thaistealaithe aisíocaíocht a fháil le haghaidh gach íocaíocht sa chás go gcealaíonn an taistealaí nó an t-eagraí saoire phacáiste mar gheall ar imthosca dosheachanta agus neamhghnácha. Glacadh le COVID-19 mar chás den chineál sin, agus bhí sé mar bhonn le deacrachtaí sreabhaidh airgid sa tionscal taistil. In 2020 bhunaigh an Rialtas beart éigeandála gearrthéarmach ar a dtugtar Scéim an Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta.



Ní féidir aon Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta breise a eisiúint i ndiaidh an dáta sin agus is é an 31 Nollaig 2024 an dáta éaga atá luaite leis na Nótaí atá eisithe. Ba cheart do chustaiméirí a bhfuil RCN acu é a úsáid chun taisteal a cheannach nó é a thiontú go dtí airgead tirim roimh an dáta sin.

Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na RCNanna atá i gcúrsaíocht faoi láthair agus tá luach faoi €1m luaite leo anois, figiúr atá laghdaithe ó €18m nuair a bhí go leor úsáide á baint as an scéim. Déanann an Fhoireann Trádála Taistil monatóireacht ar an scéim ar bhonn míosúil.

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

I rith 2023, d'oibríomar le Páirtithe Leasmhara ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear:

1. Bhunaíomar an Fóram Páirtithe Leasmhara Eitlíochta agus reáchtálamar an chéad chruinniú i mí Mheán Fómhair 2023. Tá rannóg ar leith bunaithe ar shuíomh gréasáin IAA chun níos mó sonraí a sholáthar maidir leis an bhFóram agus na téarmaí tagartha gaolmhara agus tá tuarascáil faoi chéad chruinniú an Fhóraim curtha ar fáil freisin. Féach www.iaa.ie
2. Reáchtálamar ceithre chruinniú athbhreithnithe sábháilteachta leis na príomhoibreoirí aerárthaí, aerfoirt agus soláthraí ATM/ANS i rith Ráithe 3 2023. Tá sceideal forbartha againn chun cruinnithe athbhreithnithe sábháilteachta a reáchtáil le 15 eagraíocht i rith Ráithe 2 2024.
3. Reáchtálamar an cheardlann sábháilteachta trasréimse bhliantúil do bhainisteoirí sábháilteachta oibreoirí aerárthaí, aeradróm agus soláthraithe ATM/ANS i mí Feabhra 2023. I rith na ceardlainne díríodh ar ullmhacht don mhéadú ar oibríochtaí a bhfuiltear ag súil leis i rith Shamhradh 2023 bunaithe ar an méid a foghlaimíodh i rith na chéad chéime de théarnamh i ndiaidh COVID-19 i rith 2022.
4. Bhunaíomar an Fóram Náisiúnta Sábháilteachta Rúidbhealaigh in 2023 chun Foireann Sábháilteachta Rúidbhealaigh Áitiúla in Éirinn a thabhairt le chéile chun a gcuid eispéireas maidir le rioscaí agus maoluithe sábháilteachta a roinnt. Reáchtáladh an chéad Fhóram i mí Dheireadh Fómhair 2023.
5. Reáchtálamar ceardlanna agus fóraim chomhairliúchán maidir le sábháilteacht/seasamh rialála san earnáil i ngach réimse, lena n-áirítear oibríochtaí eitilte, sábháilteacht cábáin, oibríochtaí ar an talamh, aeracmhainneacht, ATM/ANS, UAS, Aeradróim agus slándáil eitlíochta. Is é an phríomhaidhm atá leis na ceardlanna seo oibriú le heagraíochtaí in earnáil áirithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna sábháilteachta agus chun plé a dhéanamh ar aon deacracht a bhaineann leis

an gcreat rialála earnáilsonrach a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, d'eagraíomar ceardlanna tionscail trasréimse do pháirtithe leasmhara tionscail maidir leis na rialacháin chibearshlándála atá le foilsiú ag an AE (Cuid IS) i mí Mheán Fómhair 2023 agus meitheal shonrach maidir le paisinéirí ainrianta.

6. Cuirimid maoiniú ar fáil do agus tacaímid le Comhairle um Shábháilteacht Eitlíochta Ghinearálta na hÉireann, lena n-áirítear tráthnónta sábháilteachta débhliantúla a bhíonn dírithe ar ghníomhaíochtaí eitlíochta ginearálta, a reáchtáladh i rith mhí Aibreáin agus mhí na Nollag 2023.

## Ár mBaill Foirne agus Eagraíocht

I rith 2023, bunaíodh struchtúr eagraíochta IAA nua chun feidhmeanna sábháilteachta agus slándála an Údaráis a chumasc le feidhmeanna eacnamaíocha agus cosanta tomhaltóirí an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, chun rialtóir eitlíochta sibhialta aonair a chruthú.

Cheangail an struchtúr IAA nua seo go mbunófaí agus go gcuirfí acmhainní ar fáil d'fheidhmeanna corparáideacha nua le haghaidh TFC, Acmhainní Daonna agus Saoráidí, Comhlíontacht Dlí agus Rúnaí Cuideachta, agus Airgeadas, de bhrí go raibh na feidhmeanna a bhí bunaithe agus na baill foirne a bhí i mbun an róil seo do IAA bogtha go dtí AirNav na hÉireann. Chomh maith leis sin, mhionathraíomar agus d'fhorbraíomar córais, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta chun tacú leis an eagraíocht nua.

## Earcaíocht

Bhain dúshláin le cúrsaí foirne in 2023, agus dá bhrí sin, bhí an ghníomhaíocht earcaíochta dírithe ar fheidhmeanna nua a bheith á mbunú don Údarás mar aon le gnáthphróisis earcaíochta leanúnacha chun tacú lenár bplean foirne.

## Bainistíocht Pinsin

Tá príomhphlean pinsin le sochar sainithe an Údaráis, nach bhfuil ag glacadh le hiontrálaithe nua anois, ag dí-rioscú ar aon dul lena thogra maoinithe reatha a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh 2024. Mar thoradh ar an scaradh / ar an gcumasc déanfar tuilleadh forbairtí de réir mar a ghlacfaidh AirNav na hÉireann le freagracht as an dá eagraíocht agus de réir mar a ghlacfaimid freagracht as ár ndliteanais seirbhíse todhchaíocha féin i ngach scéim a bhaineann lenár sainchúram lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta atá lánscortha anois. Glacfaidh gach iontrálaí nua san Údarás páirt i bplean pinsin hibridigh atá bunaithe ar shocrú le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe. I ndiaidh athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an bplean pinsin hibridigh, cheadaigh an tAire méadú 2% ar phinsin a bhí á n-íoc i gcomhair 2023. Táthar ag fanacht ar chead a fháil ón Aire chun athruithe beartaithe eile a chur i bhfeidhm ar an bplean a éascóidh scéim le ranníocaíocht shainithe a bhunú agus stop a chur le cead a thabhairt do na hiontrálaithe nua ar fad páirt a ghlacadh sa phlean pinsin hibridigh ó dháta sonraithe.

## Sláinte agus Sábháilteacht

In 2023 leanamar ar aghaidh le hathruithe ábhartha ar ár nósanna imeachta aslonnaithe, measúnú riosca agus prótacail sábháilteachta a nuashonrú de réir comhairle sláinte poiblí agus beartais Rialtais. Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le cleachtais shábháilte san oifig agus cinnteoimid go bhfuilimid ag cloí lenár Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus leis na forálacha sláinte poiblí sa bhliain amach romhainn.

## Leas Folláine

Leanadh ar aghaidh lenár gClár Folláine Fostaí i rith 2023 agus cuireadh gníomhaíochtaí ar líne agus intí i gcrích ar bhain ár mbaill foirne ar fad tairbhe astu. Bhí an t-ábhar dírithe ar Fholláine Coirp agus Cothú, Meabhairshláinte, Nasc agus Neartú Foirne, Freagracht Shóisialta agus Foghlaim. Leanfaimid ar aghaidh le cláir a fhorbairt agus a chothabháil amach anseo agus le dualgas cúraim a sholáthar d'fhostaithe ina n-aonar agus le chéile, trí na huirlisí agus an tacaíocht riachtanach a úsáid chun folláine fostaithe dhearfach a mhéadú, rud a thacaíonn lenár gcuspóirí straitéiseacha freisin. Chomh maith leis sin, bhunaíomar grúpa rannpháirtíochta fostaithe chun díriú ar thionchar an mheanapáis san áit oibre agus rinne an grúpa seo roinnt moltaí atá á gcur chun feidhme ar bhonn gníomhach.



## Dualgas Seirbhíse Poiblí

Táimid airdeallach ar ár n-oibleagáid reachtúil Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme arna leagan síos faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá an tÚdarás tiomanta do thimpeallacht a chur ar fáil dá mbaill foirne ar fad ina dtacaítear le háit oibre atá saor ó chiapadh agus ó idirdhealú, agus iniúchadh a dhéanamh, nuair is iomchuí, ar gach gearán agus treoir, cúrsaí oiliúna agus na hacmhainní riachtanacha a sholáthar. Leanfaimid ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár mbeartais agus cleachtais a bhaineann le héagsúlacht agus le cuimsiú trí mheasúnú fianaisebhunaithe a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine. Tá an tÚdarás ag leanúint ar aghaidh le himeachtaí agus le plé a eagrú faoi imeachtaí ceartais shóisialta domhanda, cosúil le Lá Idirnáisiúnta na mBan agus BRÓD agus tá sé ag súil le cur leis an obair seo agus le tionscnaimh eile amach anseo.

Tá oibleagáid orainn faoi Acht um Míchumas, 2005, tuairisciú go bliantúil ar líon agus ar chéatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas mar a fhorordaítear faoin Acht. Déantar measúnuithe trí úsáid a bhaint as suirbhé foirne anaithnid ag deireadh na bliana. Tuairisceofar ar thorthaí 2023 in 2024.

## Saoráidí agus An Timpeallacht

D'éiligh scaradh fheidhmeanna rialála Údarás Eitlíochta na hÉireann ag an am céanna lena chumasc leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, atá díscortha anois, agus bunú AirNav na hÉireann (ANI), athchumrú 'Foirgneamh an Times' chun freastal ar an dá eintiteas. Bhí na hiarrachtaí comhoibríocha idir ANI agus an tÚdarás dírithe ar ídiú fuinnimh a laghdú laistigh den áitreabh, an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) a fheabhsú, agus astaíochtaí carbóin a íoslaghdú. I rith na bliana, rinneadh iarrachtaí comhbheartaithe i gcomhpháirt lenár dtiarna talún agus ANI d'fhonn a chinntiú go raibh 100% d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite in úsáid, rud ba chúis le coigilteas breise ar leictreachas agus ár lorg carbóin a laghdú. I measc na dtionscnamh breise bhí uasghráduithe soilsithe ar fud an fhoirgnimh chun ídiú a laghdú agus comhpháirtíocht a bhunú le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun treochlár fuinnimh a dhearadh agus a chur chun feidhme a bheidh ailínithe leis na cuspóirí atá sonraithe sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Cuireadh lánscor an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta i gcrích ar an 1 Bealtaine 2023. Ina dhiaidh sin, bhog foireann uile an Choimisiúin ó Ardán Phort an Iarla go dtí Ceanncheathrú an Údaráis i bhFoirgneamh an Times ar Shráid D'Olier. Níor éirigh leis na hiarrachtaí a rinneadh seanoifigí an Choimisiúin a fholigean/ athearraíocht a bhaint astu mar gheall ar infhaighteacht réadmhaoin farasbairr níos deise ar an margadh. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis an idirbheartaíocht leis an tiarna talún chun teacht ar an socrú scoir airgeadais is fabhraí trí ghéilleadh léasa sa chéad Ráithe de 2024.

## IAA Idirnáisiúnta

Soláthraíonn IAA cúrsaí oiliúna do sheirbhísí ídithe agus comhairliúcháin inmheánacha agus seachtracha trí rannán Idirnáisiúnta IAA. I rith 2023, chuireamar na sainchúrsaí oiliúna seo a leanas ar fáil:

| Dáta | Ainm an Chúrsa | Laethanta | Cineál |
|---|---|---|---|
| 27 Feabhra - 2 Márta | Cúrsa BPNA | 4 | Seachtrach |
| 1 - 3 Márta | Buneolas ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS) | 3 | Seachtrach |
| 20 - 24 Márta | Bainistíocht Slándála Eitlíochta | 5 | Seachtrach |
| 21 Márta | Cúrsa Anailíse Bunchúiseanna | 1 | Seachtrach |
| 3 - 5 Aibreán | Oiliúint don Oiliúnóir | 3 | Inmheánach |
| 24-28 Aibreán | Cúrsa faoi Iniúchtaí Rialála agus Forfheidhmiú | 5 | Inmheánach |
| 24 - 27 Aibreán | Cúrsa Iniúchóirí NAA | 3 | Seachtrach/ Inmheánach |
| 3 - 4 Bealtaine | Ardchúrsa Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) | 2 | Inmheánach |
| 16ú - 17ú Bealtaine | SeMS (Córais Bhainistíochta Slándála) | 2 | Seachtrach |
| 23 - 24 Bealtaine | Ardchúrsa Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) | 2 | Inmheánach |
| 7 - 9 Meitheamh | Buneolas ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS) | 3 | Seachtrach |
| 28 Lúnasa - 1 Meán Fómhair | Bainistíocht Slándála Eitlíochta | 5 | Seachtrach |
| 4 - 6 Deireadh Fómhair | Buneolas ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS) | 3 | Seachtrach |
| 1 Noll | Oiliúint d’Iniúchóirí na Feidhme Monatóireachta Leanúnaí | 1 | Inmheánach |

Chomh maith leis sin, comhoibríonn IAA le Stáit chonarthacha ICAO eile agus soláthraíonn sé saineolas chun dea-chleachtas a roinnt agus chun scileanna rialála a fhorbairt. Déantar an obair seo trí chomhaontuithe seirbhíse déthaobhacha. Ina theannta sin, comhoibrímid le EASA trí chomhaontú comhpháirtíochta chun ár saineolas a chur ar fáil do EASA chun feidhmeanna maoirseachta rialála a chur i gcrích do EASA i dtríú tíortha.

## Freagrachtaí Timpeallachta

I rith 2023, lean IAA ar aghaidh lena astaíochtaí foriomlána scóip 1 agus scóip 2 a laghdú. D’éirigh linn ár lorg carbón foriomlán a laghdú trínár n-oifigí a chomhdhlúthú i suíomh amháin, agus an spás oifige foriomlán a bhí in úsáid a laghdú thart ar 5,000 troigh chearnach.

Is cuideachta ainmnithe é IAA de chuid NewERA agus tá glactha aige le creat Ghníomh 55. I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích in 2023 bhí Coiste Timpeallachta de Bhord IAA a bhunú agus tuairisciú rialta do NewERA maidir le tionscnaimh leanúnacha. Ina theannta sin, tá IAA anois ina bhall de Chlár Comhpháirtíochta Dícharbónaithe Fuinnimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

In 2023 bunaíodh rialachán AE nua maidir le spriocanna éigeantacha a bhaineann le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a úsáid, agus tá IAA le hainmniú mar údarás inniúil do roinnt ról laistigh den rialachán.

Chomh maith leis sin, glacann IAA páirt i meitheal na Roinne Iompair maidir le táirgeadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe in Éirinn, a bunaíodh in 2023.

# Athbhreithniú Airgeadais



# Athbhreithniú Airgeadais

D'fhoráil achtú Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 ("Acht 2022"), d'aistriú Fheidhm ANSP IAA chuig cuideachta stáit nua-ionchorpraithe, Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann DAC ("AirNav na hÉireann"). Aistríodh ag gnó trí dháileachán ó chúlchistí IAA. Foráladh in Acht 2022 freisin do chumasc fheidhmeanna agus ghlansócmhainní an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, rialtóir eitlíochta eacnamaíche neamhspleách, agus go mbeadh rialtóir eitlíochta sibhialta náisiúnta amháin á bhunú ag IAA. Tharla sé seo ar an 1 Bealtaine 2023. Ciallaíonn sé sin go bhfuil torthaí don Fheidhm ANSP agus don Fheidhm SRD don tréimhse idir Ean-Aibreán 2023 le fáil i ráitis airgeadais na bliana seo. Ón 1 Bealtaine, cuimsítear iontu torthaí d'Fheidhm SRD IAA agus do na feidhmeanna nua-chumasctha den Choimisiún um Rialáil Eitlíochta.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, ar bhonn comhdhlúite do Ghrúpa IAA, comhdhlúthaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta agus an fhochuideachta a bhí faoi 100% úinéireacht, IAA North Atlantic Inc. Mar atá luaite, ar an 1 Bealtaine 2023, aistríodh an Gnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann agus san áireamh san aistriú bhí na glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara ar fad ANSP lena n-áirítear scairshealbhú IASS in IAA North Atlantic Inc agus Entry Point North AB. Dá réir sin, cuirtear i láthair sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear na ráitis chomparáideacha, na torthaí, an staid airgeadais, na sreafaí airgid agus ráiteas ar athruithe cothromais na cuideachta mar eintiteas reachtúil neamhspleách.

Bhí an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh cánachais cothrom le €0.67 milliún *(2022: €17.6 milliún)* ar láimhdeachas de €91 milliún *(2022: €213 milliún)*. Bhí luach €1.29m luaite le hOibríochtaí Scortha agus bhain (€0.6m) leis sin le hOibríochtaí Leanúnacha.

Laghdaigh glansócmhainní na cuideachta €301.67 milliún go dtí €61.56 milliún i ndiaidh aistriú sócmhainní agus dliteanas luach €310.36 milliún go dtí AirNav na hÉireann agus aistriú isteach sócmhainní agus dliteanas luach €2.7 milliún ó CAR.

Seo a leanas príomh-bhuaicphointí airgeadais agus oibriúcháin na cuideachta:

## Láimhdeachas

| | 2023 '000s | 2022 '000s |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | 90.7 | 212.8 |
| Brabús/(caillteanas) oibriúcháin | (1.9) | 24.4 |
| Brabús roimh cháin | 1.7 | 22.2 |
| Brabús i ndiaidh cánach | 0.7 | 17.6 |
| Airgid tirim agus éarlaisí | 59.9 | 143.6 |
| Glansócmhainní | 61.6 | 363.2 |

I rith na tréimhse idir Eanáir agus Aibreán 2023, gineadh láimhdeachas na cuideachta, go príomha, ó sheirbhísí aerthráchta a sholáthar in aerspás atá ag rialú ag Éirinn agus seirbhísí cumarsáide gutha ardmhinicíochta a cuireadh ar fáil leath bealaigh trasna an Atlantaigh Thuaidh. In 2022, bhain 87% den láimhdeachas iomlán don bhliain leis na seirbhísí seo. Bhain 11% den láimhdeachas iomlán le táillí agus muirir rialála sábháilteachta agus is ioncam tráchtála agus ioncam eile a bhí i gceist san iarmhéid. Mar gheall ar atheagrú an ghnó, in 2023, bhain 63.5% den láimhdeachas iomlán don bhliain leis na seirbhísí seo. Bhain 32.9% den láimhdeachas iomlán le táillí agus muirir rialála sábháilteachta agus is ioncam tráchtála agus ioncam eile ó fheidhmeanna a raibh CAR freagrach astu roimhe seo a bhí i gceist le 3.6%

den láimhdeachas iomlán. Chuir IAA Céim a hAon dá thionscadal athbhreithnithe maoinithe chun feidhme in 2023, agus méadaíodh táillí a bhain le haeradróim agus le slándáil eitlíochta. Ciallaíonn an t-aistriú seo go dtí prionsabal 'íoc mar a úsáidtear' go mbeidh Céim a Dó den tionscadal á chur chun feidhme in 2024.

Don tréimhse idir Eanáir agus Aibreán 2023:

- **Bhí an t-ioncam faoi bhealach** €1.8 milliún níos airde ná an buiséad, de bhrí go raibh aonaid seirbhíse iarbhír 9.8% níos airde ná an buiséad agus 5.2% níos airde ná an plean RP3. Faoi rialacha comhroinnte riosca thrácht SES, tabharfar 2.3% den athraitheas seo ar ais d'úsáideoirí aerspáis in 2025. De bhrí go bhfuil cuid den ghnó seo aistrithe go dtí Aerloingseoireacht na hÉireann, tabharfar é seo ar ais do ANI.
- **Bhí ioncam críochfoirt** €0.3 milliún níos airde ná an buiséad de bhrí go raibh aonaid seirbhíse iarbhír 5.5% níos airde ná an buiséad agus 8.9% níos airde ná an plean RP3. Díreach cosúil le hioncam faoi bhealach, faoi rialacha comhroinnte riosca thrácht SES, tabharfar 4.8% den athraitheas seo ar ais d'úsáideoirí aerspáis in 2025. De bhrí go bhfuil an chuid seo den ghnó aistrithe go dtí Aerloingseoireacht na hÉireann, tabharfar é seo ar ais do ANI.
- **Bhí ioncam** €6.0 milliún ó chumarsáid Atlantaigh Thuaidh €1.1 milliún chun cinn ar an mbuiséad mar gheall ar mhéideanna tráchta níos airde ná mar a bhí tuairiscithe sa bhuiséad.

Don bhliain iomlán idir Eanáir agus Nollaig 2023:

- Bhí an t-ioncam deimhnithe aeracmhainneachta €0.9m chun cinn ar an mbuiséad don bhliain mar gheall ar níos mó aerárthaí a bheith cláraithe ar chlár na hÉireann.
- Bhí an tIoncam Ceadúnaithe €0.8m chun cinn ar an mbuiséad. Is Ceadúnú Pearsanra den chuid is mó atá i gceist anseo atá fritháirithe de bhrí go ndearnadh cuntas sa bhuiséad d'ioncam do bhliain iomlán ó Cheadúnú Aeriompróra/ Láimhseála ar an Talamh agus Trádála Taistil ag teacht ó CAR, ach ní bhfuaireamar an t-ioncam seo ach ó mhí na Bealtaine ar aghaidh.
- Bhí Ioncam NSA, arb ionann é agus an méid a muirearaíodh chuig AirNav na hÉireann faoi RP3, €0.5m faoin mbuiséad, mar gheall ar chaitheamh níos ísle ná buiséad.
- Bhí na táillí Slándála Eitlíochta ag teacht leis an mbuiséad. Méadaíodh na táillí sa réimse seo, tag. 01/04/23, agus mhéadaigh líon na ngluaiseachtaí paisinéara i rith na bliana freisin.
- Bhí na táillí aeradróim ag teacht leis an mbuiséad. Sa bhuiséad cuireadh san áireamh go mbeadh táillí sa réimse seo ag méadú ó Eanáir 2023 ach cuireadh an méadú i bhfeidhm i ndiaidh an atheagair, wef 01/02/23. Bhí sé seo fritháirithe ag méadú ar ghluaiseachtaí sa bhliain.
- Bhí Ioncam Eile €0.8m faoin mbuiséad ach bhain sé seo, go príomha, le feidhmeanna CAR a bheith á n-aistriú anonn ag dáta níos déanaí ná mar a bhí buiséadaithe.

Laghdaigh láimhdeachas 57% go dtí €91 milliún in 2023, laghdú ó €213 milliún in 2022. Baineann an laghdú seo le haistriú fheidhm ANSP go dtí AirNav na hÉireann.

## Caiteachas oibriúcháin

Laghdaigh costais oibriúcháin €96 milliún nó 51% go dtí €92.6 milliún in 2023 (€188m 2022).

Don tréimhse idir Eanáir agus Aibreán 2023, cuimsíodh sna costais oibriúcháin iad siúd a bhain le feidhm ANSP a aistríodh go dtí AirNav na hÉireann ar an 1 Bealtaine. Cuirtear san áireamh anseo an laghdú ar chostais sa bhliain. Ó mhí Bealtaine ar aghaidh, cuimsítear sna costais oibriúcháin na costais a bhaineann le feidhm SRD IAA mar aon leis na costais a bhaineann le feidhmeanna CAR a aistríodh ar an 1 Bealtaine 2023.

Cuimsítear sa chaiteachas iomlán de €92.6 milliún luach €57.1m de chostais ANSP, le €35.5m de chaiteachas a bhain le gnó leantach IAA. Bhí an caiteachas buiséadaithe don bhliain cothrom le €39.2m agus glacadh leis go dtarlódh atheagrú IAA ar an 1 Eanáir 2023. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an t-athraitheas don bhliain cothrom le €3.7m. Seo a leanas an príomh-athraitheas buiséid:


Bhí na costais Phá agus Phinsin de €20.9m €1.4m milliún níos ísle ná an buiséad. Baineann formhór an athraithis seo le hearcaíocht níos déanaí ná mar a cuireadh san áireamh sa bhuiséad a bhí fritháirithe ag íocaíocht foirne de €0.86m, a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2023, i ndiaidh moladh a fháil ó Bhord um Réiteach Díospóidí Inmheánach (“IDRB”) IAA ar an 19 Bealtaine 2023 chun íocaíocht chnapshuime a thabhairt d’fhostaithe a ghlac le ciorrú pá sealadach mar chuid de thacar beart srianta costais a bhain le COVID-19. Bhí na costais Oiliúna agus Taistil de €1.7m ag teacht leis an mbuiséad. Bhí na costais Riaracháin/Fóntas/Tógála cothrom le €6.6m, sin €0.2m os cionn an bhuiséid. Bhí na costais TF/Sainchomhairleoireachta/Dlí €1.8m faoin mbuiséad. Bhí na costais eile €0.7m faoin mbuiséad. Baineann formhór an tearc-chaithimh sa bhliain leis an bpointe gur socraíodh an buiséad bunaithe ar atheagrú níos túisce.

## Brabúsacht

Bhí an brabús roimh cháin don bhliain 2023 cothrom le €1.7 milliún i gcomparáid le €22.2 milliún in 2022. Bhí an brabús i ndiaidh cánach cothrom le €0.7 milliún i gcomparáid le €17.6 milliún in 2022.

## Pinsean

Thaifead an chuideachta dliteanas pinsin de €8.7m. Is ionann é seo agus athrú suntasach i gcomparáid le 2022, tráth ar thaifead an chuideachta sócmhainn phinsin de €44.3m. Tharla sé seo mar thoradh ar atheagrú an ghnó i rith na bliana. De bhua Acht 2022, chomhaontaigh IAA agus AirNav na hÉireann ar mhiondealú ar oibleagáidí pinsin amhail ar an 30 Aibreán 2023. Níor tugadh aon athrú faoi deara ar theidlíochtaí sochair foriomlána na bhfostaithe aistrithe mar thoradh ar an socrú.



Ón 1 Bealtaine 2023, ghlac AirNav na hÉireann le freagracht as gach scéim eile atá á bhfeidhmiú ag IAA. Tá na scéimeanna seo ag freastal ar dhliteanais phinsin uile na bhfoirne aistrithe go dtí AirNav na hÉireann, daoine atá ar scor faoi láthair, baill iarchurtha agus a gcleithiúnaithe cáilithe. Chomh maith leis sin, rinne AirNav na hÉireann foráil do chuid de na dliteanais phinsin a bhaineann le baill foirne leantacha IAA arna chinneadh bunaithe ar bhonn tagartha comhaontaithe a bhain le seirbhís inphinsin críochnaithe roimh an dáta dílsithe agus tuarastal inphinsin ar an dáta dílsithe.

Bhunaigh IAA a scéim(eanna) le sochar sainithe/hibrideach(a) féin agus tá sé freagrach as na dliteanais a bhaineann le seirbhís thodhchaíoch bhaill foirne IAA mar aon leis na sochair phinsin a bhaineann le méaduithe pá inphinsin i ndiaidh an 1 Bealtaine 2023.

Foráladh thairis sin in Acht 2022 d’aistriú scéimeanna pinsin CAR go dtí IAA ar an 1 Bealtaine 2023. D’fheidhmigh CAR scéim sochair scoir arb ionann í agus socrú sochair scoir tuarastail deiridh le sochar sainithe agus bhí na sochair á sainiú trí thagairt do rialacháin “samhail” na hearnála poiblí atá i bhfeidhm faoi láthair. Ghlac IAA seilbh ar an scéim pinsin seo ar an 1 Bealtaine 2023. Chomh maith leis sin, d’fheidhmigh CAR “Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí” (“Scéim Aonair”) – do bhaill foirne ar cuireadh tús lena bhfostaíocht ón 1 Eanáir 2013. Ní raibh baill na Scéime Pinsean Aonair ar ghlac IAA seilbh ar a gconarthaí fostaíochta ar an 1 Bealtaine 2023 i dteideal páirt a ghlacadh sa Scéim Aonair a bhí á fheidhmiú ag CAR roimhe seo níos mó. Chruthaigh IAA scéim scátháin lenar bhain na rialacha céanna leis na Scéim Aonair le haghaidh na bhfostaithe seo. Is ionann an dliteanas pinsin de €8.7m agus dliteanas measta achtúireach IAS le haghaidh gach ceann dá scéimeanna amhail ar an 31 Nollaig 2023. Chomh maith leis sin, thaifead IAA sócmhainn phinsin de €0.4m atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh sochar scoir ar an Scéim Aonair.

## Sreabhadh Airgid agus Saoráidí Bainc

In 2023, d’úsáid an chuideachta airgead tirim ó oibríochtaí de €11.2 milliún i gcomparáid le hairgead tirim ginte ó oibríochtaí in 2022 lenar bhain luach de €18.9 milliún. San áireamh san airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta bhí caiteachas caipitil de €9.5 milliún (2022: €9.6 milliún). Bhí cúlchistí airgid luach €59.9 milliún ag an gcuideachta ag deireadh na bliana i gcomparáid le €143.6 milliún ag deireadh 2022. Rinneadh airgead tirim na cuideachta amhail ar an 30 Aibreán 2023 a scoilteadh de réir Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, agus thoiligh an tAire Iompair agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe an Meabhrán Aistrithe.

Bhí gealltanas tugtha ag an gcuideachta maidir le saoráidí iasachta de €60 milliún. Bhí na saoráidí seo neamhtharraingthe ar an 30 Aibreán 2023 agus aistríodh iad go dtí AirNav na hÉireann mar chuid dá athstruchtúrú. Tá saoráid rótharraingthe de €5m ag an gcuideachta. Bhí an tsaoráid seo neamhúsáidte ar an 31 Nollaig 2023. Leanfaidh an chuideachta ar aghaidh lena leachtacht a bhainistiú.

Ar leithligh, tá €41.7m in airgead tirim do bhannaí gníomhaireachta taistil agus oibritheora taistil i seilbh na cuideachta. Is féidir le IAA é seo a úsáid sa chás go gcliseann ar ghnó gníomhaire taistil nó tionscnóra turas, agus i gcás mar sin, d’aisíocfadh IAA custaiméirí a bhfuil éilimh bhailí acu faoin gcóras ceadúnaithe.

## Rialáil Eacnamaíoch

Bhí gníomhaíochtaí faoi bhealach, críochfoirt agus díolúine IAA á rialú ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) agus Aerspás Eorpach Aonair an Choimisiúin Eorpaigh. Tá na muirir a bhaineann le seirbhísí faoi bhealach agus críochfoirt arna leagan amach i bPlean Feidhmíochta an Stáit don tríú tréimhse tagartha 2020 - 2024 (ar a dtugtar RP3). Tá na muirir comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta éifeachtúlachta costais arna leagan amach ag an AE agus arna nglacadh ag Ballstáit an AE. Aistríodh na gníomhaíochtaí seo go dtí AirNav na hÉireann ar an 1 Bealtaine agus de bhrí gur aistríodh an fheidhm rialála go dtí IAA nuair a cumascadh CAR leis ar an 1 Bealtaine 2023, tá na gníomhaíochtaí seo anois á rialú ag AirNav na hÉireann.

# Tuairisc na Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais

## Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Uimhir chláraithe: 211082



# Clár Ábhar

Stiúrthóirí agus faisnéis eile ..... 39

Ráiteas rialachais agus tuarascáil na stiúrthóirí ..... 40

Ráiteas ar rialú inmheánach ..... 50

Ráiteas ar fhreagrachtaí stiúrthóirí maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais ..... 52

Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách d'Údarás Eitlíochta na hÉireann ..... 53

Ráiteas brabúis agus caillteanais ..... 56

Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile ..... 57

Ráiteas ar an staid airgeadais ..... 58

Ráiteas ar athruithe cothromais ..... 59

Ráiteas ar shreafaí airgid thirim ..... 60

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ..... 61

# Stiúrthóirí agus faisnéis eile

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Rose Hynes *(Cathaoirleach)*<br>Declan Fitzpatrick (*Príomhfheidhmeannach)*<br>Gerry Lumsden<br>Joan McGrath<br>Dermot Griffin *(ceaptha ar an 13 Aibreán 2023)*<br>Patrick Knight *(ceaptha ar an 13 Aibreán 2023)*<br>Ann McGarry *(ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023)*<br>Nóirín O'Sullivan *(ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023)*<br>Cian Blackwell *(d'éirigh as a chúraimí ar an 13 Aibreán 2023)*<br>Eimer O'Rourke *(d'éirigh as a cúraimí ar an 13 Aibreán 2023)*<br>Peter Kearney *(d'éirigh as a chúraimí ar an 1 Bealtaine 2023)*<br>Ernie Donnelly *(chuaigh ar scor ar an 5 Deireadh Fómhair 2023)* |
| **Rúnaí** | David Hodnett *(ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023*)<br>Aideen Gahan *(d'éirigh as a cúraimí ar an 1 Bealtaine 2023)* |
| **Oifig chláraithe** | Foirgneamh 'The Times'<br>11-12 Sráid D'Olier<br>Baile Átha Cliath 2, D02 T449<br>T: 353 1 603 1100<br>F: 353 1 679 2934<br>www.iaa.ie |
| **Iniúchóir** | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>An Port Thuaidh<br>Baile Átha Cliath, D01 PF72 |
| **Baincéirí** | Banc-Aontas Éireann, cpt.<br>BNP Paribas<br>Banc na hÉireann<br>Danske Bank<br>Barclays Bank |
| **Uimhir chláraithe** | 211082 |

# Ráiteas rialachais agus tuarascáil na stiúrthóirí

## Réamhrá
Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil ar fáil i dteannta le ráitis airgeadais iniúchta Údarás Eitlíochta na hÉireann ("IAA", "an Chuideachta") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

## Príomhghníomhaíochtaí
Is cuideachta leathstáit thráchtála é IAA (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) agus rialtóir eitlíochta sibhialta aonair na hÉireann, atá ag feidhmiú faoi Acht na gCuideachtaí (2014) agus Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 (2022). Tá fostaithe na Cuideachta lonnaithe i bPoblacht na hÉireann. Níl aon bhrainse ag an gCuideachta i dtíortha eile.

## Forléargas gnó
De bhua Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993 (Acht 1993), go stairiúil, chuir IAA dhá phríomhfheidhm i gcrích thar ceann an Stáit, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar rialáil sábháilteachta don eitlíocht shibhialta agus feidhmeanna Soláthraí Seirbhíse Aerloingseoireachta ("ANSP") a chur ar fáil don eitlíocht shibhialta.

Go stairiúil, bhí dhá rannán ar leith in IAA a bhí freagrach as na feidhmeanna seo a chur i gcrích thar ceann an Stáit. Is í Stiúrthóireacht Rialála Sábháilteachta ("SRD") IAA an chéad rannán atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rialáil sábháilteachta agus is é Soláthraí Seirbhíse Aerloingseoireachta IAA ("ANSP") an dara rannán atá freagrach as feidhmeanna ANSP a sholáthar.

D'fhoráil achtú Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 ("Acht 2022"), d'aistriú Fheidhm ANSP chuig cuideachta stáit nua-ionchorpraithe, Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann DAC ("AirNav na hÉireann").

Foráladh in Acht 2022 freisin do chumasc fheidhmeanna agus ghlansócmhainní an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, rialtóir eitlíochta eacnamaíche neamhspleách, agus go mbeadh rialtóir eitlíochta sibhialta náisiúnta amháin á bhunú ag IAA.

Ar an 1 Bealtaine 2023, an dáta a bhí ainmnithe ag an Aire Iompair mar an dáta dílsithe d'Acht 2022, d'aistrigh IAA Gnóthas ANSP agus na foirne gaolmhara go dtí AirNav na hÉireann, agus fuair sé seilbh, ar leithligh, ar na glansócmhainní, fostaithe agus gach conradh agus comhaontú gaolmhar de chuid an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ("CAR").

Aistríodh an Gnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann agus san áireamh san aistriú bhí na glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara ar fad ANSP lena n-áirítear scairshealbhú IASS in IAA North Atlantic Inc agus Entry Point North AB.

Aistríodh glansócmhainní Ghnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann ag a luach anonn sonraithe i ráitis airgeadais na Cuideachta ar an 1 Bealtaine 2023.

Tá oibríochtaí CAR aistrithe go dtí an Chuideachta ar an 1 Bealtaine 2023. San áireamh in oibríochtaí CAR tá a ghlansócmhainní agus fostaithe mar aon le gach conradh agus comhaontú gaolmhar.

Tá tuilleadh sonraí le fáil sna beartais chuntasaíochta agus i nóta 22 agus 23.

Tá IAA freagrach as leasanna sábháilteachta, slándála agus tomhaltóirí a rialáil. Tá eolas maidir le freagrachtaí na Cuideachta le fáil sa chreat de reachtaíocht/rialachán domhanda, Eorpach agus náisiúnta infheidhme.
Tá an méid seo a leanas san áireamh i bhfeidhmeanna rialála IAA:

- Rialáil Praghsanna Aerfort Bhaile Átha Cliath agus AirNav na hÉireann
- Aeracmhainneacht aerárthaí a dheimhniú agus a chlárú
- Pearsanra agus eagraíochtaí deimhniúcháin a bhfuil baint acu le cothabháil aerárthaí a cheadúnú
- Píolótaí, rialtóirí aerthráchta agus aeradróm a cheadúnú
- Caighdeáin oibriúcháin aeriompróirí a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Oibreoirí drón a chlárú
- Acmhainní a shocrú agus amanna a leithdháileadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
- An gnó taistil in Éirinn a cheadúnú
- Aerlínte a cheadúnú agus soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh a cheadú
- Monatóireacht agus rialáil Cearta Aerphaisinéirí agus cúnamh a chur ar fáil do Phaisinéirí a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe
- Maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil na heitlíochta sibhialta

Cuireann IAA a chuid oibre i gcrích de réir na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde atá socraithe ag:

- An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO);
- An Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (ECAC);
- An tAontas Eorpach (AE); agus.
- Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA).

Treoraíonn siad seo an IAA chun a chinntiú go bhfuil earnáil eitlíocht shibhialta na hÉireann ag feidhmiú de réir na gcaighdeán rialála. Is é an misean atá againn an earnáil eitlíochta a rialú de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde chun timpeallacht eitlíochta atá sábháilte, slán agus dírithe ar chustaiméirí a chinntiú. Trí rialachán, cumasóimid agus tacóimid le feidhmíocht agus nuálaíocht den chéad scoth san earnáil eitlíochta sibhialta in Éirinn agus thar lear.

Gintear ioncam IAA trí mhuirir agus táillí a fhaightear ó eintitis rialáilte agus úsáideoirí a sheirbhísí.

Tá IAA tiomanta – ar bhonn tráchtála fónta – do sheirbhísí rialála sábháilte, éifeachtúla agus costéifeachtúla a chur ar fáil a chomhlíonann a oibleagáidí reachtúla. Tá an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Alt 327 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 – athbhreithniú ar ghnó na Cuideachta – le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

## Rioscaí agus éiginnteachtaí

Is í fís IAA, rialáil a dhéanamh ag na caighdeáin ghairmiúla is airde chun timpeallacht eitlíochta atá sábháilte, slán agus dírithe ar an gcustaiméir a chur ar fáil agus chun tacú le feidhmíocht agus nuálaíocht den chéad scoth sa timpeallacht eitlíochta Éireannach agus dhomhanda, fís atá bunaithe ar sheacht bpríomhchuspóir straitéiseacha - rialáil éifeachtach, cosaint tomhaltóirí, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, ár mbaill foirne agus eagraíocht, nuálaíocht agus comhoibriú, tionchar a imirt agus freagracht chomhshaoil – a chuireann dlús lena ghníomhaíochtaí ina fheidhmíocht laethúil. Cuimsítear sna príomhrioscaí agus éiginnteachtaí ar dócha go mbeidh an tionchar poitéinsiúil is suntasaí acu ar IAA:

- teip maoirseachta rialála is cúis le timpiste thromchúiseach san aer nó ar an talamh;
- coinníollacha díobhálacha eacnamaíocha agus geopholaitiúla a bhfuil tionchar acu ar ghnó IAA lena n-áirítear srianta taistil chun paindéimí a rialú; agus
- slándáil bhaill foirne agus shócmhainní IAA, lena n-áirítear córais IAA a chosaint ó ionsaithe cibearshlándála.

Déantar rioscaí agus éiginnteachtaí a mheas ar bhonn leanúnach agus tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun déileáil leo seo agus leis na rioscaí eile nach mór do IAA déileáil leo. Leagtar amach sa rannóg rialachais chorparáidigh de thuarascáil seo na stiúrthóirí, ar leathanach 41 - 49 den tuarascáil seo, beartais agus cur chuige IAA i ndáil leis na rioscaí agus leis na nósanna imeachta agus freagrachtaí rialála inmheánacha.

## Seasamh airgeadais

Tá mionsonraí thorthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis

agus caillteanais ar leathanach 56 den tuarascáil seo agus sna nótaí gaolmhara. Mar atá mínithe ansin, bhí an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh cánachais cothrom le €0.7 milliún (2022: €17.6 milliún) ar láimhdeachas de €91 milliún (2022: €213 milliún). I rith na bliana, mhol baill an Bhoird gur cheart don Chuideachta díbhinn de €5.3 milliún a dhearbhú don bhliain fhioscach 2022 (2022: €Náid don bhliain fhioscach 2021).

### Príomhtháscairí feidhmíochta

Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar a feidhmíocht bunaithe ar anailís ar a príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais. Cuimsítear sna príomhtháscairí feidhmíochta, ar féidir iad a thomhas i dtéarmaí saora, i gcomparáid le haon mhéadú incriminteach, nó i gcomparáid le torthaí piarghrúpa:

- Brabús oibriúcháin;
- Brabús i ndiaidh cánach; agus
- Sreafaí airgid

Tá na stiúrthóirí sásta le torthaí na bpríomhtháscairí feidhmíochta seo i rith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023.

## Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na stiúrthóirí atá ag feidhmiú faoi láthair leagtha amach ar leathanach 43 den tuarascáil seo. Seachas mar atá sonraithe thíos, bhí siad ag feidhmiú don bhliain iomlán. Ceapadh an tUas. Dermot Griffin agus an tUas. Patrick Knight mar bhaill Bhoird ar an 13 Aibreán 2023. Ceapadh an tUas. Ann McGarry agus an tUas. Noirin O'Sullivan mar bhaill Bhoird ar an 1 Bealtaine 2023. D'éirigh an tUas. Eimer O'Rourke agus an tUas. Cian Blackwell as a gcúraimí mar stiúrthóirí ar an 13 Aibreán 2023. D'éirigh an tUasal Peter Kearney as a chúraimí mar stiúrthóir ar an 1 Bealtaine 2023. D'éirigh an tUas. Ernie Donnellyas a chúraimí mar stiúrthóir ar an 5 Deireadh Fómhair 2023.

## Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí agus ag an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag an 31 Nollaig 2023 i scaireanna IAA ag tús na bliana, nó ag a ndáta ceapacháin (má bhí sé ina dhiaidh sin), ná ag deireadh na bliana.

## Rialachas

### Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus is féidir a chinntiú. Don bhliain atá á hathbhreithniú, chomhlíon IAA an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a eisíodh i mí Lúnasa 2016.  Bhunaigh IAA bearta oiriúnacha chun an Cód seo a chomhlíonadh agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar a bheartais agus nósanna imeachta chun comhlíontacht leanúnach a chinntiú.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá baill an Bhoird freagrach as bainistíocht chuí IAA. Déanann siad mórchinntí straitéiseacha agus tá siad freagrach as rialú iomlán agus éifeachtach, agus tugtar dóthain solúbthachta do Phríomhfheidhmeannach an Rialtóra Eitlíochta/ POF Ainmnithe agus don fhoireann bainistíochta shinsearach chun an gnó a reáchtáil go héifeachtúil agus go héifeachtach laistigh de chreat tuairiscithe struchtúrtha. Fad is a bhíothas ag ullmhú do scaradh fheidhmeanna seirbhísí aerloingseoireachta agus rialaithe sábháilteachta IAA, shann an bord stiúrthóirí an fhreagracht iomlán as Rannán Rialaithe Sábháilteachta IAA don Rialtóir Eitlíochta le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Tháinig deireadh leis an socrú seo ar an 30 Aibreán 2023. Ón 1 Bealtaine 2023, bhí an Rialtóir Eitlíochta ag feidhmiú mar POF IAA atheagraithe.

Tá nithe áirithe forchoimeádta ag an mBord chun críche athbhreithnithe, lena n-áirítear maoirseacht sábháilteachta agus slándála; ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil agus leathbhliantúil; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bhainistíochta; conarthaí suntasacha; caiteachas caipitil suntasach agus ceapacháin ar an bhfoireann bainistíochta shinsearach. I rith na bliana, breithnigh na baill Bhoird tuarascálacha agus rinne siad cinntí maidir leis an gCuideachta a scaradh in dhá eintiteas dhlíthiúla, de réir Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, a síníodh ina dhlí ar an 7 Nollaig 2022, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Bealtaine 2023, féach thuas.

### Ceapacháin ar an mBord

Tá naonúr stiúrthóirí i measc bhaill an Bhoird. Tá folúntas amháin ann i ndiaidh don Uasal Donnelly dul ar scor. Is é an tAire Iompair a cheapann gach stiúrthóir. Is fir iad 50% agus is mná iad 50% de bhaill an Bhoird. Bíonn na stiúrthóirí i mbun oifige le haghaidh cibé téarma a shonraíonn an tAire nuair a dhéantar an ceapachán, ach ní le haghaidh tréimhse níos faide ná ceithre bliana, mura n-athcheapann an tAire é nó í ina dhiaidh sin.

| | Dáta an cheapacháin (*nó dáta an athcheapacháin) | Dáta éirí as |
|---|---|---|
| Rose Hynes, Cathaoirleach | 2 Márta 2023* | - |
| Declan Fitzpatrick, Príomhfheidhmeannach† | 19 Deireadh Fómhair 2022 | - |
| Gerry Lumsden | 3 Nollaig 2022* | - |
| Joan McGrath | 3 Nollaig 2022* | - |
| Dermot Griffin | 13 Aibreán 2023 | - |
| Patrick Knight | 13 Aibreán 2023 | |
| Ann McGarry | 1 Bealtaine 2023 | - |
| Nóirín O’Sullivan | 1 Bealtaine 2023 | - |
| Cian Blackwell | 3 Nollaig 2022* | 13 Aibreán 2023 |
| Eimer O’Rourke | 3 Nollaig 2022* | 13 Aibreán 2023 |
| Peter Kearney† | 25 Meitheamh 2022* | 1 Bealtaine 2023 |
| Ernie Donnelly | 6 Deireadh Fómhair 2022* | 5 Deireadh Fómhair 2023 |

† Síníodh Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, ina dhlí ar an 7 Nollaig 2022 agus foráladh ann do IAA a scaradh in dhá eintiteas dhlíthiúla. Ar an 20 Feabhra 2023, ceapadh an tUasal Declan Fitzpatrick mar Rialtóir Eitlíochta/ Príomhfheidhmeannach ainmnithe IAA, chun teacht i gcomharba ar an Uasal Peter Kearney i ndiaidh dó éirí as a chúraimí chun feidhmiú mar POF IANS. Ceapadh an tUasal Fitzpatrick mar POF IAA ar an 1 Bealtaine 2023.

Glacann stiúrthóirí nua, nuair a cheaptar iad, páirt i gcúrsa ionduchtaithe, tráth a roinntear faisnéis airgeadais agus faisnéis eile leo maidir le IAA agus róil bhaill an bhoird agus na gcoistí boird. San áireamh sa phróiseas seo de ghnáth bíonn cruinnithe le príomhfheidhmeannaigh shinsearacha.

### Éifeachtacht an Bhoird

Gníomhaíonn baill an Bhoird ar son leas is fearr na Cuideachta agus féachann siad go cuí ar a freagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá sonraithe ag an scairshealbhóir. Treoraíonn an Cathaoirleach baill an Bhoird chun cinneadh a dhéanamh maidir lena straitéis agus chun a chuspóirí a chomhlíonadh. Is é an Cathaoirleach a chinneann clár oibre an Bhoird, a chinntíonn a éifeachtacht agus a éascaíonn ionchur éifeachtach gach stiúrthóra. Baintear tairbhe as scileanna, saineolas agus eispéireas sonrach bhaill an Bhoird trí na tacair scileanna seo a mheaitseáil le breithniú bhaill an Bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibríochtúla, sa chás go n-úsáideann baill Bhoird aonair a n-inniúlachtaí sonracha, agus trí iad a mheaitseáil freisin le ceanglais gach coiste Boird agus an cinneadh maidir le ballraíocht na gcoistí sin.

Déanann an Cathaoirleach agus an fhoireann bainistíochta cumarsáid éifeachtach leis an scairshealbhóir. Is róil ar leithligh iad róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá siad leagtha amach i mbeartas atá ceadaithe ag baill an Bhoird. Tá na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar fad ag feidhmiú neamhspleách ar an bhfoireann bainistíochta. Is é nós bhaill an Bhoird bualadh lena chéile nuair nach mbíonn na baill Bhoird feidhmiúcháin i láthair.

I rith a dtréimhse in oifig, cuirtear faisnéis ar fáil go rialta do na stiúrthóirí maidir le gach gné den ghnó. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord, thar ceann na foirne bainistíochta, maidir le mórathruithe ar an ngnó agus ar an timpeallacht sheachtrach a bhfuil tionchar acu ar rioscaí suntasacha. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil ar fáil do bhaill an Bhoird lena n-áirítear anailís ar fheidhmíocht airgeadais iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad. Dáiltear tuarascálacha agus páipéir ar bhaill an Bhoird agus ar a choistí ar bhonn tráthúil.

Cheadaigh baill an Bhoird cód iompair do bhaill an Bhoird agus d'fhostaithe IAA, agus tá sé seo le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Chomh maith leis sin, tá beartas coinbhleachta leasa bunaithe ag baill an Bhoird agus breithnítear coinbhleachtaí leasa iarbhír agus féideartha ar bhonn leanúnach.

### Rochtain ar chomhairle ghairmiúil

Tá rochtain ag na baill Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na cuideachta atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird, agus le rialacha agus le rialacháin infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla IAA ar fáil chun críche comhairliúcháin leis na stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair glacadh le comhairle ghairmiúil neamhspleách, más gá, ar chostas IAA.

### Meastóireacht feidhmíochta

Rinne an Bord athbhreithniú deireadh bliana ar a fheidhmíocht i mí Feabhra 2024 trí thagairt a dhéanamh don *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, Lúnasa 2016, Ceistneoir Meastóireachta Féinmheasúnaithe an Bhoird*. Tugadh cóip de seo do bhaill an bhoird a raibh críoch le cur leis i mí na Nollag 2023. Fiafraíodh de gach ball Boird an measúnú a scóráil ina n-aonar, ansin bhreithnigh an Cathaoirleach na freagraí, cuireadh i láthair an Bhoird iad agus phléigh baill an Bhoird iad. Sainaithníodh aon réimse feabhais a raibh gníomh le cur i gcrích ann. Bhí cuid de na feabhsuithe sainaitheanta curtha i gcrích i rith na bliana cheana féin; agus bhí sé riachtanach díriú ar roinnt saincheisteanna beaga in 2024. Ní dhearna baill an Bhoid meastóireacht sheachtrach ar a bhfeidhmíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, ach déanfar amhlaidh sa dara ráithe de 2024.

### Coistí Boird

Tá struchtúr coiste éifeachtach bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. San áireamh sna coistí Boird tá:

1 Iniúchadh, riosca agus airgeadas
2 Acmhainní daonna agus luach saothair
3 Maoirseacht sábháilteachta agus slándála
4 An Timpeallacht

## An coiste iniúchta, riosca agus airgeadais

Feidhmíonn an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais de réir téarmaí tagartha foirmiúla, a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith na bliana. Reáchtáil an coiste sé chruinniú i rith 2023 *(2022: ceithre chruinniú)*. Ba é an tUasal Cian Blackwell a bhí i mbun cathaoirleachta ar an gcoiste go dtí gur éirigh sé as a chúraimí ar an 13 Aibreán 2023. Ceapadh Joan McGrath, Uasal, mar Chathaoirleach ar an 9 Bealtaine 2023 i ndiaidh í a athcheapadh mar bhall den choiste ar an 9 Bealtaine 2023.

D'éirigh Eimer O'Rourke, Uasal, as a cúraimí coiste ar an 13 Aibreán 2023 agus athcheapadh an tUasal Dermot Griffin agus an tUasal Patrick Knight ar an gcoiste ar an 9 Bealtaine 2023.

Ceaptar baill den choiste iniúchta, riosca agus airgeadais i gcomhair téarma sonrach. Tá téarmaí a ritheann chomh fada leis an 8 Bealtaine 2026 ag na triúr ball den choiste. Roimh a gceapachán, déanann Cathaoirleach an Bhoird cuntas ar a n-eispéireas, cáilíochtaí agus réimsí spéise nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh aige iad a mholadh mar bhaill den choiste sin. Chinntigh baill an Bhoird, eatarthu ar fad, go bhfuil taithí ag baill an choiste ar rialachas, iniúchadh inmheánach, timpeallacht na hearnála poiblí agus an tionscail eitlíochta, taithí airgeadais le déanaí agus taithí ar mheasúnú riosca agus ar réimsí teicniúla/sainréimsí.

De ghnáth, freastalaíonn an stiúrthóir airgeadais, an t-iniúchóir inmheánach agus ionadaithe ó aonaid dhifriúla IAA cosúil le hoibríochtaí, rialáil sábháilteachta, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, trí chuireadh, de réir mar is cuí, ar chruinnithe. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don choiste iniúchta, riosca agus airgeadais.

D'fhéadfadh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ní a bhaineann le gnóthaí IAA, seachas nithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeádta don Bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, tuarascálacha don iniúchóir inmheánach, tuarascálacha don iniúchóir seachtrach, athruithe beartaithe ar bheartais chuntasaíochta, caighdeáin chuntasaíochta a bheith á gcomhlíonadh, impleachtaí cuntasaíochta mór-idirbheart agus ceapachán agus táillí an iniúchóra sheachtraigh.

D'fhéadfadh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ní a bhaineann le bainistíocht airgeadais IAA. Déanann sé athbhreithniú ar bhuiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin agus, de réir mar is gá, an beartas státchiste, socruithe baincéireachta agus maoinithe.

Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe IAA agus breithníonn sé an méid seo a leanas:

- na hacmhainní agus comhordú na ndaoine a bhfuil baint acu le sainaithint, measúnú agus bainistiú rioscaí suntasacha a bhfuil ar IAA déileáil leo;
- freagairtí do na rioscaí suntasacha atá sainaitheanta ag an bhfoireann bainistíochta agus ag daoine eile;
- monatóireacht ar thuarascálacha a chuireann an fhoireann bainistíochta ar fáil;
- cothabháil timpeallacht rialaithe atá dírithe ar bhainistíocht cheart riosca;
- nósanna imeachta tuairiscithe bliantúla.

Ar an 1 Bealtaine 2023, ceapadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar iniúchóir seachtrach ar bhonn foirmiúil. Rinne Deloitte Ireland LLP ("Deloitte") iniúchadh ar an gCuideachta sa bhliain airgeadais roimhe ré.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach le baill an choiste chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh agus chun athbhreithniú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar na ráitis airgeadais. Tá nósanna imeachta bunaithe chun a chinntiú go bhfuil caidreamh cuí bunaithe leis an iniúchóir seachtrach. I rith na bliana, bhuail baill an choiste le chéile go príobháideach le hiar-iniúchóir seachtrach na Cuideachta, Deloitte, nuair nach raibh an fhoireann bainistíochta i láthair. Chomh maith leis sin, bhuail baill an choiste le hiniúchóir seachtrach nua na Cuideachta, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Breithníonn an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh ar bhonn bliantúil agus glacann sé le beartas a rialaíonn seirbhísí neamhiniúchta a bheith á gcur ar fáil ag an iniúchóir seachtrach. Breithnítear sa bheartas nádúr agus cineál na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus na dtáillí a thuilltear d'obair iniúchta agus neamhiniúchta. Tá eolas maidir leis na táillí seo le fáil i nóta 6 de na ráitis airgeadais. Níor tháinig aon tsaincheist chun cinn i rith na bliana. Ní sholáthraíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste seirbhísí neamhiniúchta.

I rith na bliana, chuir an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht i gcrích. Tuairiscíonn an coiste don Bhord, go bliantúil agus go ráithiúil, nó níos minice ná sin más gá.

I rith 2023, chuir an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais an méid seo a leanas i gcrích:

- rinneadh athbhreithniú ar na dréachtráitis airgeadais agus cuntais rialaithe bhliantúla sula moladh iad don Bhord chun iad a cheadú;
- breithníodh tuarascáil ón iniúchóir seachtrach maidir leis an iniúchadh a rinne sé ar na ráitis airgeadais bhliantúla;
- rinneadh monatóireacht ar na táillí iniúchta agus ar na táillí neamhiniúchta a bhí iníoctha leis an iniúchóir seachtrach;
- glacadh le agus breithníodh tuarascálacha maidir le nósanna imeachta a bhaineann le bainistíocht réamh-athstruchtúraithe agus iar-athstruchtúraithe IAA;

- athbhreithníodh agus moladh don Bhord clár rioscaí corparáideacha 2023-2024 lena n-áirítear na príomhrioscaí don ghnó agus breithniú ar leordhóthanacht an chórais sainaitheanta agus measúnaithe riosca;
- athbhreithníodh agus breithníodh tuarascálacha ón iniúchóir inmheánach maidir le héifeachtacht na gcóras airgeadais, oibríochtúil agus comhlíontachta agus na bpróiseas bainistíochta riosca;
- athbhreithníodh an obair a rinne an fheidhm iniúchta inmheánaigh i rith na bliana agus thángthas ar chomhaontú maidir le plean iniúchta inmheánaigh i gcomhair 2024;
- rinneadh meastóireacht ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh;
- breithníodh tograí a bhain le seachadadh feidhmeanna iniúchta inmheánacha sa dá eintiteas i ndiaidh athstruchtúrú IAA agus leagadh béim ar chumhdach riosca iomlán a chinntiú i rith na céime aistrithe;
- rinneadh athbhreithniú ar agus thángthas ar chomhaontú maidir leis an bplean iniúchta seachtrach i gcomhair 2023 lena n-áirítear scóip an iniúchta;
- rinneadh athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta mhíosúla;
- fuarthas agus breithníodh tuarascálacha agus cuir i láthair ó fhoireann bainistíochta IAA maidir le próisis rialaithe inmheánacha ábhartha;
- athbhreithníodh an beartas agus an próiseas atá i bhfeidhm i ndáil le ráiteas comhlíontachta na stiúrthóirí;
- athbhreithníodh Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016;
- breithníodh an tionchar atá ag ceanglais nochta anois agus an tionchar a bheidh acu amach anseo;
- athbhreithníodh a théarmaí tagartha féin.

I ndiaidh atheagrú IAA de réir théarmaí Acht 2022 i mí Bealtaine 2023, cuireadh stad leis an iar-Choiste Airgeadais agus leis an gCoiste Infheistíochta agus Pleanála freisin. Uaidh seo amach, is é an Coiste seo a bheidh ag déileáil le nithe a bhaineann le hinfheistíocht airgeadais agus chaipitil. Bhuail baill an iar-Choiste Infheistíochta agus Pleanála lena chéile uair amháin in 2023 sular díscaoileadh é.

Ar an gcéad dul síos, is dírithe ar na scairshealbhóirí atá an tuarascáil seo, agus leagtar amach go soiléir anseo go bhfuil athbhreithniú inmheánach déanta ar struchtúr Coiste an bhoird.

## An coiste acmhainní daonna agus luacha saothair

Feidhmíonn an coiste acmhainní daonna agus luacha saothair de réir na dtéarmaí tagartha foirmiúla. Bhuail baill an choiste le chéile uair amháin i rith na bliana *(2022: faoi dhó)*. Rinne Rose Hynes, Uasal, cathaoirleacht ar an gcoiste. Ceapadh an tUasal Patrick Knight agus an tUasal Gerry Lumsden mar bhaill den choiste ar an 9 Bealtaine 2023.

D'éirigh Joan McGrath, Uasal, as a cúraimí coiste ar an 9 Bealtaine 2023 agus d'éirigh Eimer O'Rourke, Uasal, as a cúraimí coiste ar an 13 Aibreán 2023.

Is é ról an choiste breithniú a dhéanamh ar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhthéacs bheartas an Rialtais agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus breithniú a dhéanamh ar bheartas luacha saothair na foirne bainistíochta sinsearaí go ginearálta agus forbairtí ar acmhainní daonna in IAA. Chomh maith leis sin, tá ról ag an gcoiste i ndáil le ceapacháin na foirne bainistíochta sinsearaí. Tuairiscíonn baill an choiste don Bhord i ndiaidh a gcuid cruinnithe.

### An coiste um maoirseacht sábháilteachta agus slándála

Feidhmíonn an coiste um maoirseacht sábháilteachta agus slándála de réir téarmaí tagartha foirmiúla agus reáchtáil sé trí chruinniú i rith na bliana *(2022: sé chruinniú)*. Is é an tUasal Gerry Lumsden atá i mbun cathaoirleachta ar an gCoiste. I measc bhaill an Choiste seo tá an Uasal Ernie Donnelly, an Dr Ann Mc Garry agus Noirin O'Sullivan, Uasal.

Ceapadh an Dr Ann McGarry agus Noirin O'Sullivan, Uasal, mar bhaill den choiste ar an 9 Bealtaine 2023. Bhí an tUasal Cian Blackwell agus Joan McGrath, Uasal, ag feidhmiú mar bhaill den choiste go dtí gur éirigh siad as a gcúraimí ar an 13 Aibreán 2023. D'éirigh

an tUasal Ernie Donnelly as a chúraimí mar bhall den choiste ar an 5 Deireadh Fómhair 2023. Tuairiscíonn baill an choiste don Bhord i ndiaidh a gcuid cruinnithe.

## An coiste comhshaoil

Bunaíodh an coiste comhshaoil nua i mí Bealtaine 2023 agus tá sé ag feidhmiú de réir na dtéarmaí tagartha foirmiúla agus bhuail baill an choiste le chéile uair amháin *(2022: N/Bh)* i rith na bliana. Bunaíodh an coiste ar an 9 Bealtaine 2023 agus ba é an aidhm a bhí aige maoirseacht a dhéanamh ar an gCreat um Ghníomhú ar Son na hAeráide do Chomhlachtaí Leathstáit a bhí á chur chun feidhme ag IAA. Is í Noirin O'Sullivan, Uasal, atá i mbun cathaoirleachta ar an gCoiste. Is baill den choiste seo iad an Dr Ann McGarry, an tUasal Dermot Griffin agus an tUasal Ernie Donnelly. D'éirigh an tUasal Ernie Donnelly as a chúraimí mar bhall den choiste ar an 5 Deireadh Fómhair 2023.

Breithníonn baill an choiste straitéis IAA chomh fada is a bhaineann le ceisteanna comhshaoil. Tuairiscíonn baill an choiste don Bhord i ndiaidh a gcuid cruinnithe.

### Tinreamh ag Cruinnithe boird agus coiste

Reáchtáiltear cruinnithe rialta den Bhord agus dá choistí i rith na bliana. Reáchtáil baill an Bhoird 12 chruinniú in 2023. Tá sonraí maidir le tinreamh ag na cruinnithe seo agus ag cruinnithe coiste le fáil thíos:

| Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu / Líon na gcruinnithe incháilithe | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Stiúrthóir** | **Bord** | **An coiste iniúchta, riosca agus airgeadais*** | **Acmhainní daonna agus luach saothair** | **Maoirseacht sábháilteachta agus slándála** | **An Timpeallacht** |
| **Rose Hynes** | 12/12 | | 1/1 | | 1/1 |
| **Cian Blackwell** | 3/3 | 1/1 | | | |
| **Ernie Donnelly** | 10/10 | 1/1* | | 3/3 | 1/1 |
| **Declan Fitzpatrick** | 12/12 | 3** | 1** | | 1** |
| **Peter Kearney** | 5/6 | | | | |
| **Gerry Lumsden** | 10/12 | 1/1* | 1/1 | 3/3 | |
| **Joan McGrath** | 12/12 | 7/7* | | | |
| **Eimer O'Rourke** | 3/3 | 1/1 | | | |
| **Ann McGarry** | 6/6 | | | 3/3 | 1/1 |
| **Nóirín O'Sullivan** | 5/6 | | | 3/3 | 1/1 |
| **Dermot Griffin** | 9/9 | 5/5 | | | 1/1 |
| **Patrick Knight** | 8/9 | 5/5 | 1/1 | | |

* Cuimsítear ann cruinniú amháin den Choiste Infheistíochta scortha a bhfuil a ról á chur i gcrích ag an gcoiste iniúchta, riosca agus airgeadais anois.

**Tinreamh ag cruinnithe fochoiste sa chás nach buanbhall den choiste é an stiúrthóir.

### Luach saothair na stiúrthóirí

Tá na táillí a fhaigheann stiúrthóirí á gcinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Cheadaigh an tAire Iompair luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ag a bhfuil conradh seirbhíse, agus cuireadh é sin in iúl don bhord stiúrthóirí. Tá na nochtaí a dhéantar sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le táillí stiúrthóirí agus luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach i nóta 6 agus is ionann iad agus na nochtaí a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

### Nochtaí arna gceangal ag an gcód

Tuigeann baill an Bhoird go bhfuil siad freagrach as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais agus as chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Cuideachta ag deireadh na bliana. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go rialta don Aire Iompair maidir le gach forbairt, idir oibríochtúil, airgeadas agus tráchtáil, a bhfuil tionchar acu ar IAA.

Foráiltear i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 d'fhaisnéis airgeadais sonraí a bheith á nochtadh. Sonraítear an fhaisnéis seo go réasúnach i ngach cás ábhartha.

| *Taisteal agus cothú* | €,000 |
|---|---|
| Taisteal agus cothú náisiúnta | 400 |
| Taisteal agus cothú idirnáisiúnta | 1,700 |
| Iomlán | 2,100 |

| *Leas foirne agus fáilteachas* | €,000 |
|---|---|
| Foireann Ghaolmhar | 66 |
| Cliant Gaolmhar | 8 |
| Iomlán | 74 |

| *Costais sainchomhairleoireachta* | €,000 |
|---|---|
| Comhairlí achtúireacha agus pinsin eile | 289 |
| Teicniúil, acmhainní daonna agus airgeadas | 1,269 |
| Iomlán | 1,558 |

San áireamh sna costais sainchomhairleoireachta tá costas na comhairle seachtraí a cuireadh ar fáil don fhoireann bainistíochta a chuireann le cinnteoireacht nó ceapadh beartais agus nach n-áirítear ann feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| *Costais agus socraíochtaí dlí* | €,000 |
|---|---|
| Costais dlí | 1,101 |
| Socraíochtaí | 487 |
| Iomlán | 1,588 |

Líon na gcásanna dlí: 12*
Cuimsítear i líon na gcásanna dlí cásanna a rabhthas ag obair orthu ag tús na bliana agus cásanna ar cuireadh tús leo i rith na bliana. D'íoc árachóirí IAA costais agus socraíochtaí dlí luach €60,317 i gcás amháin. Cuimsítear sna costais agus socraíochtaí dlí thuasluaite méideanna a bhaineann le socrú cás dlí fostaíochta le hiar-POF, ar cuireadh na sonraí a bhain leis ar fáil i dtuarascáil bhliantúil 2018.

*San áireamh anseo tá cás amháin a bhaineann le comhlacht Stáit eile: DAA PLC. vs. IAA, Fógrapháirtithe - Ryanair agus Aer Lingus. Taifead Uimh. 2023/82 MCA na hArd-Chúirte.

*Sochair ghearrthéarmacha fostaí*
Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 3.

*Ráiteas Comhlíontachta*
Ghlac an Bord le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus tá nósanna imeachta bunaithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Bhí Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 á chomhlíonadh go hiomlán ag IAA i rith 2023.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

In 2023, níor cuireadh aon tuarascáil inmheánach faoi bhráid IAA. Cuireadh naoi dtuarascáil sheachtracha faoi bhráid IAA, cuireadh clabhsúr le seacht gcinn díobh i rith na bliana, agus cuireadh clabhsúr le ceann amháin díobh sa chéad ráithe de 2024 agus táthar fós ar obair ar thuarascáil amháin.

## Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí, i ndiaidh fiosrúcháin a dhéanamh agus scaradh ghnó IAA ina dhá eintiteas dhlíthiúla a bhreithniú, go bhfuil acmhainní oiriúnacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú sna blianta beaga amach romhainn agus a hoibleagáidí leanúnacha a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite i gcomhair tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta a gceadaítear na ráitis airgeadais seo agus, dá réir sin, go bhfuil sé oiriúnach leanúint ar aghaidh ar bhonn an ghnóthais leantaigh nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Déantar tuilleadh breithnithe ar mheasúnú an ghnóthais leantaigh i nóta 1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil ceanglais Alt 281 go dtí Alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, comhlíonta chomh fada is a bhaineann le taifid chuntasaíochta oiriúnacha a bheith á gcoimeád ag pearsanra cuntasaíochta fostaithe agus trí acmhainn oiriúnacha a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Tá taifid chuntasaíochta na Cuideachta á gcoimeád i bhFoirgneamh 'The Times', 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

## Faisnéis iniúchta ábhartha

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach curtha i gcrích acu chun eolas a fháil faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus tá sé bunaithe acu go bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta airdeallach ar an bhfaisnéis sin.

Ar feadh a bhfuil ar eolas acu, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta airdeallach uirthi.

## Ráiteas comhlíontachta na Stiúrthóirí

Admhaíonn na stiúrthóirí, de réir Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, go bhfuil siad freagrach as comhlíontacht na Cuideachta le hoibleagáidí áirithe sonraithe san alt a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí, 2014 agus dlíthe cánach ('oibleagáidí ábhartha') a chomhlíonadh. Deimhníonn na stiúrthóirí an méid seo a leanas:

- tá ráiteas beartais comhlíontachta curtha i dtoll a chéile ina leagtar amach beartais na Cuideachta a bhaineann lena leithéid de chomhlíontacht;
- tá socruithe agus struchtúir oiriúnacha bunaithe atá, dar leo, deartha chun comhlíontacht ábhartha le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta a chinntiú; agus
- tá athbhreithniú déanta, i rith na bliana airgeadais, ar na socruithe agus ar na struchtúir atá bunaithe chun comhlíontacht na Cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha a chinntiú.

## Íoc pras cuntas

Tá ceanglais na reachtaíochta ábhartha maidir le híoc pras á gcomhlíonadh ag IAA. Chomh maith leis sin, tá Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012), á gcomhlíonadh ag IAA. Tá téarmaí caighdeánacha creidmheasa IAA, mura sonraítear a mhalairt i socruithe conarthacha sonracha, cothrom le 30 lá ón uair a nglactar leis an sonrasc, nó deimhniú maidir le glacadh leis na hearraí nó seirbhísí a fháil, atá faoi réir íocaíochta. I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 rinneadh formhór na n-íocaíochtaí ar fad laistigh den tréimhse chreidmheasa oiriúnach. Déanann IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú leis an méid ama a thógann sé déileáil le fiosrúcháin faoi shonraisc agus a leithéid d'fhiosrúcháin a réiteach a laghdú. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta, seachas dearbhú absalóideach, i gcoinne neamhchomhlíontachta ábhartha leis na rialacháin.

## Síntiúis pholaitíochta

Níor thug an Chuideachta aon síntiús polaitíochta i rith na bliana a cheanglódh a leithéid a nochtadh faoi Acht Toghcháin, 1997.

## Iniúchóir

De réir Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, ceapadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar iniúchóir seachtrach na Cuideachta ar bhonn foirmiúil ar an 1 Bealtaine 2023. Rinne Deloitte Ireland LLP ("Deloitte") iniúchadh ar an gCuideachta sa bhliain airgeadais roimh ré.

Leanfaidh an t-iniúchóir, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar aghaidh ag feidhmiú mar iniúchóir de bhua alt 30 d'Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, arna leasú.

Thar ceann an bhoird

**Rose Hynes**
**Cathaoirleach**

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhfheidhmeannach**

23 Aibreán 2024

# Ráiteas ar rialú inmheánach

## An scóip freagrachta

Is ar an mBord atá an fhreagracht i ndeireadh na dála as córas de rialú inmheánach na Cuideachta agus as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais sin.

## Cuspóir an chórais de rialú inmheánach

San áireamh sa chóras de rialú inmheánach tá na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le sócmhainní a chosaint i gcoinne caillteanais, cothabháil taifead cuntasaíochta ceart agus faisnéis airgeadais iontaofa le húsáid laistigh den ghnó nó le foilsiú, agus comhlíontacht le dlíthe agus rialacháin ábhartha.

## Bainistíocht rioscaí

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as cur chuige na Cuideachta maidir le riosca. Ceadaíonn sé an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtacht tríd an gcoiste iniúchta, riosca agus airgeadais agus go díreach tríd an mBord. Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha a bhfuil ar IAA déileáil leo a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann baill an Bhoird athbhreithniú ar an bpróiseas seo go rialta agus tá sé bunaithe don bhliain atá á hathbhreithniú agus suas go dtí dáta ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Tá an fhoireann bainistíochta freagrach as sainaithint agus meastóireacht rioscaí gnó suntasacha agus as dearadh agus oibriú na rialuithe inmheánacha oiriúnacha. Déantar measúnú ar na rioscaí seo ar bhonn leanúnach. Tuairiscíonn an fhoireann bainistíochta don Bhord go rialta maidir leis na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó agus maidir leis an tslí a mbainistítear na rioscaí seo.

Tá an próiseas bainistíochta riosca á éascú ag iniúchadh inmheánach, a sholáthraíonn dearbhú maidir le hoibriú agus bailíocht an chórais de rialú inmheánach. Coinnítear súil ghéar ar gach gníomh ceartaitheach pleanáilte chun a chinntiú go gcuirtear iad i gcrích go tráthúil.

Tuairiscíonn an fhoireann bainistíochta go rialta ar an athbhreithniú a dhéanann sé ar rioscaí, agus conas a bhainistítear iad, don choiste iniúchta, riosca agus airgeadais, arb é an ról atá aige, athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí, seachas maoirseacht sábháilteachta agus slándála, a bhaineann leis an ngnó agus leis an gcóras rialaithe atá riachtanach chun a leithéid de rioscaí a bhainistiú, agus chun a dtorthaí a chur faoi bhráid an Bhoird. Déanann iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta sainaitheanta riosca agus próisis rialaithe atá curtha chun feidhme ag an bhfoireann bainistíochta, agus tuairiscíonn sé don choiste iniúchta, riosca agus airgeadais ar bhonn ráithiúil. Déanann an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe d'fhonn a chinntiú go n-úsáidtear meascán oiriúnach teicnící chun an leibhéal dearbhaithe a theastaíonn ón mBord a chinntiú.

Cuireann an coiste iniúchta, riosca agus airgeadais a thorthaí faoi bhráid an Bhoird ar bhonn bliantúil agus ar bhonn ráithiúil, nó níos minice ná sin, más gá.

## An acmhainn chun déileáil le riosca

Tá an córas de rialú inmheánach deartha chun an riosca go dteipfear ar chuspóirí gnó a bhainistiú seachas deireadh a chur leis an riosca sin, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú absalóideach, a sholáthar i gcoinne míráitis nó caillteanais ábhartha.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá athbhreithniú déanta ag baill an Bhoird, cibé acu go díreach nó tríd an gcoiste iniúchta, riosca agus airgeadais, ar éifeachtacht na gcóras de rialú inmheánach lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an 10 Aibreán 2024 agus tá sé éifeachtach go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

## An creat riosca agus rialaithe

Tá creat rialaithe inmheánaigh láidir bunaithe ag IAA

a bhfuil an méid seo a leanas san áireamh ann:

- téarmaí tagartha soiléire coistí boird;
- sceideal nithe atá forchoimeádta don Bhord;
- cód iompair, ceadaithe ag an mBord, ina bhfuil treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad;
- struchtúr eagrúcháin soiléir ina bhfuil dualgais agus teorainneacha údaráis á ndeighilt go cuí;
- freagrachtaí soiléire agus baill foirne chuích**á**ilithe i mbun na ndualgas seo;
- creat bainistíochta riosca chorparáidigh;
- teorainneacha agus nósanna imeachta soiléire maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear caiteachas soláthair agus caipitil;
- cloí, de réir mar is cuí, le gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí;
- córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais, cuntasaíocht, bainistiú cisteáin agus breithmheas tionscadail;
- córais bhuiséadaithe chuimsitheacha le buiséid bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- próiseas pleanála cuimsithí a sholáthraíonn plean gnó trí bliana, athbhreithnithe ag an scairshealbhóir agus ceadaithe ag an mBord;
- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid le buiséid agus neamhréireanna a thuairisciú don Bhord ar bhonn míosúil;
- feidhm iniúchta inmheánaí a dhéanann athbhreithniú ar phríomhchórais agus rialuithe airgeadais agus oibríochtaí ginearálta agus a dhéanann moltaí, más cuí;
- coiste iniúchta, riosca agus airgeadais a cheadaíonn pleananna iniúchta agus a dhéileálann le saincheisteanna rialaithe suntasacha a dtarraingítear aird orthu san iniúchadh inmheánach nó seachtrach agus ina n-athbhreithnítear agus ina moltar na ráitis airgeadais deireadh bliana atá le ceadú ag an mBord;
- beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú agus réiteach gníomhaíochtaí calaoiseacha amhrasta.

## Soláthar


Chloígh an Chuideachta leis na beartais agus nósanna imeachta atá le fáil sa Phlean Soláthair Chorparáidigh, agus níor taifeadadh ach líon íosta neamh-chomhlíontachtaí (thart ar €1 mhilliún (1%) den chaiteachas iomlán (CBL san áireamh)) i rith na bliana. Bhain formhór an chaiteachais neamhchomhlíontaigh le conarthaí soláthraí a bhí bunaithe roimh an dáta dílsithe. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair chun na próisis soláthair a thabhairt chun rialtachta chun an méid caiteachais neamhchomhlíontaigh amach anseo a laghdú.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Rinne iniúchadh inmheánach athbhreithniú ar na rialuithe seo i rith na bliana mar chuid dá chlár oibre bliantúil. Tuairiscíonn iniúchadh inmheánach don choiste iniúchta, riosca agus airgeadais go díreach maidir le hoibriú rialuithe inmheánacha, seachas rialuithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeádta don Bhord, agus déantar moltaí maidir le feabhsuithe, más cuí.

I mí na Nollag 2020, mar ullmhúchán don reachtaíocht chun na seirbhísí aerloingseoireachta a scaradh ón rialachán sábháilteachta agus cuntas a dhéanamh de threoracha ón Aire Iompair, d'eagraigh an Bord na feidhmeanna bainistíochta ionas gur bhainistigh an Príomhfheidhmeannach na seirbhísí aerloingseoireachta agus gur ghlac an Rialtóir/ POF Eitlíochta le freagracht, ón 1 Eanáir 2021, as an rannán rialacháin sábháilteachta agus as an gclár athstruchtúraithe. Leanadh ar aghaidh leis an socrú seo faoi chúram an Rialtóra Eitlíochta eatramhaí. Tháinig deireadh leis an socrú ar an 1 Bealtaine nuair a chuir an tUasal Declan Fitzpatrick, an Rialtóir Eitlíochta Eatramhaí, tús lena phost nua mar POF.

Deimhníonn an Bord, i gcomhair 2023, agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais, go bhfuil próiseas bunaithe chun rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú agus go bhfuil córas oiriúnach de rialú inmheánach bunaithe agus go raibh na córais seo ag feidhmiú go héifeachtach i rith na bliana. Níor sainaithníodh aon laige nó calaois ábhartha i rith an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach.



**Rose Hynes**
**Cathaoirleach**
23 Aibreán 2024

# Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i ndáil le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí agus alt 30 d'Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, ("Acht 1993") ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh siad ráitis airgeadais na Cuideachta a ullmhú de réir FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* mar a chuirtear i bhfeidhm é de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní cheadaítear do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta agus ar bhrabús nó caillteanas na Cuideachta don bhliain sin. Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithniúcháin agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha arna nochtadh agus arna mhíniú sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil Acht na gCuideachtaí 2014 agus Acht 1993 á gcomhlíonadh ag ráitis airgeadais na Cuideachta. Tá freagracht ghinearálta orthu as a leithéid de chéimeanna atá réasúnta a dhéanamh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Chomh maith leis sin, tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a bhfuil ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Acht 1993 á gcomhlíonadh aici.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh difríocht a bheith le tabhairt faoi deara idir an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais i gcomparáid le reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird

**Rose Hynes**
**Cathaoirleach**

**Declan Fitzpatrick**
**Príomhfheidhmeannach**

23 Aibreán 2024

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuairisc le cur i láthair Thithe an Oireachtais
## Údarás Eitlíochta na hÉireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a éilítear faoi fhorálacha mhír 30 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, arna leasú. Áirítear sna ráitis airgeadais an ráiteas brabúis agus caillteanais, an ráiteas um ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe ar ghnáthscaireanna, an ráiteas sreabhaidh airgid agu na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais ábhartha cuntasaíochta.

I mo thuairimse,

- tugtar sna ráistis airgeadais léargas cothrom agus fíor ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a bhrabús agus ar a chaillteanas don bhliain dar críoch an dáta sin
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais mar is cuí de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 - an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá i gceist don Ríocht Aontaithe agus do Phoblacht na hÉireann, agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais mar is cuí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### *Bunús leis an tuairim*

Thug mé faoin iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchta (CIIanna) mar a mholann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mise neamhspleách ón gcomhlacht agus tá na freagrachtaí eile eiticiúla comhlíonta atá orm comhlíonta de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús a thabhairt don tuairim seo.

### *Conclúidí mar a bhaineann le gnóthas leantach*

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na stiúrthóirí ar bhunús an ghnóthais leantaigh. Mar a leagtar amach san aguisín leis an tuairisc seo, tugaimse conclúidí ar an dá cheist seo a leanas

- oiriúnacht na húsáide a bhain na stiúrthóirí ar bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábharach ann mar a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh cumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a chur in amhras.

Níl aon rud le tuairisciú agam óna dtaobh sin.

### *Tuairim ar na ceisteanna a leagtar amach in Acht na gCuideachtaí, 2014*

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn an iniúchta agus uirthi sin amháin, deimhním in athuair

- go dtagann an t-eolas a tugadh i dtuairisc na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuairisc na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá an t-eolas agus na mínithe riachtanacha ar fad, dar liom, faighte agam chun críocha m'iniúchta ar na ráitis airgeadais.

I mo thuairimse, ba leor taifid chuntasaíochta Údarás Eitlíochta na hÉireann chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faoi Acht na gCuideachta, 2014, caithfidh mé a thuairisciú chomh maith, mura ndéantar, i mo thuairimse, na nochtuithe maidir le híocaíochtaí agus idirbhearta na stiúrthóirí atá riachtanach faoi mhíreanna 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú agam óna thaobh sin.

## Tuairisc ar an eolas taobh amuigh de na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag na stiúrthóirí chomh maith leis na ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist leis sin ná an tuarascáil bhliantúil, ráiteas rialachais agus tuairisc na stiúrthóirí, ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, agus ráiteas ar chúrsaí smachta inmheánaigh. Leagtar amach san aguisí leis an tuairisc seo mo chuidse freagrachtaí mar a bhaineann lena leithéid d'eolas agus ar cheisteanna faoi leith eile a ndéanaimh tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam óna thaobh sin.



**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**24 Aibreán 2024**

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a mhínítear i dtuairisc na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais i bhfoirm a leagtar amach faoi Acht na gCuideachtaí, 2014
- a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais cothrom agus fíor de réir CTA102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- an méid smacht inmheánach atá ag teastáil, dar leo, le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábharach, bíodh sé sin mar chalaois nó mar bhotún.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is gá dom, faoi mhír 30 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, arna leasú, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ina leith.

Is é an aidhm atá agam agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh ná cinnteacht réasúnta a fháil maidir leis na ráitis airgeadais ina n-iomlána a bheith saor ó mhíráiteas ábharach, bíodh sé sin mar chalaois nó mar bhotún. Leibhéal ard cinnteachta is ea an chinnteacht réasúnta, ach ní deimhniú iomlán é go n-aithneofar aon mhíráiteas ábharach atá ann i gcónaí má dhéantar iniúchad de réir na gCIIanna. Is feidir le míráitis a bheith mar thoradh ar chalaois nó ar bhotún agus meastar ábharach iad má mheastar go bhféadfaidís, astu féin nó le chéile, tionchar a imirt ar na cinntiú eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCIIanna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus amhras gairmiúil tríd an iniúchadh. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na baoil míráiteas ábharach sna ráitis airgeadais, bíodh sé sin mar chalaois nó mar bhotún; déanaim cur chuige iniúchta a dhearadh agus a úsáid mar fhreagairt ar na baoil sin; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó baoil atá ann nach n-aithneofar míráiteas de thoradh calaoise ná míráiteas de thoradh botúin, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, dearmaid d'aon turas, bréagléiriú nó sárú smachta inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun cur chuige iniúchta a dhearadh atá oiriúnach don chomhthéacs, ach ní fhaighim an t-eolas sin ar mhaithe le tuairim a léiriú ar éifeacht an smachta inmheánaigh.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara a mheas.
- Déanaim conclúidí maidir le hoiriúnacht bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábharach ann mar a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh cumas Údarás Eitlíochta na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a chur in amhras. Má bhím den tuairim go bhfuil éiginnteacht ábharach ann, tá dualgas orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Bunaítear mo chuid conclúidí ar an bhfianaise iniúchta atá faighte go dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh an chuideachta gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais a mheas, na nochtuithe san áireamh, agus déanaim measúnú ar cé acu an dtugtar nó nach dtugtar sna ráitis airgeadais léargas ar bhun-idirbhearta agus ar bhun-imeachtaí ar bhealach a chinntíonn cur i láthair cothrom.

Bím i dteagmháil leo siúd a bhíonn ag plé le rialachas maidir le scóp agus am an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon bhearna shuntasach i gcúrsaí smachta inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta, i measc ceisteanna eile.

## Eolas taobh amuigh de na ráitis airgeadais

Ní áirítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní dhéanaim aon chonclúid deimhnithe ar a leithéid.

Mar a bhaineann le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceangal orm faoi na CIIanna an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, agus mé á dhéanamh sin, machnamh a dhéanamh ar an eolas eile agus an ea nach bhfuil sé ag teacht, ar bhealach ábharach, leis na ráitis airgeadais ná leis an eolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó má bhíonn an chuma air go bhfuil míráiteas ábharach de chineál eile ann. Má mheasaim, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go mbaineann míráiteas leis an eolas eile seo, is gá fom é sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoin iniúchadh faoi réir na gcoinníollacha faoi leith a bhaineann le gnóthais Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibríocht. Déanaim tuairisciú maidir le ceisteanna ábharacha a bhaineann leis an gcaoi a dtugtar faoi ghnó poiblí.

Déanaim iarracht teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaimn tuairisciú ar aon chás ábharach a aithním nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a leagadh amach dó nó nuair nár tháinig idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas brabúis agus caillteanais

## an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | *Nóta* | **Ar lean* 2023 €'000** | **Scortha* 2023 €'000** | **Iomlán 2023 €'000** | **Ar lean* 2022 €'000** | **Scortha* 2022 €'000** | **Iomlán 2022 €'000** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | *2* | 33,043 | 57,630 | 90,673 | 27,873 | 184,956 | 212,829 |
| Caiteachas oibriúcháin | | (35,535) | (57,073) | (92,608) | (27,591) | (160,855) | (188,446) |
| (Caillteanas) / brabús oibriúcháin | | (2,492) | 557 | (1,935) | 282 | 24,101 | 24,383 |
| Ioncam eile | | 739 | - | 739 | - | - | - |
| Ús infhaighte agus ioncam cosúil | *4* | 1,769 | 8,542 | 10,311 | 123 | 11,686 | 11,809 |
| Ús iníoctha agus muirir chosúla | *5* | (438) | (6,971) | (7,409) | (380) | (13,599) | (13,979) |
| (Caillteanas) / Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas | | (422) | 2,128 | 1,706 | 25 | 22,188 | 22,213 |
| Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí | *7* | (201) | (837) | (1,038) | (13) | (4,649) | (4,662) |
| (Caillteanas)/ Brabús don bhliain airgeadais | | (623) | 1,291 | 668 | 12 | 17,539 | 17,551 |

*Tá eolas le fáil ar leathanach 65 den tuarascáil seo faoin mbeartas cuntasaíochta a bhaineann le dí-chomhbhailiú na dtorthaí idir oibríochtaí leanúnacha agus scortha.

Thar ceann an bhoird

Rose Hynes
Cathaoirleach

Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

23 Aibreán 2024

# Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile

## an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | 668 | 17,551 |
| **Gnóthachan cuimsitheach eile** | | | |
| Atomhas na glansócmhainne/dliteanais sainithe | *20* | 10,077 | 106,055 |
| Cáin iarchurtha ghaolmhar | *15* | (1,321) | (13,257) |
| Airgead tirim sa bhreis ar chostais seirbhíse pinsin | *20* | 1,818 | 2,439 |
| **Gnóthachan cuimsitheach eile don bhliain** | | 10,574 | 95,237 |
| **Gnóthachan cuimsitheach iomlán don bhliain** | | 11,242 | 112,788 |

Thar ceann an bhoird

Rose Hynes
Cathaoirleach

Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

23 Aibreán 2024

# Ráiteas ar an staid airgeadais

## amhail ar an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 8 | 7,276 | 106,019 |
| Sócmhainní airgeadais | 9 | - | 11,995 |
| Sócmhainn pinsin | 20 | 395 | 44,297 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | 15,10 | 1,034 | - |
| | | 8,705 | 162,311 |
| ***Sócmhainní reatha*** | | | |
| Féichiúnaithe | | | |
| – dlite laistigh de bhliain amháin | 10 | 12,111 | 61,257 |
| – dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 10 | - | 88,408 |
| Sócmhainní airgeadais | 11 | 41,680 | - |
| Taiscí gearrthéarmacha | 11 | 53,090 | 30,839 |
| Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim | 11 | 6,831 | 112,747 |
| | | 113,712 | 293,251 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 12 | (52,187) | (46,781) |
| **Glansócmhainní reatha** | | 61,525 | 246,470 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 70,230 | 408,781 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 14 | - | (36,367) |
| **Forálacha do dhliteanais** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 20 | (8,668) | (3,645) |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 15,12 | - | (5,537) |
| **Glansócmhainní** | | 61,562 | 363,232 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 16 | 22,675 | 22,675 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 36,179 | 340,557 |
| Cúlchiste ranníocaíochta caipitil | | 2,708 | - |
| **Ciste scairshealbhóirí – cothromas** | | 61,562 | 363,232 |

Thar ceann an bhoird

Rose Hynes
Cathaoirleach

Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

23 Aibreán 2024

# Ráiteas ar athruithe ar chothromas

an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Scairchaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Cúlchiste ranníocaíochta caipitil €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2022** | 22,675 | 227,769 | - | 250,444 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 17,551 | - | 17,551 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | 95,237 | - | 95,237 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 112,788 | - | 112,788 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2022** | 22,675 | 340,557 | - | 363,232 |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2023** | 22,675 | 340,557 | - | 363,232 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 668 | - | 668 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | 10,574 | - | 10,574 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 11,242 | - | 11,242 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | (5,265) | - | (5,265) |
| Ranníocaíocht chaipitil *(féach nóta 23)* | | - | 2,708 | 2,708 |
| Dáileadh ghnóthas ANSP *(féach nóta 22)* | - | (310,355) | - | (310,355) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2023** | 22,675 | 36,179 | 2,708 | 61,562 |

Thar ceann an bhoird

Rose Hynes
Cathaoirleach

Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

23 Aibreán 2024

# Ráiteas ar sreafaí airgid

## an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | | 668 | 17,551 |
| *Coigeartú le haghaidh:* | | | |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe | *6,8* | 4,197 | 12,226 |
| Caillteanas bearnúcháin ar shócmhainn sheasta inláimhsithe | *6* | - | 4,702 |
| Ús infhaighte agus ioncam cosúil | *4* | (2,281) | (1,809) |
| Ús iníoctha agus muirir chosúla | *5* | 151 | 691 |
| Foráil d'fhiacha amhrasacha | | - | 4,782 |
| Bearnú na sócmhainne airgeadais | | - | 3,223 |
| | | 2,735 | 41,366 |
| Méadú ar fhéichiúnaithe | | (8,151) | (25,399) |
| Méadú ar shócmhainní airgeadais | | (5,797) | - |
| Méadú ar chreidiúnaithe | | 982 | 1,241 |
| | | (10,231) | 17,208 |
| Cáin (íoctha) / faighte | | (978) | 1,646 |
| **Glan-airgead tirim (úsáidte in) / ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | (11,209) | 18,854 |
| **Sreafaí airgid ginte / (úsáidte in) gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Éadáil sócmhainní seasta inláimhsithe | | (9,520) | (9,620) |
| Infheistíocht i dtaiscí gearrthéarmacha | | (22,251) | (13,960) |
| Ús faighte | | 2,281 | 1,809 |
| **Glan-airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | (29,490) | (21,771) |
| **Sreafaí airgid úsáidte i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | | (151) | (691) |
| Díbhinní íoctha | *17* | (5,265) | - |
| **Glan-airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | (5,416) | (691) |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | | (46,115) | (3,608) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | 112,747 | 116,355 |
| Lúide: Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar dháileadh ASNP | | (63,840) | - |
| Cuir leis: Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim ar éadáil CAR | | 4,039 | - |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig** | *11* | 6,831 | 112,747 |

Thar ceann an bhoird

Rose Hynes
Cathaoirleach

Declan Fitzpatrick
Príomhfheidhmeannach

23 Aibreán 2024

# Nótaí
## a ghabhann leis na ráitis airgeadais

### 1 Beartais chuntasaíochta

**Faisnéis ghinearálta agus bonn ullmhúcháin**
Is cuideachta phríobháideach theoranta é Údarás Eitlíochta na hÉireann ("IAA", "an Chuideachta") a bunaíodh faoi Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993 ("Acht 1993") arna leasú ag an Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair ("Acht 2022"), agus cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ("FRS 102"). Is é an Euro airgeadra tuairiscithe na ráiteas airgeadais seo. Tá na méideanna ar fad sna ráitis airgeadais tugtha cothrom leis an €1,000 is gaire.

Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a nglactar leo mar mhíreanna ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais agus, mura sonraítear a mhalairt, tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach tréimhse atá luaite sna ráitis airgeadais. Pléitear breithiúnais a thugann na stiúrthóirí, nuair a bhíonn na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar na ráitis agus meastacháin airgeadais lena mbaineann riosca suntasach de choigeartú sa chéad bhliain eile i nóta 21.

**Atógáil an ghrúpa**
De bhua Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993 ("Acht 1993"), go stairiúil, chuir IAA dhá phríomhfheidhm i gcrích thar ceann an Stáit, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar rialáil sábháilteachta don eitlíocht shibhialta agus feidhmeanna Soláthraí Seirbhíse Aerloingseoireachta ("ANSP") a chur ar fáil don eitlíocht shibhialta.

Go stairiúil, bhí dhá rannán ar leith in IAA a bhí freagrach as na feidhmeanna seo a chur i gcrích thar ceann an Stáit. Is í Stiúrthóireacht Rialála Sábháilteachta (SRD) IAA an chéad rannán atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rialáil sábháilteachta agus is é Soláthraí Seirbhíse Aerloingseoireachta IAA (ANSP) an dara rannán atá freagrach as feidhmeanna ANSP a sholáthar.

D'fhoráil achtú Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 ("Acht 2022"), d'aistriú Fheidhm ANSP chuig cuideachta stáit nua-ionchorpraithe, Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann ("AirNav na hÉireann").

Foráladh in Acht 2022 freisin do chumasc fheidhmeanna agus ghlansócmhainní an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, rialtóir eitlíochta eacnamaíche neamhspleách, agus go mbeadh rialtóir eitlíochta sibhialta náisiúnta amháin á bhunú ag IAA.

Ar an 1 Bealtaine 2023, an dáta a bhí ainmnithe ag an Aire Iompair mar an dáta dílsithe d'Acht 2022, d'aistrigh IAA Gnóthas ANSP agus na foirne gaolmhara go dtí AirNav na hÉireann, agus fuair sé seilbh, ar leithligh, ar na glansócmhainní, fostaithe agus gach conradh agus comhaontú gaolmhar de chuid an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ("CAR").

Aistríodh an Gnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann agus san áireamh san aistriú bhí na glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara ar fad ANSP lena n-áirítear scairshealbhú IASS in IAA North Atlantic Inc agus Entry Point North AB.

Aistríodh glansócmhainní Ghnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann ag a luach anonn sonraithe i ráitis airgeadais na Cuideachta ar an 1 Bealtaine 2023. De bhua Alt 19 d'Acht 2022, b'ionann an chomaoin d'éadáil Ghnóthas ANSP ón IAA agus 96 gnáthscair i scairchaipiteal de AirNav na hÉireann a bheith á heisiúint don Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais chuntasaíochta (*ar lean*)

### Atógáil an ghrúpa (*ar lean*)

Ó thaobh na Cuideachta de, bhí an chomaoin a fuarthas do dhiúscairt Ghnóthas ANSP cothrom le €Náid, dá bhrí sin, bhí cuntas déanta ar aistriú Ghnóthas ANSP mar dháileadh measta ón gCuideachta go dtí an Stát. Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 22 .

Tá oibríochtaí CAR aistrithe go dtí an Chuideachta ar an 1 Bealtaine 2023. San áireamh in oibríochtaí CAR tá a ghlansócmhainní agus fostaithe mar aon le gach conradh agus comhaontú gaolmhar.

Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoi chóireáil chuntasaíochta infheidhme éadáil CAR, bhreithnigh an Chuideachta cibé acu an rabhthas nó nach rabhthas ag glacadh leis an socrú mar atógáil ghrúpa mar a shainmhínítear in FRS 102.

De réir an tsainmhínithe ar atógálacha grúpa faoi FRS 102, cuimsítear socruithe arb é an toradh a bhíonn orthu go n-aistrítear gnó eintitis ghrúpa amháin go dtí gnó eintitis ghrúpa eile. Tá IAA agus CAR faoi rialú coitinn an Stáit agus, dá bhrí sin, measadh gur bhunaigh siad grúpa faoi FRS 102. Lena chois sin, chinn an Chuideachta gurb ionann oibríochtaí SRD agus CAR agus gnó faoi seach, sa mhéid is gurb ionann an t-idirbheart sin agus meascán gnó. Dá réir sin, chinn an Chuideachta gur cheart glacadh leis an socrú mar atógáil ghnó faoi FRS 102.

Foráiltear in FRS 102.19.27 do chuideachta ag a bhfuil beartas cuntasaíochta rogha chun cuntas a dhéanamh ar atógálacha grúpa trí mhodh cuntasaíochta cumaisc nó modh ceannaigh a úsáid. Féadfar cuntas a dhéanamh ar atógálacha grúpa trí úsáid a bhaint as an modh cuntasaíochta cumaisc a cuireadh ar fáil:

a) Níl toirmeasc ar úsáid an mhodha cuntasaíochta cumaisc de réir dlí cuideachta nó de réir reachtaíochta ábhartha eile;
b) Fanann na sealbhóirí cothromais deiridh mar an gcéanna, agus ní athraítear cearta gach sealbhóra cothromais, i gcoibhneas leis na sealbhóirí eile; agus
c) Ní athraítear aon leas neamhrialaithe i nglansócmhainní an ghrúpa mar thoradh ar an athrú.

Tá cuntas déanta ag an gCuideachta ar éadáil oibríochtaí CAR trí úsáid a bhaint as an modh cuntasaíochta cumaisc de bhrí nach bhfuil sé toirmiscthe de réir dlí cuideachta ná de réir reachtaíochta ábhartha eile, fanann na sealbhóirí cothromais deiridh IAA agus CAR mar an gcéanna, agus fanann cearta an tsealbhóra cothromais (an Stát), i gcoibhneas le sealbhóirí eile, mar an gcéanna.

Is é an toradh a bhíonn ar an modh cuntasaíochta cumaisc a chur i bhfeidhm aistriú shócmhainní agus dhliteanais oibríochtaí CAR ag a luachanna anonn i ráitis airgeadais an aistrithe nó díreach roimh an 1 Bealtaine 2023, gan aon choigeartú le haghaidh luachanna córa. Níor aistríodh aon chomaoin d'éadáil oibríochtaí CAR agus dá bhrí sin, tá coigeartú sainaitheanta go díreach i gcothromas, mar ranníocaíocht chaipitil, do mhéid atá cothrom le luach anonn na nglansócmhainní a sealbhaíodh.

San áireamh sa Ráiteas ar bhrabús agus caillteanas agus ioncam cuimsitheach eile tá idirbhearta ó oibríochtaí CAR a sealbhaíodh ón 1 Bealtaine 2023. Ní dhearnadh aon choigeartú don tréimhse chomparáideach a bhaineann le hoibríochtaí CAR de bhrí nach raibh na sócmhainní agus na dliteanais a sealbhaíodh sa tréimhse roimh ré faoi úinéireacht dhlíthiúil IAA. Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 23.

Tá costais idirbhirt a bhaineann leis an atógáil ghrúpa curtha san áireamh trí bhrabús agus caillteanas.

### *Ceanglais agus comparáidí comhdhlúthaithe*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, ar bhonn comhdhlúite do Ghrúpa IAA roimhe sin; comhdhlúthaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachta a bhí faoi úinéireacht 100% roimhe sin, IAA North Atlantic Inc.

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais chuntasaíochta (*ar lean*)

### *Ceanglais agus comparáidí comhdhlúthaithe* (*ar lean*)

Mar atá thuasluaite, ar an 1 Bealtaine, san áireamh sa Ghnóthas ANSP a aistríodh go dtí AirNav na hÉireann bhí na glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara ar fad ANSP lena n-áirítear scairshealbhú IAA in IAA North Atlantic Inc agus Entry Point North AB.

Amhail ar an 30 Meitheamh 2023, i ndiaidh Ghnóthas ANSP a aistriú chuig AirNav na hÉireann, ní ghlactar le IAA mar chuideachta sealbhaíochta níos mó, chun críche Alt 293 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, agus dá réir sin, ní sé faoi oibleagáid ráitis airgeadais ghrúpa a ullmhú.

Dá réir sin, cuirtear i láthair sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear na ráitis chomparáideacha, na torthaí, an staid airgeadais, na sreafaí airgid agus ráiteas ar athruithe cothromais na Cuideachta mar eintiteas reachtúil neamhspleách.

### *Gnóthas leantach*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Glactar leis go bhfuil acmhainní oiriúnacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú sna blianta beaga amach romhainn agus a dliteanais leanúnacha a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite i gcomhair tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta a gceadaítear na ráitis airgeadais.

Amhail ar an 31 Nollaig 2023, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha luach €59.9 milliún ag an gCuideachta *(2022: €143.6 milliún)*. Tá dúshláin ag baint leis an dearcadh gearrthéarmach lena n-áirítear bacainní maicreacnamaíocha i bhfoirm leibhéal boilscithe ard agus praghsanna breosla níos airde mar aon le rioscaí geopholaitiúla. Is léir ó réamhaisnéisí sreabhaidh airgid na Cuideachta gur cheart go mbeadh an Chuideachta in ann feidhmiú laistigh dá leibhéal leachtachta a bheidh ar fáil sna blianta beaga amach romhainn. Leanfaidh an fhoireann bainistíochta ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar staid airgeadais na Cuideachta.

Dá réir sin, creideann na stiúrthóirí, i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar riachtanais airgid thirim ghnó na Cuideachta amach anseo, an timpeallacht eacnamaíoch as seo go ceann 12 mhí, na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a mbeidh ar an gCuideachta déileáil leo, buiséad oibriúcháin na Cuideachta agus scaradh ghnó IAA in dhá eintiteas dhlíthiúla ar leith, go bhfuil dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i gcomhair tréimhse de 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus go bhfuil sé oiriúnach glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh nuair a bheidh na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

### *Sárú léargais fhíorchirt*

Is páirtí í Éire i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le bailiú muirear seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach. Tá comhaontú iltaobhach bunaithe le EUROCONTROL chun muirir seirbhíse críochfoirt a bhailiú. Faoi Alt 47 d'Acht 1993, chuir IAA feidhmeanna faoi bhealach agus críochfoirt i gcrích thar ceann an Stáit roimh an dáta dílsithe. Déantar difríochtaí in ioncam tuillte agus costais rialaithe incháilithe ó riosca méid tráchta agus ó chomhroinnt riosca costas a aisghabháil ó, nó a thabhairt ar ais do, úsáideoirí faoi bhealach agus seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt, comhsheasmhach le rialacháin bhunúsacha an AE, trí mhuirir a leasú i rith na mblianta ina dhiaidh sin.

Tá na costais atá le cur san áireamh chun críche chomhaontú EUROCONTROL sainmhínithe i bprionsabail mhuirearaithe EUROCONTROL agus i Rialacháin Mhuirearaithe CE ar shlí a chuimsíonn gach íocaíocht airgid thirim le cistí pinsin. Dá bharr sin, chinn na stiúrthóirí go bhfuil sé oiriúnach gach ranníocaíocht airgid thirim déanta le ciste pinsin IAA a chur san áireamh i gcostais oibriúcháin a mhéid is go sáraíonn siad an muirear pinsean arna chinneadh de réir FRS 102 'Sochair Fostaithe', agus creidmheas frithháirithe a thaifeadadh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile ("OCI"), chun léargas fíorcheart a thabhairt ar a ioncam cuimsitheach agus ar a shócmhainní, dliteanais agus staid

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

*Sárú léargais fhíorchirt (ar lean)*

airgeadais don tréimhse idir an 1 Eanáir 2023 agus an 30 Aibreán 2023. Ón 1 Bealtaine 2023 (an dáta dílsithe), níl IAA á rialú níos mó ag forálacha chomhaontú EUROCONTROL, agus dá bhrí sin, níl ardú ar a chostas pinsin á aithint aige níos mó le hiontráil chomhfhreagrach in OCI. Tá tuilleadh sonraí maidir le tionchar na cóireála cuntasaíochta seo le fáil i mbeartas cuntasaíochta na sochar scoir ar leathanach 66 den tuarascáil seo.

### *An bonn ullmhúcháin*

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ("FRS 102"). Chomh maith leis sin, tá an Chuideachta faoi réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

### *Láimhdeachas*

Is éard atá i gceist le láimhdeachas na méideanna faighte agus na méideanna infhála, maidir leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, mar aon leis na táillí faighte agus leis na táillí infhála, i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla curtha i gcrích nuair a bhí ceanglais an rialacháin sábháilteachta á gcomhlíonadh.

Tomhaistear ioncam ag luach cóir na comaoine faighte nó infhála agus is ionann é agus an méid infhála le haghaidh seirbhísí a cuireadh ar fáil. Sa chás go n-iarchuirtear an chomaoin infhála in airgead tirim nó i gcoibhéisí airgid thirim, agus gurb ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, tomhaistear luach cóir na comaoine mar luach láithreach gach fáltas todhchaíoch trí úsáid a bhaint as an ráta úis bharúlaigh.

*Ioncam faoi bhealach agus críochfoirt*

Is gníomhaíocht atá á rialú go heacnamaíoch é soláthar seirbhísí faoi bhealach agus críochfoirt a bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 mar bhonn leis ina leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe in aerspás Eorpach aonair agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 ar bhearta eisceachtúla don tríú tréimhse thagartha (2020-2024) d'fheidhmíocht aerspáis Eorpaigh aonair agus scéim muirearaithe mar gheall ar phaindéim COVID-19. Mar atá mínithe thuas, tá IAA i dteideal a chostais incháilithe cheadaithe rialála a aisghabháil trí mhuirir a ghearradh ar na húsáideoirí aerspáis faoi bhealach agus críochfoirt. Don tréimhse idir 2020-2024, tá na costais incháilithe seo leagtha amach i bPlean Feidhmíochta an Stáit do Thréimhse Thagartha 3 (RP3) 2020-2024, ceadaithe i mí na Bealtaine 2022. Rinneadh foráil do dhifríochtaí atá ag teacht chun cinn idir ioncam iarbhír agus ioncam ionchasach, mar atá sainmhínithe sna rialacháin bhunúsacha, i gcuntas ioncaim fabhraithe/iarchurtha agus rinneadh iad a choigeartú i gcoinne ioncaim a bhí ag eascairt as gníomhaíochtaí faoi bhealach agus críochfoirt. Déantar ioncam fabhraithe/iarchurtha a aisghabháil/a aisíoc trí mhuirir custaiméirí a choigeartú sna blianta amach anseo, ar bhonn 'n+2' de ghnáth.

Ba é an Gnóthas ANSP a chuir na seirbhísí faoi bhealach agus críochfoirt ar fáil. San áireamh sa láimhdeachas sa tréimhse reatha tá ioncam faoi bhealach agus críochfoirt ginte ag an nGnóthas ANSP go dtí an dáta dílsithe ar an 1 Bealtaine 2023. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais Ghnóthas ANSP, lena n-áirítear formhór na n-iarmhéideanna ioncaim fabhraithe agus iarchurtha faoi seach, go dtí AirNav na hÉireann ar an dáta dílsithe. Tá sócmhainní agus dliteanais Ghnóthas ANSP san áireamh in iarmhéideanna comparáideacha na tréimhse roimh ré don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 (féach ar nóta 10, 12 agus 14).

*Ioncam iarchurtha*

Aithníonn IAA ioncam a bhaineann le deimhnithe aeracmhainneachta, a muirearaítear ar bhonn bliantúil ar aerárthaí atá bunaithe san AE, de réir a oibleagáidí monatóireachta agus feidhmíochta de réir méid chothroim thar thréimhse 12 mhí.

Ar an 1 Bealtaine 2023, shealbhaigh IAA oibríochtaí CAR (féach nóta 23). Dá réir sin, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, cuimsítear sa láimhdeachas ocht mí d'ioncam ginte ó ghníomhaíochtaí CAR, ina n-áirítear ioncam tobhaigh agus táillí ceadúnais (féach thíos).

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### *Láimhdeachas* (ar lean)

*Ioncam tobhaigh*

Faoi Alt 23 d'Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, tugadh cumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta chun rialacháin a dhéanamh ina ndearnadh foráil chun tobhaigh a fhorchur. Ba é cuspóir na dTobhach costais agus speansais an Choimisiúin a íoc. Bhí feidhm leis na rialacháin seo faoi Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 go dtí an 31 Nollaig 2023. Aithnítear ioncam Tobhaigh Eitlíochta sa tréimhse lena mbaineann sé.

*Táillí ceadúnais*

Faoi Alt 12 d'Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, tugadh cumhacht don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta ("CAR") chun ceadúnais a eisiúint agus muirir a ghearradh ar an Tionscal Trádála Taistil. De réir Acht 2022, tá feidhmeanna uile CAR aistrithe chuig IAA, lena n-áirítear ioncam táillí taistil. Aithnítear ioncam táillí ceadúnais ó iarratais trádála taistil sa tréimhse ina n-eisítear an ceadúnas.

### *Oibríochtaí scortha*

Is comhpháirteanna den chuideachta atá diúscartha ag an dáta tuairiscithe iad oibríochtaí scortha agus roimhe seo is réim ghnó nó réimse oibríochta geografach suntasach ar leith a bhí iontu.

Cuirtear san áireamh iad sa chuntas brabúis agus caillteanais i gcolún ar leith le haghaidh na dtréimhsí reatha agus comparáideacha, lena n-áirítear an gnóthachan nó an caillteanas ar dhíol nó ar chaillteanas bearnúcháin ar thréigean.

Is ionann na hoibríochtaí scortha a léirítear sna ráitis airgeadais seo agus diúscairt Ghnóthas ANSP.

Go stairiúil laistigh de IAA, sholáthair an rannán SRD (oibríocht leantach), maoirseacht sábháilteachta rialála ar rannán ANSP (oibríocht scortha). Ina gcuntais bhainistíochta rannacha, d'aithneodh an rannán SRD "ioncam" a bhain leis an ANSP a rialú, agus d'aithin an rannán ANSP costas rialacháin comhfhreagrach. Níor aithníodh agus níor cuireadh an t-ioncam agus na speansais i láthair i ráitis airgeadais reachtúla ar leithligh an IAA, áfach, de bhrí gur idirbhearta iad a rinneadh laistigh den eintiteas dlíthiúil amháin agus gur cuireadh as an áireamh iad dá bharr sin.

I ndiaidh an dáta Dílsithe agus aistriú Ghnóthas ANSP chun eintiteas dlíthiúil aonair nua ("AirNav na hÉireann"), soláthraíonn IAA maoirseacht rialála sábháilteachta ar AirNav na hÉireann.

Dá réir sin, nuair a bhí na torthaí á ndí-chomhbhailiú sa Ráiteas brabúis agus caillteanais idir oibríochtaí leantacha (SRD) agus scortha (ANSP), chinn IAA, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus an tréimhse chomparáideach, an 31 Nollaig 2022, ioncam de €2.05 milliún *(2022: €5.3 milliún)* a aithint mar chuid de "oibríochtaí leantacha" agus speansais chomhfhreagracha de €2.05 milliún *(2022: €5.3 milliún)* in oibríochtaí scortha chun fianaise a thabhairt ar ioncam agus speansais na muirear rialála ionoibríochta seo.

Trí na muirir rialála ionoibríochta seo a chur san áireamh mar chuid d'oibríochtaí leantacha, creideann na Stiúrthóirí go dtabharfaidh sé seo léargas níos cruinne d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar thorthaí oibríochtaí leantacha IAA ar bhonn leanúnach (féach nóta 2, 18 agus 22).

### *Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas*

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe sonraithe ag costas, lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Ríomhtar dímheas chun costas gach sócmhainne seasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh ceannaithe mar chuid de shuiteáil, de réir méid chothroim thar a saolré ionchais mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 20-30 bliain |
| Suiteálacha críochnaithe agus saothair eile | 8-12 bhliain |
| Trealamh oifige | 3-5 bliana |

Déantar sócmhainní a dhímheas ón dáta a gcoimisiúnaítear le húsáid iad. Tugtar anonn sócmhainní atá á dtógáil/ suiteálacha a bhfuiltear ag obair orthu ag costas stairiúil agus ní dhéantar

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais chuntasaíochta (*ar lean*)

### *Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas* (ar lean)

iad a dhímheas go dtí go gcuirtear tús lena n-úsáid. Déantar athbhreithniú ar shuim ghlanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe ag gach dáta tuairiscithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnúchán ar fáil.

### *Sócmhainní seasta airgeadais*

Sna ráitis airgeadais, tugtar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcuideachtaí comhlacha anonn ag costas lúide liúntas d'aon bhearnú ar luach infheistíochtaí aonair. I ndiaidh Ghnóthas ANSP a dhiúscairt ar an dáta dílsithe (1 Bealtaine 2023), níl aon infheistíocht ag an gCuideachta níos mó i bhfochuideachtaí ná i gcuideachtaí comhlacha de bhrí go bhfuil aon infheistíocht dá leithéid a bhí ina seilbh roimhe seo aistrithe go dtí AirNav na hÉireann de réir Acht 2022.

Tá sócmhainní seasta airgeadais eile á n-aithint ag praghas an idirbhirt ar dtús. Ag deireadh gach tréimhse thuairiscithe, tomhaistear an infheistíocht ag luach cóir agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis nó caillteanais, mura féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa, agus sa chás sin úsáidtear costas cáis.

### *Sócmhainní léasaithe*

Cuirtear costas cíosanna léasa oibriúcháin san áireamh de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhsí na léasanna.

### *Airgeadraí eachtracha*

Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag ráta malairte dheireadh na bliana. Déileáiltear leis na brabúis agus caillteanais a leanann as a leithéid sa chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain.

### *Deontais Rialtais*

Aithníonn an Chuideachta deontais Rialtais de réir na samhla fabhraithe faoi FRS 102. Aithnítear deontais ioncaim a bhaineann le caiteachas sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil sé beartaithe an deontas a úsáid chun é a chúiteamh.

### *Cánachas*

Foráiltear do cháin chorparáide ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Aithnítear cáin iarchurtha i ndáil le gach difríocht uainithe a bhí bunaithe, ach nach raibh aisiompaithe, ar an dáta tuairiscithe. Déantar foráil ag na rátaí a bhfuiltear ag súil a bheidh i bhfeidhm nuair a bheidh na difríochtaí uainithe aisiompaithe. Is éard atá i gceist le difríochtaí uainithe difríochtaí idir brabúis inchánacha na Cuideachta agus a torthaí, mar atá sonraithe sna ráitis airgeadais, a eascraíonn as gnóthachain agus caillteanais a chur san áireamh i mbrabúis inchánacha i dtréimhsí nach ionann iad agus na tréimhsí atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Glactar leis go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus dá réir sin, ní aithnítear a leithéid ach nuair, bunaithe ar an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil, is féidir glacadh leis gur dócha go mbeidh brabúis inchánacha oiriúnacha ann ónar féidir aisiompú todhchaíoch na ndifríochtaí uainíochta bunúsacha a asbhaint.

### *Sochair scoir*

Roimh an dáta dílsithe ar an 1 Bealtaine 2023, chuir IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi chúig scéim aoisliúntais. Scéimeanna le sochar sainithe ba ea trí scéim: "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996" – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht roimh an 1 Aibreán 2008; "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008" – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht idir an 1 Aibreán 2008 agus an 31 Nollaig 2011; "Plean Pinsin Hibridigh Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012" – do bhaill foirne a chur tús lena bhfostaíocht ón 1 Eanáir 2012.

Chomh fada is a bhaineann leis na scéimeanna, tuairiscítear an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach láithreach, measta go hachtúireach, dhliteanais na scéimeanna, trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad

réamh-mheasta creidmheasa, ar shócmhainn/ar dhliteanas ar an ráiteas maidir le staid airgeadais. Rinneadh measúnú achtúireach ar na scéimeanna seo ar an 30 Aibreán 2023 agus ghlac AirNav na hÉireann freagracht astu ar an 1 Bealtaine 2023.

De bhua Acht 2022, chomhaontaigh IAA agus AirNav na hÉireann ar mhiondealú ar oibleagáidí pinsin mar atá mínithe thíos. Tá briseadh soiléir (chomh fada agus ab fhéidir) bainte amach i ndáil le roinnt na ndliteanas pinsin idir IAA agus AirNav na hÉireann i ndiaidh an 1 Bealtaine 2023. Ar an iomlán, níor tugadh aon athrú faoi deara ar theidlíochtaí sochair foriomlána na bhFostaithe Aistrithe mar thoradh ar an socrú.

Ón 1 Bealtaine 2023, ghlac AirNav na hÉireann le freagracht as gach scéim atá á bhfeidhmiú ag IAA faoi láthair (an phríomhscéim agus Scéimeanna Hibrideacha). Tá na scéimeanna seo ag freastal ar dhliteanais phinsin uile na bhfoirne aistrithe go dtí AirNav na hÉireann, daoine atá ar scor faoi láthair, baill iarchurtha agus a gcleithiúnaithe cáilithe. Chomh maith leis sin, rinne AirNav na hÉireann foráil do chuid de na dliteanais phinsin a bhaineann le baill foirne leantacha IAA arna chinneadh bunaithe ar bhonn tagartha comhaontaithe a bhain le seirbhís inphinsin críochnaithe roimh an dáta dílsithe agus tuarastal inphinsin ar an dáta dílsithe.

Tá a scéim/scéimeanna le sochar sainithe/hibrideach(a) bunaithe ag IAA agus tá sé freagrach as na dliteanais a bhaineann le seirbhís thodhchaíoch bhaill foirne IAA agus le haghaidh sochar pinsin a bhaineann le méaduithe ar phá inphinsin i ndiaidh an dáta dílsithe (tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 20).

Is ionann an méid atá muirearaithe don chuntas brabúis agus caillteanais agus suim iomlán an mhéid seo a leanas:

a) costas na sochar pinsin, arna gcinneadh go hachtúireach, geallta d'fhostaithe le haghaidh seirbhíse i rith na bliana móide aon fheabhsú sochair ceadaithe do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse faoi láthair/roimhe seo), agus
b) muirear breise ar chostais oibriúcháin, fianaise ar an difríocht idir an muirear pinsin arna chinneadh go hachtúireach (costas seirbhíse faoi láthair/roimhe seo) curtha san áireamh thuas agus íocaíochtaí airgid thirim iomlána chuig an gciste pinsin sa bhliain, agus
c) an t-ús glan ar an nglandliteanas le sochar sainithe ina gcuimsítear costas úis na n-oibleagáidí le sochar sainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

Aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus an toradh a fuarthas i ndáiríre, agus aon athrú ar na dliteanais mar gheall ar athruithe ar thoimhdí, nó de bhrí go raibh an t-eispéireas iarbhír sa bhliain éagsúil leis an eispéireas a measadh a bheadh ann, mar ghnóthachain agus caillteanais atomhais sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile ("OCI"). Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus don tréimhse dar críoch an 30 Aibreán 2023 (roimh an dáta dílsithe), cuimsítear in OCI méid fritháirithe cothrom leis an muirear pinsin bhreise, a bhfuil cur síos déanta air i mír (b), a bhfuiltear ag súil a bheidh á aisghabháil faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL a bhfuil cur síos déanta air ar leathanach 63 den tuarascáil seo.

Le haghaidh na dtréimhsí thuasluaite, imíonn an Chuideachta ó cheanglais FRS 102 d'fhonn a chinntiú go bhfuil ceanglais na gcomhaontuithe faoina bhfuil a hoibríochtaí á rialú á gcomhlíonadh agus, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe sin, go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais. Mar thoradh ar an imeacht sin méadófar an costas pinsin €1,817,585 *(2022: €2,439,000)* os cionn na gcostas seirbhíse cinnte, atá le haisghabháil faoin sásra muirearaithe sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus chun creidmheas fritháirithe in OCI a thaifeadadh, agus ar an tslí sin, na cúlchistí agus sócmhainní brabúis agus caillteanais, mar aon le dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta de réir cheanglais FRS 102, a chothabháil. Ón 1 Bealtaine 2023 (an dáta dílsithe), níl IAA á rialú níos mó ag forálacha chomhaontú EUROCONTROL, agus dá bhrí sin, níl ardú ar a chostas pinsin á aithint aige níos mó le hiontráil chomhfhreagrach in OCI.

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais chuntasaíochta *(ar lean)*

### *Sochair scoir (ar lean)*

Sa chás go sáraíonn sócmhainní scéime a hoibleagáid, aithnítear sócmhainn a mhéid is nach sáraíonn sí luach láithreach laethanta saoire ranníocaíochta amach anseo nó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí (teorainn na sócmhainne). Chomh fada is a bhaineann le scéimeanna na Cuideachta, ní chuirtear teorainn na sócmhainne i bhfeidhm de bhrí, in imthosca sonraithe áirithe, cosúil le foirceannadh ag deireadh shaol na scéime, go bhfuil an Chuideachta ag súil go mbeidh sí in ann aon bharrachas a aisghabháil. Ar an gcuma chéanna, ní aithnítear dliteanas i ndáil le híoscheanglais mhaoinithe amach anseo. Níl ceart substainteach ag na hiontaobhaithe chun sochair a mhéadú, ná níl an ceart acu chun an plean a fhoirceannadh ach amháin sa chás go ndéantar an t-eintiteas a dhíscaoileadh nó go bhfoirceannaítear na ranníocaíochtaí a dhéanann an Chuideachta.

Foráladh thairis sin in Acht 2022 d'aistriú scéimeanna pinsin CAR go dtí IAA ar an dáta dílsithe. D'fheidhmigh CAR scéim sochair scoir arb ionann í agus socrú sochair scoir tuarastail deiridh le sochar sainithe agus bhí na sochair á sainiú trí thagairt do rialacháin "samhail" na hearnála poiblí atá i bhfeidhm faoi láthair. Ghlac IAA seilbh ar an scéim pinsin seo ar an 1 Bealtaine 2023 (tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 20). Chomh maith leis sin, d'fheidhmigh CAR "Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí" ("Scéim Aonair") – do bhaill foirne ar cuireadh tús lena bhfostaíocht ón 1 Eanáir 2013. Ní raibh baill na Scéime Pinsean Aonair ar ghlac IAA seilbh ar a gconarthaí fostaíochta ar an 1 Bealtaine 2023 i dteideal páirt a ghlacadh sa Scéim Aonair a bhí á fheidhmiú ag CAR roimhe seo níos mó. Chruthaigh IAA scéim scátháin lenar bhain na rialacha céanna leis an Scéim Aonair le haghaidh na bhfostaithe seo (tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 20).

### *Bannaí Trádála Taistil agus Scéim Cosanta na dTaistealaithe*

Aistríodh an fhreagracht a bhain le ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas de réir Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, arna leasú, ón Roinn Fiontar Poiblí (ag an am) go dtí CAR ar lá a bhunaithe, an 27 Feabhra 2001. Aistríodh an fhreagracht seo go dtí IAA ar an 1 Bealtaine 2023.

Coimeádadh airgead lóisteáilte mar bhannaí airgid ag gníomhairí taistil de bhua Alt 13 den Acht sin i gcuntais bhainc ar leith a bhí á rialú ag an gCoimisiún. Rinne an Coimisiún íocaíochta ar bhonn éileamh déanta ar na bannaí de réir mar a thagann siad chun cinn. Rinneadh cuntas ar iarmhéideanna gan chaitheamh amhail ar an 30 Aibreán 2023 mar chreidiúnaithe. Ghlac an Chuideachta leis na hiarmhéideanna seo ar an dáta dílsithe (1 Bealtaine 2023) agus glacadh leo mar chreidiúnaithe de chuid na Cuideachta ar an dáta sin.

Bunaíodh Ciste Cosanta na dTaistealaithe faoi Alt 15 d'Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, chun foráil a dhéanamh d'aon easnamh ar na bannaí taistil a chlúdaíonn caillteanais nó dliteanais tabhaithe ag custaiméirí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas.

Aisíocadh na cuntais bannaí agus an Ciste a bhí á riar ag an gCoimisiún a raibh a speansais aisíoctha ó na bannaí nó ón gCiste faoi théarmaí Acht 1982. Ullmhaíodh ráitis airgeadais ar leithligh do na cuntais bannaí ghlaoite agus do Chiste Cosanta na dTaistealaithe agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu freisin.

### *Ionstraimí airgeadais bunúsacha*

Ar dtús, aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha, lena n-áirítear infháltais thrádála, ioncam fabhraithe, infháltais eile agus iarmhéideanna airgid thirim agus bainc, ag an bpraghas idirbhirt, murab ionann an socrú agus idirbheart airgid, sa chás go dtomhaistear an t-idirbheart ag luach láithreach na bhfáltas todhchaíoch lascainithe ag margadhluach úis agus aitheanta i gcoinne ioncaim. Ina dhiaidh sin, tugtar a leithéid de shócmhainní anonn ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain agus aithnítear iad mar ioncam úis.

*Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agusféichiúnaithe agus creidiúnaithe eile*

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais chuntasaíochta (*ar lean*)

### *Ionstraimí airgeadais bunúsacha* (*ar lean*)

Ar dtús, aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile ag an bpraghas idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha eile. Ar dtús, aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile ag an bpraghas idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha eile. I ndiaidh a n-aithinte tosaigh, tomhaistear iad ag costas amúchta, trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain, lúide aon chaillteanas bearnúcháin sa chás gur féichiúnaithe trádála atá i gceist.

Ríomhtar caillteanas bearnúcháin a bhaineann le sócmhainn airgeadais tomhaiste ag costas amúchta mar an difríocht idir a shuim ghlanluacha agus luach láithreach na sreafaí airgid todhchaíocha measta lascainithe ag ráta úis ghlain bhunaidh na sócmhainne. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hús ar an tsócmhainn bhearnaithe a aithint ar an tsuim ghlanluacha ghlan. Maidir le hionstraimí airgeadais arna dtomhas ag costas lúide bearnúchán, ríomhtar bearnúchán mar an difríocht idir a suim ghlanluacha agus an meastachán is fearr faoin méid a bhfaigheadh an Chuideachta don tsócmhainn dá ndíolfaí í ag an dáta tuairiscithe.  Aithnítear caillteanas bearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Nuair a bhíonn imeacht a tharlaíonn ina dhiaidh sin mar bhonn le méid an chaillteanais bearnúcháin a bheith ag laghdú, aisiompaítear an laghdú ar an gcaillteanas bearnúcháin tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais.

*Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha*
Is éard atá i gceist le hairgead tirim airgead tirim arna shealbhú i mbainc agus ar fáil ar éileamh. Is infheistíochtaí an-leachtacha iad coibhéisí airgid thirim (seachas airgead tirim) ar furasta iad a thiontú go dtí méideanna aitheanta airgid thirim, taiscí airgid thirim lena mbaineann tréimhse aon lá amháin agus trí mhí de ghnáth. Is ionann taiscí gearrthéarmacha agus taiscí airgid thirim lena mbaineann tréimhse trí mhí agus aon bhliain amháin. Ar dtús, taifeadtar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag luach cóir agus ina dhiaidh sin sonraítear iad ag costas amúchta agus déantar iad a chatagóiriú mar iasachtaí agus infháltais.

### *Forálacha*
Aithnítear foráil nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an gCuideachta faoi láthair mar thoradh ar theagmhas a tharla roimhe seo, ar féidir í a thomhas go hiontaofa agus ar dócha go mbeidh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach.

Tomhaistear foráil le haghaidh conarthaí dochraideacha ag luach láithreach an chostais ionchais níos ísle a bhfuiltear ag súil leis a bhainfidh le foirceannadh an chonartha agus an glanchostas ionchais a bhaineann le leanúint ar aghaidh leis an gconradh (féach nóta 12 agus nóta 19 le haghaidh tuilleadh sonraí).

### *Sócmhainní inláimhsithe*
Aithnítear caiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde sa chuntas brabúis agus caillteanais mar chostas atá taibhithe.

Déantar caiteachas ar ghníomhaíochtaí forbartha a chaipitliú má tá an táirge nó an próiseas indéanta go teicniúil agus go tráchtála agus má tá sé beartaithe ag an gCuideachta, agus má tá an cumas teicniúil agus acmhainní leordhóthanacha aici, chun an fhorbairt a chríochnú, má tá buntáistí eacnamaíocha todhchaíocha dóchúil agus más féidir leis an gCuideachta an caiteachas a bhaineann leis an tsócmhainn inláimhsithe a thomhas go hiontaofa i rith a forbartha. San áireamh sna gníomhaíochtaí forbartha tá dearadh, tógáil nó tástáil táirgeadh táirgí nó próiseas nua nó feabhsaithe go suntasach. Cuimsítear sa chaiteachas caipitlithe costas na n-ábhar agus an tsaothair dhírigh mar aon le céatadán oiriúnach d'fhorchostais agus de chostais iasachtaíochta chaipitlithe. Aithnítear caiteachas forbartha eile sa chuntas brabúis agus caillteanais mar chostas atá tabhaithe. Tá caiteachas forbartha caipitlithe sonraithe ag costas, lúide amúchadh carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha.

## 2 Láimhdeachas

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| *Gníomhaíocht:* | | |
| *Oibríochtaí leantacha:* | | |
| Ceadúnú pearsanta | 3,137 | 2,920 |
| Maoirseacht NSA | 6,582 | 5,312 |
| Deimhniú | 14,110 | 16,480 |
| Rialáil eacnamaíoch | 3,248 | - |
| Slándáil eitlíochta | 2,263 | 1,082 |
| Aeradróim | 1,024 | 534 |
| Córais Aerárthaí Gan Foireann | 282 | 239 |
| Seirbhísí idirnáisiúnta eile | 2,397 | 1,306 |
| *Oibríochtaí scortha:* | | |
| Faoi bhealach | 39,690 | 129,774 |
| Críochfort | 9,903 | 28,886 |
| Cumarsáidí Atlantaigh Thuaidh | 6,027 | 20,571 |
| Aerthrácht díolmhaithe | 388 | 1,265 |
| Tráchtáil agus eile | 1,622 | 4,460 |
| | 90,673 | 212,829 |

Tá eolas le fáil ar leathanach 65 den tuarascáil seo faoin mbeartas cuntasaíochta a bhaineann leis an ioncam idir oibríochtaí leantacha agus scortha a dhí-chomhbhailiú.

Baineann láimhdeachas IAA go príomha le seirbhísí eitlíochta agus feidhmeanna reachtúla a chuirtear ar fáil i bPoblacht na hÉireann.

## 3 Líon foirne agus costais

Seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe i rith na bliana, lena n-áirítear na stiúrthóirí feidhmiúcháin, anailísithe de réir catagóire:

| | 2023 Líon | 2022 Líon |
|---|---|---|
| Rialachán sábháilteachta | 132 | 132 |
| Oibríochtúil eile | 46 | 105 |
| Seirbhísí corparáideacha | 42 | 64 |
| Rialtóir aerthráchta | 284 | 291 |
| Innealtóir | 83 | 86 |
| Oifigeach raidió | 52 | 49 |
| Líon iomlán fostaithe | 639 | 727 |

# Nótaí (ar lean)

## 3 Líon foirne agus costais (*ar lean*)

Ar an dáta dílsithe, aistríodh gnó ANSP go dtí cuideachta stáit nua-ionchorpraithe, AirNav na hÉireann agus shealbhaigh IAA glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara uile CAR. Dá réir sin, is ionann na figiúirí thuasluaite a bhaineann le rialtóirí aerthráchta, innealtóirí agus oifigigh raidió agus na meánfhigiúirí le haghaidh na ról seo idir Eanáir agus an dáta dílsithe ar an 30 Aibreán 2023. Is ionann na figiúirí eile thuasluaite agus an meánfhigiúr le haghaidh na ról seo don bhliain iomlán. Baineann an laghdú ar na figiúirí le haghaidh na seirbhísí oibríochtúla agus corparáideacha sa bhliain le baill foirne a bhfuil róil thacaíochta acu a bhogadh go dtí AirNav na hÉireann ar an dáta dílsithe.

Seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na ndaoine seo, atá curtha san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais:

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Pánna agus tuarastail** | 39,254 | 76,002 |
| **Costais leasa shóisialaigh** | 3,759 | 6,939 |
| **Costais phinsin – costais seirbhíse reatha** (nóta 20) | 3,380 | 14,545 |
| **Costais phinsin – ranníocaíocht shainithe** (nóta 20) | 248 | 392 |
| **Costais phinsin – costas airgid thirim breise** (nóta 20) | 1,818 | 2,439 |
| **Costais iarfhostaíochta eile** (nóta 20) | 105 | 291 |
| | 48,564 | 100,608 |

Is féidir tuilleadh anailíse a dhéanamh ar phánna agus ar thuarastail mar seo a leanas:

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Bunphá** | 36,999 | 60,849 |
| **Ragobair** | 1,018 | 3,511 |
| **Liúntais agus íocaíochtaí eile** | 1,237 | 11,642 |
| | 39,254 | 76,002 |

I ndiaidh moladh a fháil ó Bhord um Réiteach Díospóidí Inmheánach ("IDRB") IAA ar an 19 Bealtaine 2023 íocaíocht chnapshuime a thabhairt do gach fostaí de chuid IAA a ghlac le ciorrú pá mar chuid de thacar beart srianta costas a bhain le COVID-19, chomhaontaigh an Bord, ar an 19 Meán Fómhair 2023, an moladh a chur chun feidhme ag costas €862,000 (curtha san áireamh sna liúntais agus i méid na n-íocaíochtaí eile thuasluaite). Bhain an moladh seo le IAA agus AirNav na hÉireann. Bhí an méid iomlán cothrom le €862,000 agus íocadh é in dhá thráinse i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus i mí Feabhra 2024.

# Nótaí (ar lean)

## 3 Líon foirne agus costais *(ar lean)*

Tá líon na bhfostaithe ar íocadh sa bhreis ar €50,000 leo catagóirithe sna bannaí seo a leanas:

| | 2023 Líon | 2022 Líon |
|---|---|---|
| €50,000 - €75,000 | 104 | 106 |
| €75,001 - €100,000 | 14 | 118 |
| €100,001 - €125,000 | 27 | 153 |
| €125,001 - €150,000 | 53 | 186 |
| €150,001 - €175,000 | 10 | 53 |
| €175,001 - €200,000 | - | 14 |
| €200,001 - €225,000 | 1 | 3 |
| €225,001 - €250,000 | - | 1 |

Ar an dáta dílsithe, aistríodh gnó ANSP go dtí cuideachta stáit nua-ionchorpraithe, AirNav na hÉireann agus shealbhaigh IAA glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara uile CAR. Dá réir sin, tá na figiúirí thuasluaite comhréireach go dtí/ón dáta dílsithe agus níl siad inchomparáide.

## 4 Ús infhaighte agus ioncam cosúil

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe | 7,409 | 9,305 |
| Ús ar iasacht idirchuideachta | 151 | 1,188 |
| Ioncam díbhinne ó shócmhainní airgeadais eile | 622 | - |
| Ús bainc | 1,993 | 236 |
| Ús eile | 136 | 385 |
| Gnóthachan airgeadra eachtraigh | - | 695 |
| | 10,311 | 11,809 |

## 5 Ús iníoctha agus muirir chosúla

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe | 6,911 | 10,065 |
| Ús bainc | 74 | 467 |
| Táillí saoráide iasachta bainc | 77 | 224 |
| Bearnúchán ar shócmhainní airgeadais | 347 | 3,223 |
| | 7,409 | 13,979 |

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

Sonraítear an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh an mhéid seo a leanas a mhuirearú:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas (nóta 8) | 4,197 | 12,226 |
| Muirear Met Éireann | - | 8,205 |
| Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - foirgnimh | 3,853 | 4,165 |
| Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - eile | - | 84 |
| Caillteanas bearnúcháin ar shócmhainn sheasta inláimhsithe (nóta 8) | - | 4,702 |
| **Luach saothar an Iniúchóra** | | |
| *Deloitte* | | |
| - iniúchadh | - | 96 |
| - dearbhú eile | 216 | 56 |
| - seirbhísí cánach | | |
| - comhlíontacht | 23 | 7 |
| - comhairleach | 56 | 190 |
| *Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023)* | | |
| - iniúchadh | 14 | - |
| - dearbhú eile | - | - |
| - seirbhísí cánach | - | - |
| - comhlíontacht | - | - |
| **Luach saothair iomlán an iniúchóra** | 309 | 349 |

| **Luach saothair na stiúrthóirí** | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| *Táillí iníoctha le stiúrthóirí* | | |
| Rose Hynes, Uasal *(Cathaoirleach)* | 21,600 | 21,600 |
| An tUasal Declan Fitzpatrick† *(Príomhfheidhmeannach)* | - | - |
| An tUas Gerry Lumsden | 12,600 | 12,600 |
| Joan McGrath, Uasal | 12,600 | 12,600 |
| An tUasal Dermot Griffin *(ceaptha ar an 13 Aibreán 2023)* | 8,741 | - |
| An tUasal Patrick Knight *(ceaptha ar an 13 Aibreán 2023)* | 8,741 | - |
| Ann Mc Garry, Uasal *(ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023)* | 8,162 | - |
| Nóirín O'Sullivan, Uasal *(ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023)* | 8,162 | - |
| An tUasal Cian Blackwell *(d'éirigh as a chúraimí ar an 13 Aibreán 2023)* | 3,864 | 12,600 |
| Eimer O'Rourke, Uasal *(d'éirigh as a cúraimí ar an 13 Aibreán 2023)* | 3,864 | 12,600 |
| An tUasal Peter Kearney† (Iar-Phríomhfheidhmeannach) *(d'éirigh as a chúraimí ar an 1 Bealtaine 2023)* | | |
| An tUasal Ernie Donnelly† *(d'éirigh as a chúraimí ar an 5 Deireadh 2023)* | - | - |
| Marie Bradley, Uasal *(chuaigh sí ar scor ar an 24 Meitheamh 2022)* | - | 6,300 |
| An tUasal Diarmuid Ó Conghaile† *(d'éirigh sé as a chúraimí ar an 31 Deireadh Fómhair 2022)* | - | - |
| | 88,334 | 78,300 |

† *Ní bhfuair an tUasal Donnelly, an tUasal Fitzpatrick, an tUasal Kearney agus an tUasal Ó Conghaile táille stiúrthóra agus íocadh iad mar fhostaithe de chuid IAA.*

# Nótaí (ar lean)

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile *(ar lean)*

Ar an iomlán, bhí costais íoctha le, nó thar ceann, stiúrthóirí, i ndáil le seirbhísí mar stiúrthóir cothrom le €6,668 ar fad i rith 2023 *(2022: €2,587).* Ba le taisteal agus cothú go príomha a bhain na costais seo.

| **Luach saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le conradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| *An tUasal Peter Kearney (d'éirigh sé as a chúraimí ar an 1 Bealtaine 2023)* | | |
| Buntuarastal bliantúil | 75 | 225 |
| Sochair incháinithe eile | - | - |
| Ranníocaíocht phinsin | 27 | 81 |
| *An tUasal Declan Fitzpatrick (ceaptha ar an 1 Bealtaine 2023)* | | |
| Buntuarastal bliantúil | 130 | - |
| Sochair incháinithe eile | - | - |
| Ranníocaíocht phinsin | 47 | - |
| | 279 | 306 |

Ceapadh an tUasal Peter Kearney mar Phríomhfheidhmeannach ar an 6 Meitheamh 2018 agus d'éirigh sé as a chúraimí ar an 1 Bealtaine 2023. De bhua a chonradh Príomhfheidhmeannaigh, bhí tuarastal an Uasail Kearney cothrom le €225,000 sa bhliain.

Ceapadh an tUasal Declan Fitzpatrick mar Phríomhfheidhmeannach ar an 1 Bealtaine 2023. De bhua a chonradh Príomhfheidhmeanaigh nua, tá tuarastal an Uasail Fitzpatrick cothrom le €195,000 sa bhliain. Ceapadh an tUasal Fitzpatrick mar bhall den bhord ar an 19 Deireadh Fómhair 2022. Ní bhfuair sé táille stiúrthóra. Bhí an luach saothair agus na ranníocaíochtaí pinsin a bhain le conradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh cothrom le €102,000 a íocadh le Peter Kearney don tréimhse ceithre mhí go dtí an 30 Aibreán 2023 agus €176,800 a íocadh le Declan Fitzpatrick don tréimhse ocht mhí go dtí an 31 Nollaig 2023.

Bhí an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta sa bhliain cothrom le €1.9 milliún *(2022: €2.1 milliún)* ina gcuimsítear tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha eile luach €1.6 milliún *(2022: €1.7 milliún)* agus sochair iarfhostaíochta luach €0.3 milliún *(2022: €0.4 milliún)*. Is éard atá i gceist le cúiteamh na príomhfhoirne bainistíochta cúiteamh a íocadh le daoine ag a bhfuil údarás agus freagracht as gníomhaíochtaí na Cuideachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. San áireamh anseo tá na baill bhoird agus na feidhmeannaigh shinsearacha.

## 7 Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

| Anailís ar an muirear cánach sa bhliain | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| *Cáin reatha* | | |
| Cáin chorparáide | 743 | 4,197 |
| Coigeartuithe i ndáil le tréimhsí roimh ré | 151 | 53 |
| | 894 | 4,250 |
| *Cáin iarchurtha* | | |
| Tionscnamh agus aisiompú difríochtaí uainiúcháin | 144 | 412 |
| Coigeartuithe i ndáil le tréimhsí roimh ré | - | - |
| | 144 | 412 |
| Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí | 1,038 | 4,662 |

| Réiteach cánach iomlán brabúis agus caillteanais | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 1,706 | 22,213 |
| Cáin reatha ionchais ag 12.5% (2022: 12.5%) | 213 | 2,777 |
| *Éifeachtaí:* | | |
| Difríochtaí buana | 138 | 1,386 |
| Costais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | 266 | 218 |
| Ioncam nach bhfuil incháinithe ag an ráta caighdeánach | 348 | 228 |
| Cáin chorparáide i ndáil le blianta roimh ré | 151 | 53 |
| Éifeacht cánach eachtraí | (78) | - |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | 1,038 | 4,662 |

## 8 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Foirgnimh €'000 | Suiteálacha críochnaithe agus saothair eile €'000 | Suiteálacha a bhfuiltear ag obair orthu €'000 | Trealamh oifige €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Costas*** | | | | | |
| Ag tús na bliana | 71,732 | 186,834 | 25,437 | 13,395 | 297,398 |
| Breiseanna sa bhliain | 46 | - | 5,916 | 900 | 6,862 |
| Tús curtha le húsáid i rith na bliana | - | 1,288 | (1,288) | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (90) | (90) |
| Éadáil CAR | | | 389 | 107 | 496 |
| Dáileadh ANSP | (68,900) | (188,122) | (23,986) | (10,715) | (291,723) |
| **Ag deireadh na bliana** | **2,878** | **-** | **6,468** | **3,597** | **12,943** |
| ***Dímheas carntha*** | | | | | |
| Ag tús na bliana | 29,549 | 149,061 | - | 12,769 | 191,379 |
| Muirear sa bhliain | 949 | 2,933 | - | 315 | 4,197 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (90) | (90) |
| Dáileadh ANSP | (27,951) | (151,994) | - | (9,874) | (189,819) |
| **Ag deireadh na bliana** | **2,547** | **-** | **-** | **3,120** | **5,667** |
| ***Glanluach de réir na leabhar*** | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | **331** | **-** | **6,468** | **477** | **7,276** |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | 42,183 | 37,773 | 25,437 | 626 | 106,019 |

Tá caillteanas bearnúcháin de € náid *(2022: €4.7 milliún)* sainaitheanta i gcostais oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais i ndiaidh athbhreithniú inmheánach a cuireadh i gcrích i rith na bliana.

## 9 Sócmhainní seasta airgeadais

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Cuideachta** | | |
| Ús sa chuideachta chomhlachaithe, ag costas | - | 1,384 |
| Gnáthscaireanna i ngnóthas fochuideachta, ag costas | - | 10,611 |
| | - | 11,995 |

Roimhe seo bhí leas $33^1/_3$% ag IAA in Entry Point North AB, Box 30, SE-230 32, Malmö-Sturup, an tSualainn, soláthraí réiteach oiliúna bainistíochta aerthráchta. Aistríodh an leas seo go dtí AirNav na hÉireann de bhua Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, ar an 1 Bealtaine 2023.

Roimhe sin bhí leas 100% ag IAA in IAA North Atlantic Inc, 108 West 13$^{th}$ Street, Wilmington, New Castle County, 19801, SAM. Rinneadh cuntas ar an infheistíocht seo mar ghnóthas fochuideachta. Aistríodh an leas in IAA North Atlantic INC go dtí AirNav na hÉireann de bhua Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, ar an 1 Bealtaine 2023.

## 10 Féichiúnaithe

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála, glan | 7,545 | 29,979 |
| Réamhíocaíochtaí | 447 | 5,006 |
| Ioncam fabhraithe | 2,495 | 101,648 |
| Féichiúnaithe eile | 282 | 382 |
| Cáin chorparáide | 1,324 | 183 |
| Cáin bhreisluacha | - | 333 |
| Cáin eile | - | 27 |
| Dlite ó iarghnóthas fochuideachta | - | 12,107 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha (nóta 15) | 18 | - |
| | 12,111 | 149,665 |
| Dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 12,111 | 61,257 |
| Dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | - | 88,408 |
| | 12,111 | 149,665 |

San áireamh sna féichiúnaithe trádála tá méideanna dlite de €1.9 milliún *(2022: €17.5 milliún)* a ndéantar foráil le haghaidh €náid *(2022: €4,8 milliún)* de laistigh d'fhorálacha drochfhéich.

Sa tréimhse chomparáideach, san áireamh sna féichiúnaithe bhí ioncam fabhraithe luach *€91.9 milliún,* in-aisghabhála thar thréimhse 7 mbliana, idir 2024 agus 2030. Tomhaiseadh an t-iarmhéid seo ag luach láithreach na bhfáltas todhchaíoch lascainithe ag ráta margaidh úis. Aistríodh na hiarmhéideanna seo mar chuid de dhiúscairt Ghnóthas ANSP.

Sa tréimhse chomparáideach, bhí méideanna dlite ag an ngnóthas fochuideachta faoi réir úis, neamhurraithe agus iníoctha ar éileamh. Aistríodh na hiarmhéideanna seo mar chuid de dhiúscairt Ghnóthas ANSP.

## 11 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, taiscí gearrthéarmacha agus airgead tirim srianta

| | Ar an 1 Eanáir €'000 | Sreafaí airgid €'000 | Úsáid €'000 | Ar an 31 Nollaig €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim | 112,747 | (41,985) | (63,931) | 6,831 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 30,839 | | 22,251 | 53,090 |
| Airgead tirim srianta | - | | 41,680 | 41,680 |
| | 143,586 | (41,985) | - | 101,601 |

## 12 Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | 1,133 | 3,783 |
| Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus leas sóisialach (nóta 13) | 774 | 2,849 |
| Taiscí ar glacadh leo | 41,680 | - |
| Fabhruithe | 2,664 | 18,146 |
| Foráil do chonradh dochraideach | 750 | - |
| Ioncam iarchurtha | 5,186 | 22,003 |
| | 52,187 | 46,781 |

I gcomhthéacs na ndálaí margaidh atá i bhfeidhm faoi láthair, níltear ag súil go mbeidh an oifig ag 7 Ardán Phort an Iarla á foléasú don chuid eile den chonradh léasa. Dá réir sin, glacadh leis an léas fágtha mar chonradh dochraideach. Ainneoin go bhfuil idirbheartaíochtaí chun an léas a scor fós ar siúl, tá costas aitheanta sa ráiteas brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar aon le dliteanas comhfhreagrach arb ionann é agus meastachán is fearr na foirne bainistíochta ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a réiteach ag an dáta tuairiscithe.

## 13 Cánachas agus leas sóisialach eile san áireamh i gcreidiúnaithe eile

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| ÍMAT | 551 | 2,672 |
| Cáin bhreisluacha | 136 | - |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 85 | 72 |
| Creidiúnaithe eile | 2 | - |
| Dliteanas cánach iarchurtha | - | 105 |
| | 774 | 2,849 |

## 14 Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de níos mó ná bliain amháin

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam iarchurtha | - | 36,367 |
| | - | 36,367 |

## 15 Sócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha

| | Tag. | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| Sócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha – seachas sochair a bhaineann le fostaithe (reatha) | *(i)* | 18 | (105) |
| Sócmhainn / (dliteanas) cánach reatha – sochair a bhaineann le fostaithe (neamhreatha) | *(ii)* | 1,034 | (5,537) |
| Sócmhainn chánach iarchurtha – foirgnimh – (neamhreatha) | | - | 4,076 |
| Dliteanas cánach iarchurtha – foirgnimh – (neamhreatha) | | - | (4,076) |
| **(Dliteanas)/sócmhainn chánach iarchurtha, glan** | | 1,052 | (5,642) |

# Nótaí (ar lean)

## 15 Sócmhainn / (dliteanas) cánach iarchurtha *(ar lean)*

*(i) Cánachas iarchurtha – níl sochair a bhaineann le fostaithe san áireamh*

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | (105) | 97 |
| Creidmheas / (Muirearaithe) ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7) | 94 | (202) |
| Dáileadh ANSP | 29 | - |
| **Ag deireadh na bliana** | 18 | (105) |

Is ionann dliteanas na cánach iarchurtha ag deireadh na bliana agus an dliteanas féideartha iomlán a bhaineann le difríochtaí uainiúcháin.

San áireamh sa chánachas iarchurtha – seachas sochair a bhaineann le fostaithe tá €Náid *(2022: €Náid)* sa Cuideachta dlite  ndiaidh níos mó ná bliain amháin a bhaineann le hioncam atá incháinithe ag dáta amach anseo.

*(ii) Cánachas iarchurtha – sochair a bhaineann le fostaithe*

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | (5,537) | 7,930 |
| Athruithe ar thoimhdí achtúireacha aitheantas in OCI | (1,321) | (13,257) |
| Muirearaithe ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7) | (238) | (210) |
| Dáileadh ANSP | 8,130 | - |
| **Ag deireadh na bliana** | 1,034 | (5,537) |

## 16 Scairchaipiteal glaoite — cothromas

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| ***Údaraithe, leithdháilte, glaoite agus íoctha go hiomlán*** | | |
| 17,858,000 gnáthscair a raibh luach €1.27 luaite le gach scair | 22,675 | 22,675 |

## 17 Díbhinní cothromais íoctha

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| ***Cuideachta*** | | |
| ***Fógartha agus íoctha i rith na bliana*** | | |
| An díbhinn deiridh íoctha: €0.0023 do gach scair i ndáil le 2022 | | |
| *(2022: €Náid do gach scair i ndáil le 2021)* | 5,265 | - |

## 18 Páirtithe gaolmhara

Mar an gcéanna le go leor comhlachtaí rialtais eile, déileálann IAA, i ngnáthchúrsa gnó, le comhlachtaí agus ranna rialtais eile, cosúil le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ("daa") plc., Údarás Aerfort na Sionainne Tta, Bord Soláthair an Leictreachais ("BSL"), an Roinn Iompair agus Met Éireann. Roimhe seo glacadh leis gurb ionann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) agus páirtí gaolmhar, ach ón dáta dílsithe (an 1 Bealtaine 2023), scaoileadh CAR agus aistríodh an gnó go dtí IAA. Ar an gcuma chéanna, de réir Acht 2022, aistríodh an gnó ANSP go dtí AirNav na hÉireann, arb ionann é, ón dáta dílsithe, agus páirtí gaolmhar de chuid IAA. Go stairiúil laistigh de IAA, sholáthair an rannán SRD (oibríocht leantach), maoirseacht sábháilteachta rialála ar rannán ANSP (oibríocht scortha), atá aistrithe go dtí AirNav na hÉireann. Tá IAA ag leanúint ar aghaidh le maoirseacht rialála sábháilteachta a dhéanamh ar AirNav na hÉireann i ndiaidh an dáta Dílsithe. I rith na bliana, thuill IAA ioncam de €6.6 milliún (*2022: €5.3 milliún*) trí mhaoirseacht rialála sábháilteachta a dhéanamh ar rannán ASNP (AirNav na hÉireann i ndiaidh an dáta dílsithe). San áireamh sna méideanna seo tá idirbhearta ionoibríochta idir SRD agus ASNP (tá eolas le fáil ar leathanach 65 den tuarascáil seo faoin mbeartas cuntasaíochta a bhaineann leis an ioncam idir oibríochtaí leantacha agus scortha a dhí-chomhbhailiú). Chomh maith leis sin, i rith na bliana thuill IAA ioncam cíosa luach €0.7 milliún chun cuid d'fhoirgneamh a cheannoifige a léasú le AirNav na hÉireann. Amhail ar an 31 Nollaig 2023, tá infháltas dlite ag IAA ó AirNav na hÉireann luach €5.3 milliún *(2022: €Náid).*

De réir Acht 2022, san áireamh sna glansócmhainní a aistríodh go dtí AirNav na hÉireann bhí infheistíocht IAA i bhfochuideachta (IAA North Atlantic Inc.) agus an iasacht a bhí curtha ar fáil ag IAA don fhochuideachta sin. Thuill IAA ioncam úis de €0.2 milliún ar an iasacht seo go dtí an dáta dílsithe (*2022: €1.2 milliún*). San áireamh san iarmhéid iasachta gan íoc bhí ús fabhraithe luach €Náid (*2022: €12.1 milliún*) ar an 31 Nollaig 2023.

In 2014, ghlac IAA páirt i socrú tráchtála chun seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta a chur ar fáil do Entry Point North Ireland DAC, fochuideachta de Entry Point North (EPN) AB faoi úinéireacht 100%, cuideachta chomhlachaithe de IAA roimhe sin (nóta 9). Go stairiúil sholáthair Entry Point North Ireland DAC seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta do IAA ar bhonn neamhthuilleamaí. I rith na bliana, thuill IAA ioncam de €1.3 milliún *(2022: €3.4 milliún)* agus thabhaigh sé costais de €4.6 milliún *(2022: €8.0 milliún)* in idirbhearta le Entry Point North Ireland DAC. Amhail ar an 31 Nollaig 2023, ní raibh aon iarmhéid gan íoc idir IAA agus Entry Point North Ireland DAC *(2022: €Náid)*.

Ag an dáta dílsithe, tá na leasanna in Entry Point North (EPN) AB aistrithe go dtí AirNav Ireland Limited, agus anois cuireann Entry Point North Ireland DAC seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta ar fáil do AirNav na hÉireann agus ní chuireann sé na seirbhísí seo ar fáil do IAA níos mó.

Tá eolas maidir le nochtaí a bhaineann le príomhphearsana bainistíochta le fáil i nóta 6.

## 19 Ceangaltais

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Caiteachas caipitil todhchaíoch ceadaithe ag na stiúrthóirí:** | | |
| **Níl conradh bunaithe** | 2,500 | 96,667 |
| **Tá conradh bunaithe** | 1,915 | 19,709 |
| | 4,415 | 116,376 |

## 19 Ceangaltais (ar lean)

*(i) Ceangaltais léasa oibriúcháin*

Seo a leanas iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha faoi léasanna oibriúcháin neamh-incheallaithe:

| | Foirgnimh 2023 €'000 | Mótarfheithiclí 2023 €'000 | Foirgnimh 2022 €'000 | Mótarfheithiclí 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| *Iníoctha:* | | | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 3,242 | - | 3,819 | 68 |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | 12,222 | - | 10,720 | 119 |
| Níos mó ná cúig bliana | 20,605 | - | 17,592 | - |
| | 36,069 | - | 32,131 | 187 |

Tá ceangaltais ag IAA atá iníoctha suas go dtí 2026 i ndáil le léas oifige ag 7 Ardán Phort an Iarla. Tá an cíos bliantúil atá á íoc i ndáil leis an áitreabh cothrom le €298,500 sa bhliain faoi láthair. Mar atá sonraithe i nóta 12, tá an léas seo taifeadta mar chonradh dochraideach. Ainneoin go bhfuil idirbheartaíochtaí chun an léas a scor fós ar siúl, tá costas aitheanta sa ráiteas brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 arb ionann é agus meastachán is fearr na foirne bainistíochta ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a réiteach ag an dáta tuairiscithe.

*(ii) Ceangaltas iasachta sealadach*

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | - | 656 |
| | | 656 |

I mí na Samhna 2022, cheadaigh Ballstáit EUROCONTROL, Éire san áireamh, cruthú ciste dlúthpháirtíochta speisialta sealadach chun tacaíocht a chur ar fáil do Stáit a raibh tionchar ag cogadh na Rúise-na hÚcráine ar a gcórais bhainistíochta aerthráchta. Chuir Éire €787,549 ar fáil don chiste seo, atá iníoctha i sé thráthchuid chothroma. Íocadh an chéad tráthchuid luach €131,258 i mí na Nollag 2022. Ar an dáta dílsithe, aistríodh an gealltanas maidir leis na tráthchodanna fágtha a íoc ó IAA go dtí AirNav na hÉireann.

## 20 Sochair scoir

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainn / (dliteanas) pinsin le sochar sainithe (féach A thíos) | (6,860) | 44,297 |
| Dliteanas pinsin ex-gratia forlíontach (féach B thíos) | (560) | (3,645) |
| Sócmhainn / (dliteanas) na scéime sochair scoir – CAR (féach C thíos) | (853) | - |
| Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí – CAR (féach D thíos) | - | - |
| **Oibleagáidí sochair scoir iomlána** | (8,273) | 40,652 |

# Nótaí (ar lean)

## 20 Sochair scoir (*ar lean*)

Tagann teidlíochtaí pinsin fostaithe chun cinn faoi roinnt scéimeanna le sochar sainithe, agus tá na sócmhainní a bhaineann leo dílsithe in iontaobhaithe neamhspleácha.

Déanann IAA luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsin le sochar sainithe uair amháin gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luachálacha achtúireacha is déanaí an 1 Eanáir 2021 agus clúdaítear ann na sochair fabhraithe ar fad. Achtúirí neamhspleácha cáilithe a rinne na luachálacha seo.

Tá na luachálacha a rinneadh chun críche FRS 102 bunaithe ar na luachálacha maoinithe is déanaí le haghaidh na scéimeanna atá coigeartaithe ag na hachtúirí neamhspleácha chun cuntas a dhéanamh ar fhabhrú na ndliteanas suas go dtí an 31 Nollaig 2023 agus chun cuntas a dhéanamh ar na dálaí airgeadais ar an dáta sin. Cuireadh na luachálacha a úsáideadh chun críche FRS 102 i gcrích trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta, agus tá luach luaite le sócmhainní chun na críche seo ag margadhluach.

Níl na tuarascálacha achtúireacha, atá ar fáil do bhaill na scéimeanna, ar fáil don phobal chun iad a scrúdú.

Níl aon scéim neamhchistithe ag IAA ach amháin an dliteanas ex-gratia forlíontach agus scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí (SPSPS). Níl aon ranníocaíocht gan íoc nó réamhíoctha ann ag deireadh na bliana.

### A Scéimeanna le Sochar Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

| **(i) Méideanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais** | **2023<br>€'000** | **2022<br>€'000** |
|---|---|---|
| Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt | (9,165) | (483,775) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | 2,305 | 528,072 |
| **Glan (dliteanas) / sócmhainn** | (6,860) | 44,297 |

Rinneadh foráil in Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, d'fheidhmeanna seirbhísí aerloingseoireachta IAA a bhunú mar chomhlacht Leathstáit tráchtála aonair. Chun éifeacht a thabhairt dó seo, scaradh na scéimeanna pinsin a bhí bunaithe ag IAA cheana bunaithe ar mheastacháin achtúireacha amhail ar an 30 Aibreán 2023 ar dhliteanais agus ar shócmhainní, i ndiaidh an dáta dílsithe, Phlean Pinsin Údarás Eitlíochta na hÉireann ("an Príomhphlean") agus Phlean Pinsin Hibridigh Údarás Eitlíochta na hÉireann, 2012 ("an Plean Hibrideach") a bhaineann le gach cuideachta.

Laghdaigh dliteanais phinsin go suntasach i rith na bliana i ndiaidh ANSP a dhiúscairt ar an dáta dílsithe. Laghdaigh sócmhainní pinsin bliain i ndiaidh bliana i ndiaidh ANSP a dhiúscairt ar an dáta dílsithe. Dá thoradh sin, d'iompair an Chuideachta glandliteanas pinsin amhail ar an 31 Nollaig 2023 de €6.9 milliún *(2022: sócmhainn de €44.3 milliún)* a bhain leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe ("na Scéimeanna").

Is é an ráta lascaine an príomh-fhoshuíomh a bhí mar bhonn leis an athrú ar ghlandliteanais na Scéime. Dá laghdófaí an ráta lascaine a úsáideadh 0.25% go dtí 3.35%, gan tionchar a bheith aige ar luach na sócmhainní, mhéadódh an glandliteanas go dtí €7.3 milliún. I bhfianaise thréimhse na scéime pinsin, táthar ag tuar go bhféadfadh gluaiseachtaí ráta lascaine ábhartha a bheith i gceist, gluaiseachtaí a mbeadh tionchar acu ar staid ghlansócmhainn nó ghlandliteanas na Scéime.

Tá an glandliteanas aitheanta ag an gCuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2023.

# Nótaí (ar lean)

## 20 Sochair scoir (*ar lean*)

| **(ii) Foshuíomhanna achtúireacha** | **2023 Aonad réamh-mheasta** | **2022 Aonad réamh-mheasta** |
|---|---|---|
| *Meán-fhoshuíomhanna ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair* | | |
| Ráta lascaine | 3.60% | 4.10% |
| Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta | 3.50% | 3.00% |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | 2.20% | 2.50% |
| Ráta an mhéadaithe pinsin | 0.00% | 0.00% |

Tá na foshuíomhanna atá mar bhonn leis na dliteanais phinsin ag an dáta tuairiscithe bunaithe ar na táblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus cuimsítear iontu liúntas chun an fad saoil a fheabhsú amach anseo. Tá na foshuíomhanna seo comhionann le bheith ag súil leis go mairfidh duine atá 65 bliain d'aois i gcomhair roinnt blianta mar seo a leanas:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| *Úsáideadh ionchas saoil do bhall fireann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:* | | |
| Baill gníomhacha reatha agus iarchurtha | 25.1 | 24.3 |
| Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair | 23.4 | 22.6 |
| *Ionchas saoil do bhall baineann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:* | | |
| Baill gníomhacha reatha agus iarchurtha | 27.0 | 26.1 |
| Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair | 25.2 | 24.3 |

Roghnaítear na foshuíomhanna a úsáideann an t-achtúire ó raon foshuíomhanna achtúireacha féideartha a d'fhéadfadh, mar gheall ar an tréimhse i gceist, gan a bheith i gceist i gcleachtas.

| **(iii) Gluaiseachtaí ar luach cóir shócmhainní an phlean** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana | 528,072 | 662,546 |
| Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean seachas ioncam úis | 10,978 | (142,908) |
| Ioncam úis | 7,260 | 9,305 |
| Ranníocaíochtaí fostóra | 6,140 | 16,985 |
| Ranníocaíochtaí na mball | 1,365 | 3,369 |
| Sochair íoctha ón bplean | (6,916) | (21,225) |
| Ranníocaíocht ó ANSP * | (544,594) | - |
| **Luach cóir an phlean ag deireadh na bliana** | 2,305 | 528,072 |

*Ag an dáta dílsithe, choinnigh an IAA an chuid den oibleagáid le sochar sainithe a bhain lena fhostaithe, agus aistríodh an chuid fágtha den oibleagáid le sochar sainithe go dtí AirNav na hÉireann ag an dáta sin (féach thíos). Dáileadh sócmhainní uile an phlean a bhain leis an scéim ar AirNav na hÉireann freisin ar an dáta dílsithe. Dá réir sin, choinnigh IAA luach €69m d'airgead tirim ag an dáta dílsithe (mar a comhaontaíodh le AirNav na hÉireann), i bpáirt chun críche a chinntiú gur chomhlíon IAA a oibleagáid maidir le pinsean le sochar sainithe. Cinnfidh iontaobhaithe IAA in am cuí cé mhéad den airgead tirim seo a chuirfear i leataobh chun an dliteanas pinsin a chomhlíonadh.

# Nótaí (ar lean)

## 20 Sochair scoir (*ar lean*)

| (iv) Gluaiseachtaí i luach láithreach na n-oibleagáidí le sochar sainithe | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | (483,775) | (725,984) |
| Costas reatha seirbhíse | (3,290) | (14,545) |
| Costas úis | (6,750) | (10,065) |
| Ranníocaíochtaí na mball | (1,366) | (3,369) |
| Atomhas: gnóthachain achtúireacha | (458) | 248,963 |
| Sochair íoctha ón bplean | 6,916 | 21,225 |
| Dáileadh ANSP | 479,558 | - |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | (9,165) | (483,775) |

| (v) Comhpháirteanna an chostais pinsin | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| *Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 3) | (3,290) | (14,545) |
| Costas airgid thirim bhreise (nóta 3) | (1,818) | (2,439) |
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 4) | 7,260 | 9,305 |
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 5) | (6,750) | (10,065) |
| **Costas pinsin iomlán aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | (4,598) | (17,744) |
| **Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| Gnóthachain achtúireacha aitheanta láithreach | 10,520 | 106,055 |
| Costas airgid thirim bhreise | 1,818 | 2,439 |
| | 12,338 | 108,494 |
| **Iomlán don bhliain** | 7,740 | 90,750 |
| **Méid carnach na gcaillteanas achtúireach aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | (128,964) | (139,484) |

| (vi) Sócmhainní an Phlean | 2023 Méid shócmhainní an phlean €'000 | 2022 Méid shócmhainní an phlean €'000 |
|---|---|---|
| *Na leithdháiltí sócmhainne amhail ar an 31 Nollaig:* | | |
| Urrúis chothromais | - | 120,970 |
| Urrúis bannaí | 1,529 | 331,102 |
| Eile | 776 | 76,000 |
| | 2,305 | 528,072 |

Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní an phlean ag 3.6% *(2022: 4.1%)*.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Toradh iarbhír ar shócmhainní | | |
| Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean | 18,238 | (133,603) |

## 20 Sochair scoir *(ar lean)*

| **(vii) Méideanna nochta riachtanacha eile** | **€'000** |
|---|---|
| Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil a bheidh á n-íoc ag IAA i rith 2024 | 2,723 |

### B Dliteanas pinsin ex-gratia forlíontach

| | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 3,645 | 3,354 |
| Dáileadh ANSP | (3,190) | |
| Méideanna dá bhforáiltear dóibh don phinsean ex-gratia forlíontach | | |
| Dliteanas (nóta 3) | 105 | 291 |
| Íocaíochtaí déanta i rith na bliana | - | - |
| **Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin** | 560 | 3,645 |

Is foráil í seo d'íocaíochtaí pinsin ex-gratia forlíontacha, suas go dtí aois 65, lasmuigh de scéimeanna pinsin IAA, chun déileáil leis an mbearna a bhfuil fostaithe áirithe ag déileáil léi atá i dteideal dul ar scor idir 60 agus 65 bliain d'aois, ach nach bhfuil i dteideal an phinsin stáit a fháil, áfach, go dtí go sroicheann siad aois scoir an stáit.

### C Scéim Sochair Scoir – CAR

| **(i) Méideanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt | (6,801) | - |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | 5,948 | - |
| Glan (dliteanas) | (853) | - |

Foráladh le hAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, do chumasc an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta leis an IAA. Foráiltear, dá réir sin, d'aistriú na scéime seo go dtí IAA ar an 30 Aibreán 2023. Is scéim sochair scoir arb ionann í agus socrú sochair scoir tuarastail deiridh le sochar sainithe agus bhí na sochair á sainiú trí thagairt do rialacháin "samhail" na hearnála poiblí atá i bhfeidhm faoi láthair. Socraítear rátaí ranníocaíochta fostóra ag féachaint do chomhairle achtúireach agus d'athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a theastaíonn don scéim. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (aon ochtódú don bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú don bhliain seirbhíse) agus sochair scoir céilí agus leanaí. Is é an lá a sroichtear an 65ú breithlá an ghnáthaois scoir. De ghnáth, méadaíonn na sochair scoir atá á n-íoc (agus iarchur) de réir boilscithe praghsanna.

D'iompair an Chuideachta glandliteanas pinsin amhail ar an 31 Nollaig 2023 de €0.9 milliún *(2022: N/BH)* i ndáil leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe a sealbhaíodh mar thoradh ar éadáil CAR.

Is é an ráta lascaine an príomh-fhoshuíomh a bhí mar bhonn leis an athrú ar ghlandliteanais na Scéime. Dá laghdófar an ráta lascaine a úsáideadh 0.25% go dtí 3.05%, gan tionchar a imirt ar luach na sócmhainní, mhéadódh an glandliteanas go dtí €1.2 milliún. I bhfianaise thréimhse na scéime pinsin, táthar ag tuar go bhféadfadh gluaiseachtaí ráta lascaine ábhartha a bheith i gceist, gluaiseachtaí a mbeadh tionchar acu ar staid ghlansócmhainn nó ghlandliteanas na Scéime.

Tá an glandliteanas aitheanta ag an gCuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2023.

# Nótaí (ar lean)

## 20 Sochair scoir (*ar lean*)

| **(ii) Foshuíomhanna achtúireacha** | **2023 Aonad réamh-mheasta** | **2022 Aonad réamh-mheasta** |
|---|---:|---:|
| *Meán-fhoshuíomhanna ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair* | | |
| Ráta lascaine | 3.30% | - |
| Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta | 2.80% | - |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | 2.30% | - |
| Ráta an mhéadaithe pinsin | 2.30% | - |

Tá na foshuíomhanna a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn leis na dliteanais phinsin ag an dáta tuairiscithe bunaithe ar na táblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus cuimsítear iontu liúntas d'fheabhsuithe ar fhad saoil amach anseo. Tá na foshuíomhanna seo comhionann le bheith ag súil leis go mairfidh duine atá 65 bliain d'aois i gcomhair roinnt blianta mar seo a leanas:

| | **2023** | **2022** |
|---|---:|---:|
| *Úsáideadh ionchas saoil do bhall fireann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:* | | |
| Baill gníomhacha reatha agus iarchurtha | 24.5 | - |
| Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair | 22.0 | - |
| *Ionchas saoil do bhall baineann ó aois 65 sa tábla mortlaíochta iarscoir chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair i gcomhair:* | | |
| Baill gníomhacha reatha agus iarchurtha | 26.6 | - |
| Baill ar pinsinéirí iad faoi láthair | 24.5 | - |

Roghnaítear na foshuíomhanna a úsáideann an t-achtúire ó raon foshuíomhanna achtúireacha féideartha a d'fhéadfadh, mar gheall ar an tréimhse i gceist, gan a bheith i gceist i gcleachtas.

| **(iii) Gluaiseachtaí ar luach cóir shócmhainní an phlean** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---:|---:|
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana | - | - |
| Tráth éadála CAR | 5,503 | - |
| Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean seachas ús | | |
| Ioncam | 246 | - |
| Ioncam úis | 140 | - |
| Ranníocaíochtaí fostóra | 114 | - |
| Ranníocaíochtaí na mball | 26 | - |
| Sochair íoctha ón bplean | (81) | - |
| **Luach cóir an phlean ag deireadh na bliana** | 5,948 | - |

## 20 Sochair scoir *(ar lean)*

| (iv) Gluaiseachtaí i luach láithreach na n-oibleagáidí le sochar sainithe | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | - | - |
| Tráth éadála CAR | (5,924) | |
| Costas reatha seirbhíse | (90) | - |
| Costas úis | (152) | - |
| Ranníocaíochtaí na mball | (26) | - |
| Atomhas: gnóthachain achtúireacha | (689) | - |
| Sochair íoctha ón bplean | 80 | - |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | (6,801) | - |

| (v) Comhpháirteanna an chostais pinsin | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| *Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 3) | (90) | - |
| Costas airgid thirim bhreise (nóta 3) | - | - |
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 4) | 140 | - |
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 5) | (152) | - |
| **Costas pinsin iomlán aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | (102) | - |
| **Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| Gnóthachain achtúireacha aitheanta láithreach | (443) | - |
| Costas airgid thirim bhreise | - | - |
| | (443) | - |
| **Iomlán don bhliain** | (545) | - |
| **Méid carnach caillteanas achtúireach aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | (443) | - |

| (vi) Sócmhainní an Phlean | 2023 Méid shócmhainní an phlean €'000 | 2022 Méid shócmhainní an phlean €'000 |
|---|---|---|
| *Na leithdháiltí sócmhainne amhail ar an 31 Nollaig:* | | |
| Urrúis chothromais | 2,927 | - |
| Urrúis bannaí | 1,868 | - |
| Eile | 1,153 | - |
| | 5,948 | - |

Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní an phlean ag 3.5% *(2022: N/BH).*

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| *Toradh iarbhír ar shócmhainní* | | |
| Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean | 386 | - |

# Nótaí (ar lean)

## 20 Sochair scoir (*ar lean*)

| **(vii) Méideanna nochta riachtanacha eile** | **€'000** |
|---|---|
| Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil a bheidh á n-íoc ag IAA i rith 2024 | 214 |

### D Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPSPS) - CAR

| **(i) Méideanna aitheanta sa ráiteas ar an staid airgeadais** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Luach láithreach oibleagáidí neamhchistithe | (395) | - |
| Sócmhainn an tsochair scoir iarchurtha (féach thíos) | 395 | - |
| **Glansócmhainn/(dliteanas)** | - | - |

Is Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") í seo, scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Aithníonn IAA sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh Sochar Scoir ar bhonn fhorálacha Alt 44 d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

De bhrí gur comhlacht Leathstáit é IAA, agus gur ghlac IAA seilbh ar chonarthaí fostaíochta bhaill na Scéime Pinsean Aonair ar an 1 Bealtaine 2023, ní raibh siad i dteideal a bheith páirteach in SPSPS níos mó. Chruthaigh IAA scéim scátháin lenar bhain na rialacha céanna leis an SPSPS le haghaidh na bhfostaithe seo. Ar an 1 Bealtaine 2023, glacadh leo mar bhaill iarchurtha de SPSPS bunaithe ar a ranníocaíochtaí go dtí an 30 Aibreán 2023.

D'aithin an Chuideachta sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh SPSPS ar bhonn fhorálacha Alt 44 d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

| **(ii) Foshuíomhanna achtúireacha** | **2023 Aonad réamh-mheasta** | **2022 Aonad Réamh-mheasta** |
|---|---|---|
| *Meán-fhoshuíomhanna ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair* | | |
| Ráta lascaine | 3.30% | - |
| Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta | 2.80% | - |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | 2.30% | - |
| Ráta an mhéadaithe pinsin | 2.30% | - |

## 20 Sochair scoir (*ar lean*)

| **(iii) Gluaiseachtaí ar luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | - | - |
| Tráth éadála CAR | (371) | |
| Costas reatha seirbhíse | - | - |
| Costas úis | (9) | - |
| Ranníocaíochtaí na mball | - | - |
| Atomhas: gnóthachain achtúireacha | (15) | - |
| Sochair íoctha ón bplean | - | - |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | (395) | - |

| **(v) Comhpháirteanna an chostais pinsin** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| *Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 3) | - | - |
| Costas airgid thirim bhreise (nóta 3) | - | - |
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 4) | 9 | - |
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 5) | (9) | - |
| **Costas pinsin iomlán aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | - | - |
| **Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| Gnóthachain achtúireacha aitheanta láithreach | - | - |
| Costas airgid thirim bhreise | - | - |
| **Iomlán don bhliain** | - | - |
| **Méid carnach caillteanas achtúireach aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | - |

Bhí an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh SPSPS amhail ar an 31 Nollaig 2023 cothrom le €395,000, le gluaiseachtaí de €9,000 agus €15,000 aitheanta sa ráiteas ar bhrabús agus caillteanas agus sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile faoi seach, i rith na tréimhse tuairiscithe.

### E Scéimeanna Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

I rith na bliana, bhí IAA freagrach as dhá scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe - 'Plean Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012' agus 'Scéim Pinsean an Rialtóra Eitlíochta'. Is ionann an muirear pinsin don bhliain agus ranníocaíochtaí atá iníoctha ag IAA leis na scéimeanna agus bhí sé cothrom le €248,000 *(2022: €392,000)*.

# Nótaí (ar lean)

## 21 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta

### Príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta meastacháin agus breithiúnais a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar mhéideanna tuairiscithe sócmhainní agus dliteanas ag dáta na ráiteas airgeadais agus méideanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas i rith na tréimhse tuairiscithe.

Tá meastacháin agus breithiúnais bunaithe ar eispéireas stairiúil agus ar fhachtóirí eile atá réasúnach bunaithe ar an gcás i láthair na huaire. Ní gá go mbeadh na torthaí iarbhír cosúil leis na meastacháin seo má tá na toimhdí seo mícheart nó má fhorbraíonn coinníollacha seachas mar a rabhthas ag súil leo chun críocha a leithéid de mheastacháin. Is réimse criticiúil é seo a leanas a cheanglaíonn ar an bhfoireann bainistíochta meastacháin agus breithiúnais a dhéanamh.

### Foshuíomhanna pinsin

Is meastachán suntasach é luacháil na scéimeanna pinsin le sochar sainithe i ráitis airgeadais IAA. Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 20. Is é an foshuíomh lena mbaineann an éiginnteacht meastacháin is mó an ráta lascaine. Tá athbhreithniú agus measúnú déanta ag na stiúrthóirí ar na foshuíomhanna a rinne na hachtúirí gairmiúla neamhspleácha fad is a bhí measúnú á dhéanamh ar luach cóir na scéimeanna pinsin le sochar sainithe agus tá siad den tuairim go bhfuil siad réasúnach.

## 22 Diúscairt ghnóthas ANSP

De bhua Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993 ("Acht 1993"), go stairiúil, chuir IAA dhá phríomhfheidhm i gcrích thar ceann an Stáit, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar rialáil sábháilteachta don eitlíocht shibhialta agus feidhmeanna Soláthraí Seirbhíse Aerloingseoireachta ("ANSP") a chur ar fáil don eitlíocht shibhialta.

Go stairiúil, bhí dhá rannán ar leith in IAA a bhí freagrach as na feidhmeanna seo a chur i gcrích thar ceann an Stáit. Is í Stiúrthóireacht Rialála Sábháilteachta (SRD) IAA an chéad rannán atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rialáil sábháilteachta agus is é Soláthraí Seirbhíse Aerloingseoireachta IAA ("ANSP") an dara rannán atá freagrach as feidhm ANSP a sholáthar.

Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe i nóta 1, d'fhoráil achtú Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 (Acht 2022), d'aistriú Fheidhm ANSP chuig cuideachta Stáit nua-ionchorpraithe, Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann (AirNav na hÉireann). Ar an 1 Bealtaine 2023, an dáta a bhí ainmnithe ag an Aire Iompair mar an dáta dílsithe d'Acht 2022, d'aistrigh IAA Gnóthas ANSP agus na foirne gaolmhara go dtí AirNav na hÉireann.

Aistríodh Gnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann agus san áireamh san aistriú bhí na glansócmhainní, fostaithe agus conarthaí agus comhaontuithe gaolmhara ar fad Gnóthas ANSP lena n-áirítear scairshealbhú IASS in IAA North Atlantic Inc agus Entry Point North AB.

# Nótaí (ar lean)

## 22 Diúscairt ghnóthas ANSP (*ar lean*)

Aistríodh glansócmhainní Ghnóthas ANSP go dtí AirNav na hÉireann ag a luach anonn sonraithe i ráitis airgeadais na Cuideachta ar an 1 Bealtaine 2023. Tá eolas maidir leis na glansócmhainní a aistríodh le fáil sa tábla thíos.

De bhua Alt 19 d'Acht 2022, b'ionann an chomaoin d'éadáil Ghnóthas ANSP ón IAA agus 96 gnáthscair i scairchaipiteal de AirNav na hÉireann a bheith á heisiúint don Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Ó thaobh na Cuideachta de, bhí an chomaoin a fuarthas do dhiúscairt Ghnóthas ANSP cothrom le €Náid, dá bhrí sin, bhí cuntas déanta ar aistriú Ghnóthas ANSP mar dháileadh measta ón gCuideachta go dtí an Stát.

| | Luach anonn Ghnóthas ANSP amhail ar an 1 Bealtaine 2023 €'000 |
|---|---:|
| **Sócmhainní seasta** | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 101,904 |
| Sócmhainní airgeadais | 11,995 |
| Sócmhainn pinsin | 65,036 |
| | 178,935 |
| **Sócmhainní reatha** | |
| Féichiúnaithe | 147,135 |
| Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim | 63,840 |
| | 210,975 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | (32,195) |
| **Glansócmhainní reatha** | 178,780 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | 357,715 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin | (36,011) |
| **Foráil le haghaidh dliteanas** | |
| Oibleagáidí sochair scoir | (3,190) |
| Dliteanais chánach iarchurtha | (8,159) |
| **Glansócmhainní** | 310,355 |
| **Dáileadh measta** | 310,355 |

## 23 Éadáil CAR

Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe i nóta 1, d'fhoráil achtú Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 ("Acht 2022"), d'aistriú Fheidhm ANSP chuig cuideachta Stáit nua-ionchorpraithe, Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann.

Foráladh in Acht 2022 freisin do chumasc fheidhmeanna agus ghlansócmhainní an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, rialtóir eitlíochta eacnamaíche neamhspleách, agus go mbeadh rialtóir eitlíochta sibhialta náisiúnta amháin á bhunú ag IAA. Ar an 1 Bealtaine 2023, an dáta ainmnithe ag an Aire Iompair mar an dáta dílsithe d'Acht 2022, shealbhaigh IAA glansócmhainní, fostaithe agus gach conradh agus comhaontú gaolmhar de chuid an Choimisiún um Rialáil Eitlíochta ("CAR").

# Nótaí (ar lean)

## 23 Éadáil CAR (*ar lean*)

Tá cuntas déanta ag an gCuideachta d'éadáil oibríochtaí CAR trí úsáid a bhaint as an modh cuntasaíochta cumaisc. Is é an toradh a bhíonn ar an modh cuntasaíochta cumaisc go n-aistrítear sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí CAR ag a luachanna anonn i ráitis airgeadais an aistrithe ("CAR") nó díreach roimh an 1 Bealtaine 2023, gan aon choigeartú le haghaidh luachanna córa. Níor aistríodh aon chomaoin d'éadáil oibríochtaí CAR agus dá bhrí sin, tá coigeartú sainaitheanta go díreach i gcothromas, mar ranníocaíocht chaipitil, do mhéid atá cothrom le luach anonn na nglansócmhainní a sealbhaíodh de chuid an aistrithe.

San áireamh sa Ráiteas ar bhrabús agus caillteanas agus ioncam cuimsitheach eile tá idirbhearta ó oibríochtaí CAR a sealbhaíodh ón 1 Bealtaine 2023. Chuir an gnó ioncam luach €3.2 milliún ar fáil don ioncam don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023.

| | Luach anonn Oibríochtaí CAR amhail ar an 1 Bealtaine 2023 €'000 |
|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 496 |
| Sócmhainní pinsin sochair scoir | 371 |
| | 867 |
| **Sócmhainní reatha** | |
| Féichiúnaithe | 290 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 35,883 |
| Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim | 4,039 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | (37,579) |
| **Glansócmhainní reatha** | 2,633 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | 3,500 |
| **Foráil le haghaidh dliteanas** | |
| Oibleagáidí sochair scoir | (792) |
| **Glansócmhainní** | 2,708 |
| **Ranníocaíocht mheasta** | 2,708 |

## 24 Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhas suntasach eile a raibh tionchar aige ar an gCuideachta ón 31 Nollaig 2023, a d'éiligh coigeartú ar, nó nochtadh, sna ráitis airgeadais.

## 25 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 23 Aibreán 2024.

IAA

Foirgneamh 'The Times', 11-12 Sráid D'Olier,
Baile Átha Cliath 2, D02 T449 • www.iaa.ie